# Tíreolaíocht

# Ardteistiméireacht
# Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

# TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

**NA TREOIRLÍNTE SEO**

**CÍORADH AN TSIOLLABAIS**
*croí-aonaid, toghaonaid agus roghaonaid*

**AN tIMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA**
*céimeanna an imscrúdaithe*
*samplaí de thopaicí*
*treoir le haghaidh tuarascálacha a chomhlánú*

**MÚINEADH AN TSIOLLABAIS**
*idirdhealú*
*roghnú suíomhanna*
*pleananna dhá bhliain samplacha*

**MEASÚNACHT**
*critéir don imscrúdú tíreolaíochta*
*struchtúr na bpáipéar scrúdaithe*

**ACMHAINNÍ**
*pleananna ceachta*
*ábhair eiseamláire*

**MAR AON LE**
leideanna cabhracha,
fíorshamplaí,
cuid mhór rudaí eile...

# Clár


RÉAMHRÁ AR NA DRÉACHT-THREOIRLÍNTE 3

**1** CÍORADH AN TSIOLLABAIS 6

CROÍ-AONAID 8

TOGHAONAID 25

ROGHAONAID 32

**2** MEASÚNACHT 41

STRUCHTÚR AN PHÁIPÉIR SCRÚDAITHE 43

MEASÚNACHT AR AN TUARASCÁIL AR AN IMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA 43

BILEOG LOGA SHAMPLACH AGUS LEABHRÁN TUAIRISCITHE 45

MEASÚNACHT LE HAGHAIDH FOGHLAMA 53

**3** MÚINEADH AN TSIOLLABAIS 54

PLEANANNA DHÁ BHLIAIN SAMPLACHA 61

MÚINEADH LE HAGHAIDH TUISCEANA 70

**4** PLEANANNA CEACHTA SAMPLACHA 90

**5** ACMHAINNÍ 125

# Réamhrá ar na dréacht-threoirlínte

Gabhann na treoirlínte seo don mhúinteoir leis an siollabas tíreolaíochta leasaithe. Tá sé i gceist go dtabharfaidh siad léargas ginearálta ar gach aonad den siollabas leasaithe, go dtabharfaidh siad treoir ar an méad láimhseála atá ag teastáil, agus go dtabharfaidh siad samplaí de na modhanna múinteoireachta is féidir a chur i bhfeidhm.

Bhí an t-iarshiollabas tíreolaíochta don Ardteistiméireacht i bhfeidhm le breis agus fiche bliain. Sa tréimhse idir an dá linn, is iomaí athrú sóisialta agus polaitiúil a bhí ann ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tá forbairtí teicneolaíochta tar éis cur le cáilíocht imscrúdaithe tíreolaíochta agus léirmhínithe tíreolaíochta. Agus an coiste cúrsa ag ullmhú an tsiollabais úir, bhí beann acu ar riachtanais daoine óga atá ag fás aníos i sochaí atá faoi athrú.

## ATHRUITHE BÉIME SA SIOLLABAS LEASAITHE

Déanann an siollabas leasaithe

- réim agus damhna gach aonaid den siollabas a shainmhíniú
- struchtúr croí-aonad, toghaonad agus roghaonad a chur ar fáil ag an Ardleibhéal agus struchtúr croí-aonad agus toghaonad a chur ar fáil ag an nGnáthleibhéal
- fócas ar scileanna tíreolaíochta a thabhairt laistigh de gach aonad siollabais agus laistigh den chroí-aonad ar scileanna tíreolaíochta agus den aonad ar an imscrúdú.
- a chinntiú go gcuirfidh gach dalta, mar chuid den chroí-aonad, Imscrúdú Tíreolaíochta éigeantach i gcrích a chuirfear isteach le haghaidh measúnaithe mar chuid den scrúdú
- idirdhealú soiléir a chur ar fáil idir an tArdleibhéal agus an Gnáthleibhéal.
- a chinntiú go ndéanfaidh daltaí, ag an dá leibhéal, staidéar ar na bunchoincheapa tíreolaíochta laistigh de chroí-aonaid an tsiollabais agus go mbeidh deis acu speisialtóireacht is mó a dhéanamh laistigh de na toghaonaid agus de na roghaonaid
- a chinntiú go bhfuil leanúnachas soiléir ón tíreolaíocht don Teastas Sóisearach
- suíomhanna molta do thopaicí a chur ar fáil chomh maith le deis a thabhairt chun cúrsaí reatha agus sóisialta araon a úsáid de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn sa todhchaí.

Tá na treoirlínte roinnte ina gcúig rannán.

**Rannán 1 - Cíoradh an tSiollabais:** forbraíonn sí ar an doiciméad Siollabais agus tugann sí cur síos mionsonraithe ar na croí-aonaid, ar na toghaonaid agus ar na roghaonaid. Pléitear go domhain leis an Imscrúdú Tíreolaíochta sa roinn seo le treoracha mionsonraithe agus comhairle ar láimhseáil gach céime den imscrúdú.

**Rannán 2 – Measúnacht:** déanann sí cur síos ar mhodhanna measúnaithe lena n-áirítear an struchtúr atá molta don pháipéar scrúdaithe. Cuirtear bileog loga shamplach agus leabhrán tuairiscithe ar fáil chomh maith.

**Rannán 3 – Múineadh an tSiollabais:** cuireann sí cur chuige oideolaíoch don siollabas 'múineadh le haghaidh tuisceana' i láthair. Cuireann an roinn seo pleananna dhá bhliain samplacha ar fáil chun an cúrsa a thabhairt thar dhá bhliain an timthrialla shinsearaigh.

**Rannán 4 – Pleananna Ceachta Samplacha:** cuireann sí roinnt pleananna ceachta ar fáil bunaithe ar aonaid éagsúla den siollabas. Cuirtear acmhainní tacaíochta san áireamh chomh maith.

**Rannán 5 - Acmhainní:** áirítear liosta de threalamh úsáideach le haghaidh taighde tíreolaíochta allamuigh agus catalóg de phacáistí acmhainní, d'fhíseáin, de leabhair, d'irisleabhair, agus d'fhoinsí faisnéise idirlín.

## CUR CHUIGE CHUN MÚINTEOIREACHTA

Cuireann na *dréacht*-threoirlínte seo treoir shoiléir ar fáil do mhúinteoirí agus iad ag roghnú modhanna feiliúnacha múinteoireachta. Is iad na coincheapa bunúsacha le haghaidh mhúineadh an ábhair ná comhtháthú modhanna gníomhacha foghlama agus forbairt réimse scileanna tíreolaíochta.

Aithnítear go mbíonn cuid mhaith múinteoirí ag múineadh ranganna a bhfuil idir dhaltaí Ardleibhéil agus dhaltaí Gnáthleibhéil iontu. Ní mór pleanáil chúramach a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn gach aon dalta gníomhach ina chuid foghlama, go háirithe nuair is ar ábhar Ardleibhéil a bhíonn fócas na múinteoireachta sna Roghaonaid. Moltar go láidir modhanna foghlama gníomhaí a thacaíonn le foghlaim an duine aonair chomh maith le foghlaim i ngrúpa.

Leagtar béim i rith an ama ar a lárnaí atá foghlaim, úsáid agus cur i bhfeidhm scileanna tíreolaíochta d'eispéireas an dalta ar an gcúrsa Ardteistiméireachta sa tíreolaíocht. Ba cheart go leathfadh forbairt scileanna tíreolaíochta an múineadh agus an fhoghlaim amach thar gach aon ghné den siollabas, mar is cuí.

## IDIRDHEALÚ

Mar a léirítear sa doiciméad siollabais, tá an siollabas deartha le go ndéanfar é a mhúineadh ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Déantar na leibhéil a idirdhealú trí na **torthaí foghlama** atá leagtha amach ag tús gach aonaid sa doiciméad siollabais. Tá torthaí foghlama coiteanna ann don dá leibhéal agus torthaí foghlama breise ann do dhalta Ardleibhéil.

Beifear ag súil leis go léireoidh daltaí Ardleibhéil tuiscint níos fearr ar choincheapa agus cumas níos fearr i scileanna. Tá cuid den ábhar deartha do dhaltaí Ardleibhéil amháin, agus é mar dhualgas orthu staidéar a dhéanamh ar **cheann amháin** de na roghaonaid.

## SOCRÚ AMCHLÁIR

Tá an siollabas deartha le go mbeidh 180 uair an chloig de theagmháil ann leis an rang (arb ionann é agus 270 de thréimhsí ranga 40 nóiméad nó cúig thréimhse ranga in aghaidh na seachtaine). Molann na treoirlínte go gcuirfear méid faoi leith de thréimhsí ranga ar leataobh do gach aon aonad den siollabas. Is leis an tsonraíocht seo neastachán a thabhairt ar an méid ama a bheidh ag teastáil. Moltar do mhúinteoirí déanamh de réir a gcomhairle féin agus iad ag leagan amach tréimhsí do ghnéithe éagsúla an tsiollabais.

Ní cuspóir do na treoirlínte seo freagra a thabhairt ar gach ceist a bheadh le machnamh ag múinteoirí agus iad ag pleanáil le haghaidh chur i bhfeidhm an tsiollabais leasaithe tíreolaíochta. Tríd an damhna a chruthú, trí mhodhanna feiliúnacha oibre a chur i láthair, trí chleachtaí samplacha a thabhairt agus trí eolas a thabhairt i dtaobh acmhainní úsáideacha ba ea ba cheart go gcuideoidh na treoirlínte seo go mór le cur i bhfeidhm an tsiollabais leasaithe agus go gcuideoidh siad le cáilíocht na múinteoireachta agus na foghlama sa Tíreolaíocht a fheabhsú inár gcuid scoileanna.

# Rannán a haon Cíoradh an tsiollabais



# 1. CÍORADH AN TSIOLLABAIS

## STRUCHTÚR AN TSIOLLABAIS

Tá struchtúr croí-aonad, toghaonad agus roghaonad ag an siollabas tíreolaíochta leasaithe don Ardteistiméireacht.

## STRUCHTÚR AN TSIOLLABAIS

## TRÍ CHROÍ-AONAD

**AONAD 1** **PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**AONAD 2** **AN TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**AONAD 3** **AN tIMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA AGUS SCILEANNA TÍREOLAÍOCHTA**

## DHÁ THOGHAONAD

**ROGHNAIGH CEANN AMHÁIN**

**TOGHAONAD 4** **PATRÚIN AGUS PRÓISIS I NGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Nó**

**TOGHAONAD 5** **PATRÚIN AGUS PRÓISIS I GCOMHSHAOL AN DUINE**

## CEITHRE ROGHAONAD

**(Daltaí Ardleibhéil amháin)**

**ROGHNAIGH CEANN AMHÁIN**

**ROGHAONAD 6** **AN tIDIRSPLEÁCHAS DOMHANDA**

**Nó**

**ROGHAONAD 7** **GEO-ÉICEOLAÍOCHT**

**Nó**

**ROGHAONAD 8** **CULTÚR AGUS IONANNAS**

**Nó**

**ROGHAONAD 9** **AN COMHSHAOL ATMAISFÉIR-AIGÉIN**

# CROÍ-AONAD 1

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

Is é is cuspóir do Chroí-Aonad 1 uirlis úsáideach a chur ar fáil trínar féidir le daltaí agus le múinteoirí an tírdhreach fisiceach a thuiscint agus a léirmhíniú. Go traidisiúnta, dhírigh múinteoirí isteach go príomha ar fhorbairt tírghnéithe, gan an oiread céanna airde a thabhairt ar oibriú próiseas fisiceach ar scálaí domhanda agus áitiúla . Tá cur chuige comhtháite ag an siollabas seo a chuireann forbairtí sna domhaneolaíochtaí san áireamh. Tá bunús láidir ag an gcur chuige seo sa teicteonaic phlátaí, ábhar a chuireann eolas fáil do gach aon ghné den tíreolaíocht fhisiceach.

Tá an t-aonad seo leagtha amach de réir seacht ráiteas agus iad curtha in ord loighciúil. Cuireann an cur chuige seo uirlis smaointeoireachta ar fáil chun an tírdhreach fisiceach a léirmhíniú ar réimse scálaí agus leibhéal in ionad bheith ag díriú isteach ar dhamhna ná ar fhoghlaim fíricí.

Leagann an t-aonad seo béim shonraíoch ar idirghníomhaíocht an duine le hoibriú na bpróiseas fisiceach sa chomhshaol. Tugtar aird shonraíoch chomh maith ar idirghníomhaíocht an duine leis an timthriall carraigeacha agus ar thionchar ghníomhaíochtaí an duine ar phróisis dromchla.

| Uimhir Ráitis | Ráiteas | Tréimhsí Ranga: 40 nóiméad ar fhad. |
|---|---|---|
| **1.1** | **An Timthriall Teicteonach:** Cruthaíonn soghluaisteacht screamh an domhain fórsaí ingineacha, a n-éiríonn struchtúir tíreolaíochta laistigh di. Déantar struchtúir screimhe a chruthú, a mhodhnú agus a scriosadh mar chuid den timthriall teicteonach. | **10 dTréimhse Ranga (Al agus GL)** |
| **1.2** | **An Timthriall Carraigeacha:** Déantar carraigeacha a fhoirmiú, a mhodhnú, a scriosadh agus a athbhunú go leanúnach mar chuid den timthriall carraigeacha. Fórsaí ingineacha a dhéanann iad a fhoirmiú agus a mhodhnú; fórsaí eisigineacha creimthe a dhéanann iad a scriosadh ar nochtadh don aimsir agus don aeráid dóibh; déanann sil-leagan an dríodair iad a athbhunú. | **10 dTréimhse Ranga (Al agus GL)** |
| **1.3** | **Forbairt Tírghnéithe (i):** Imríonn struchtúir gheolaíocha ar toradh iad ar oibriú an timthrialla theicteonaigh tionchar ar fhorbairt tírghnéithe. | **8 dTréimhse Ranga (Al agus GL)** |
| **1.4** | **Forbairt Tírghnéithe (ii):** Imríonn saintréithe carraigeacha ar toradh iad ar oibriú an timthrialla carraigeacha tionchar ar fhorbairt tírghnéithe. | **8 dTréimhse Ranga (Al agus GL)** |
| **1.5** | **Forbairt Tírghnéithe (iii):** Imríonn próisis dromchla (eisigineacha) arbh fhéidir a mbeadh éagsúlacht (spásúil agus shealadach araon) ag baint leo ina ndéine agus i minicíocht a n-oibrithe tionchar ar fhorbairt tírghnéithe. | **20 Tréimhse Ranga (Al agus GL)** |
| **1.6** | **Forbairt Tírghnéithe (iv):** Is léiriú í gach aon tírghné ar | **6 Thréimhse Ranga (Al agus GL)** |

| | | |
|---|---|---|
| **1.7** | chothromaíocht idir fórsaí ingineacha agus eisigineacha; athraíonn an chothromaíocht seo le himeacht ama.<br><br>**Idirghníomhaíocht an Duine:** Is féidir le gníomhaíochtaí an duine tionchar a imirt ar oibriú na bpróiseas dromchla. | **5 Thréimhse Ranga (Al agus GL)** |
| | | **67 Tréimhse ranga san iomlán (AL agus GL)** |

Cuireann **Ráiteas 1.1** an timthriall teicteonach i láthair. Míníonn an timthriall teicteonach an chaoi a ndéantar struchtúir dhomhanda dála phlátaí screamh an domhain a chruthú, a athrú agus a scriosadh, agus tá sé lárnach dár dtuiscint ar fhoirmiú carraigeacha agus ar athrú thar am agus spás. Déanfaidh daltaí cíoradh ar struchtúr inmheánach an domhain, ar shamhail na teicteonaice plátaí agus ar oibriú próiseas ag teorainneacha plátaí. Mar atá i ngach aonad den siollabas, tá suíomhanna náisiúnta agus idirnáisiúnta molta. Tá cead a gcinn ag múinteoirí agus ag daltaí na suíomhanna seo a úsáid nó na ráitis siollabais a chur i bhfeidhm in aon suíomh eile atá feiliúnach.

Cuireann **Ráiteas 1.2** an timthriall carraigeacha i láthair. Pléann an timthriall carraigeacha leis an gcaoi a ndéanann an iomad próiseas éagsúil carraigeacha a fhoirmiú, a athrú, a scriosadh agus a athbhunú go leanúnach. Is idirghníomhaíocht na próisis seo idir fórsaí inmheánacha (ingineacha) na teicteonaice plátaí agus fórsaí seachtracha (eigineacha) an chreimthe agus an tsíonchaithimh. Athdhéantar an dríodar atá mar thoradh ar na próisis seo chun carraigeacha nua a fhoirmiú. Iarrtar ar dhaltaí díriú isteach ar idirghníomhaíocht an duine leis an timthriall carraigeacha freisin. Tugtar de rogha dóibh staidéar a dhéanamh ar cheann amháin de na ceithre ghné seo den idirghníomhaíocht leis an timthriall carraigeacha : mianadóireacht, astarraingt ábhar foirgníochta, taiscéalaíocht ola nó gáis, nó táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

Déanann **Ráiteas 1.3** staidéar ar thírghnéithe a n-imríonn oibriú an timthrialla theicteonaigh tionchar orthu. Déanfaidh daltaí staidéar ar ghníomhaíocht bholcánach, ar phróisis dhríodracha agus ar an tionchar a bhíonn ag filleadh, éascadh agus cruinneachánú.

Pléann **Ráiteas 1.4** leis na tírghnéithe sin a mbíonn tionchar ag an timthriall carraigeacha orthu. Déanfaidh daltaí scrúdú ar thírghnéithe a bhfuil baint acu le cineálacha carraigeacha ar leith agus déanfaidh siad cíoradh ar thionchar cineálacha carraigeacha ar leith ar an tírdhreach fisiceach.

Déanann **Ráiteas 1.5** cíoradh ar fhorbairt tírghnéithe bunaithe ar phróisis dromchla. Beifear ag súil leis go ndéanfaidh daltaí staidéar ar gach próiseas ar an liosta, is é sin, go mbeidh tuiscint ghinearálta acu ar na próisis, go mbeidh taithí acu ar an téarmaíocht, agus go mbeidh siad ábalta na tírghnéithe comhthorthacha a aithint i léaráidí, i léarscáileanna agus i bhfótagraif Mar bhreis air sin, tá sé de dhualgas ar dhaltaí scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar cheann amháin de na próisis. Tá próisis ollghluaiseachta, dobharphróisis, próisis chósta agus próisis oighreacha ar an liosta staidéir.

Pléann **Ráiteas 1.6** leis an gcothromaíocht idir fórsaí inmheánacha agus seachtracha i dtaca le forbairt tírghnéithe. Léiríonn an rannán seo an chaoi ar toradh iad na tírghnéithe ar chuingir d'ardú screimhe agus de lomairt screimhe trí phróisis dromchla thar am agus spás araon.

Cíorann **Ráiteas 1.7** an chaoi a bhféadann gníomhaíochtaí an duine tionchar a imirt ar na próisis dromchla a bhfuil staidéar orthu cheana féin. Féadann daltaí staidéar a roghnú ar thionchar ghníomhaíochtaí an duine ar phróisis ollghluaiseachta, ar phróisis aibhneacha nó ar phróisis chósta.

Is athrú é an cur chuige i dtaca le patrúin agus próisis ar an gcleachtas atá ann faoi láthair sa chaoi go bhfuil an fócas a bheag nó a mhór ar fhorbairt tírghnéithe. Cuireann an t-aonad seo forbairt tírghnéithe laistigh de dhá bhloc chúplacha an timthrialla carraigeacha agus an timthrialla theicteonaigh. Cé gur staidéar ar fhorbairt tírghnéithe is príomhábhar don aonad seo, tá an bhéim ar phróisis in áit bheith ar chur síos ar thírghnéithe críochtháirge. Cothóidh an cur chuige nua seo tuiscint níos doimhne ar an ngeomoirfeolaíocht sna daltaí.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Tugann an siollabas seo breac-chuntas ar thorthaí foghlama mionsonraithe do dhaltaí idir Ghnáthleibhéil agus Ardleibhéil atá ag déanamh staidéir ar an aonad seo.

Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an aonad seo do dhaltaí Gnáthleibhéil, ba cheart go mbeadh

- eolas bunúsach acu ar theoiric na teicteonaice plátaí
- tuiscint acu ar phróisis an fhoirmithe carraigeacha, an tsíonchaithimh agus an chreimthe
- tuiscint acu ar phróisis na forbartha tírghnéithe
- tuiscint acu ar an gcaoi a bhféadann gníomhaíochtaí an duine dul i bhfeidhm ar na próisis seo.

Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an aonad seo do dhaltaí Ardleibhéil, ba cheart go mbeadh

- tuiscint dhomhain acu ar theoiric na teicteonaice plátaí
- siad ábalta léiriú a thabhairt ar an gcaoi a ndéantar struchtúir screimhe a chruthú, a mhodhnú agus a scriosadh tríd an timthriall teicteonach.
- siad ábalta míniú a thabhairt ar phróiseas leanúnach fhoirmiú, athrú agus scrios na gcarraigeacha
- siad ábalta léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhforbraíonn tírghnéithe as an gcothromaíocht idir fórsaí ingineacha (inmheánacha) agus fórsaí eisigineacha (seachtracha)
- ábalta measúnú a dhéanamh ar thionchar ghníomhaíocht an duine ar oibriú na bpróiseas fisiceach ar an tírdhreach.

## SCILEANNA TÍREOLAÍOCHTA

Tá múineadh scileanna le comhtháthú i ngach aon ghné den siollabas mar is cuí. Tá breac-chuntas ar na scileanna tíreolaíochta seo i gCroí-Aonad 3 den siollabas.

Ba cheart na scileanna seo a leanas a úsáid agus a chur i bhfeidhm ar staidéar Chroí-Aonad 3 mar is cuí.

- léirléamh léarscáileanna

- léirmhíniú fíoracha
- anailís ar fhótagraif
- anailís staitistiúil
- tarraingt fíoracha
- teicneolaíocht faisnéise

**AM MÚINTEOIREACHTA**

25% den am múinteoireachta atá sa chroí-aonad seo agus ba cheart go ndéanfaí é a mhúineadh ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal laistigh de 45 uair an chloig nó laistigh de 67 tréimhse ranga 40 nóiméad ar fhad.

# CROÍ-AONAD 2

## AN TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

Tugann an tíreolaíocht réigiúnach deis do dhaltaí patrúin agus próisis an chomhshaoil fhisicigh agus patrúin agus próisis chomhshaol an duine a shuíomh i réigiúin ar leith. Féadann an dalta dreach fíorúil na bpatrún sin a ndéantar staidéar orthu a fheiceáil in áit fhíorúil. Cuirfidh sé seo ar chumas an dalta tuiscint a bheith aige ar na hidirghaolmhaireachtaí casta atá ann idir an comhshaol fisiceach, daonna, geilleagrach agus cultúrtha thar réimse réigiún.

Tá cur chuige an aonaid seo i dtaca le staidéar ar réigiúin ag cur leis an gcleachtas atá ann faoi láthair. Cíorann an t-aonad réigiúin ar réimse scálaí in áit bheith dírithe ar staidéar a dhéanamh ar liosta tíortha. Agus staidéar déanta ag daltaí agus ag múinteoirí ar choincheap an réigiúin déanfaidh siad staidéar ar chúig réigiún. Roghnóidh daltaí dhá réigiún chontrártha de chuid na hÉireann le staidéar a dhéanamh orthu. Leanfar air seo le staidéar ar dhá réigiún chontrártha de chuid na hEorpa. Roghnófar na réigiúin seo as Críoch Lochlainn, as Iarthar/Lár na hEorpa lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe nó as réigiún na Meánmhara. Ní mór do dhaltaí ansin staidéar a dhéanamh ar aon réigiún ilchríche nó fo-ilchríche amháin dá rogha féin.  Cíorfaidh daltaí castacht réigiún chomh maith.

Tá an t-aonad struchtúrtha ina thrí theideal:

- **Coincheap an Réigiúin**
- **Dinimic Réigiún**
- **Castacht Réigiún (i) agus Castacht Réigiún (ii).**

| **Uimhir Ráitis** | **Ráiteas** | **Tréimhsí Ranga: 40 nóiméad ar fhad don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal** |
|---|---|---|
| **2.1 Coincheap an Réigiúin** | Is é atá i réigiún réimse de dhromchla na cruinne, is féidir a shainaithint de réir | **10 dTréimhse Ranga (AL)** |

| | | |
|---|---|---|
| | critéar roghnaithe agus iad siúd ar obair ar scálaí éagsúla. Is féidir séan aonair nó ilséana a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar na réigiúin sin. | **10 dTréimhse Ranga (GL)** |
| **2.2 Dinimic Réigiún** | Léiríonn an staidéar ar réigiúin an chaoi a n-idirghníomhaíonn próisis eacnamaíochta, próisis an duine, agus próisis fhisiceacha i limistéar ar leith. | |
| **Réigiún na hÉireann** | Staidéar a dhéanamh ar dhá réigiún contrártha de chuid na hÉireann. | **10 dTréimhse Ranga (AL)**<br>**15 Thréimhse Ranga (GL)** |
| **Réigiún na hEorpa** | Dhá réigiún contrártha de chuid na hEorpa. Aon réigiún amháin as Críoch Lochlainn agus/nó aon réigiún amháin as Iarthar/Lár na hEorpa lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe nó aon réigiún amháin as ceantar na Meánmhara. | **16 Thréimhse Ranga (AL)**<br>**20 Tréimhse Ranga (GL)** |
| **Réigiúin ilchríche nó Réigiúin Fho-ilchríche** | Aon Réigiún ilchríche amháin nó aon Réigiún Fo-ilchríche amháin | **10 dTréimhse Ranga (AL)**<br>**12 Thréimhse Ranga (GL)** |
| 2.3 **Castacht Réigiún (i)** | Léiríonn an staidéar ar réigiúin castacht thíreolaíoch na hidirghníomhaíochta idir próisis eacnamaíochta, chultúrtha agus fhisiceacha. | **4 Thréimhse Ranga (AL)**<br>**5 Thréimhse Ranga (GL)** |
| 2.4 **Castacht Réigiún (ii)** | Féadfaidh teorainneacha agus fairsinge réigiún athrú le himeacht ama. | **4 Thréimhse Ranga (AL)**<br>**5 Thréimhse Ranga (GL)** |
| | | **54 Tréimhse Ranga san iomlán (Ardleibhéal)**<br>**67 Tréimhse Ranga san iomlán (Gnáthleibhéal)** |

Cuireann **Ráiteas 2.1** coincheap an réigiúin i láthair. Leagtar an bhéim anseo ar léiriú a thabhairt ar an gcaoi a maireann réigiúin de réir réimse scálaí agus séan. Cuirfear réigiúin fhisiceacha, riaracháin, chultúrtha, socheacnamaíochta, agus nódacha i láthair daltaí.

Pléann **Ráiteas 2.2** leis an staidéar ar na cúig réigiún atá roghnaithe. Déanfaidh daltaí staidéar ar phróisis fhisiceacha, ar phróisis eacnamaíochta agus ar phróisis an duine i ngach ceann acu. Tá an bhéim anseo ar réigiúin in áit bheith ar theorainneacha náisiúnta tíortha. Féadann na réigiúin seo teorainneacha náisiúnta a thrasnú, mar shampla, i gcás staidéir ar Thír na mBascach nó ar an Laplainn. Ní mór do dhaltaí dhá réigiún de chuid na hÉireann, dhá réigiún de chuid na hEorpa agus aon réigiún ilchríche nó fo-ilchríche a roghnú. Is ar oibriú próiseas fisiceach, próiseas eacnamaíochta agus próiseas an duine i ngach réigiún a bheidh fócas an staidéir. Ba cheart go

bhfaighidh daltaí tuiscint ar charachtar an réigiúin agus go mbeidh siad ábalta na saintréithe a dhealaíonn ó réigiúin eile é a aithint.

Tarraingíonn **Ráiteas 2.3** aird na ndaltaí ar chastacht réigiún. Tá an fócas ar an idirghníomhaíocht idir teorainneacha polaitiúla agus gníomhaíochtaí cultúrtha nó geilleagracha ar féidir léi bheith deacair in amanna. Tá an fócas chomh maith ar An Aontas Eorpach mar réigiún agus cíorann sé saincheisteanna a bhaineann le haontacht pholaitiúil agus le flaitheas.

Cíorann **Ráiteas 2.4** fairsinge an athraithe laistigh de réigiúin agus na saintréithe a bhaineann leo. Tá an fócas ar athruithe i réigiúin chathracha agus i réigiúin theangeolaíocha agus chultúrtha.

## AN TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH AGUS SUÍOMHANNA LAISTIGH DEN SIOLLABAS

Tá ról maighdeogach ag an tíreolaíocht réigiúnach laistigh de struchtúr an tsiollabais. Déanfaidh gach dalta staidéar air mar Chroí-Aonad. Táthar ag súil leis go mbainfidh múinteoirí úsáid as na réigiúin a roghnóidh siad mar shuíomh, nuair is cuí, d'aonaid eile staidéir, bíodh siad ina gcroí-aonaid, ina dtoghaonaid nó ina roghaonaid. Ar an gcaoi seo, cuideoidh an tíreolaíocht réigiúnach le comhtháthú gach aonaid den siollabas. Laghdóidh sé chomh maith ar an am múinteoireachta a bheidh de dhíth agus na réigiúin sin ina suíomhanna náisiúnta agus idirnáisiúnta do na haonaid eile staidéir a roghnófar. Is féidir a mhó a dhéanamh den nascadh trí na réigiúin Éireannacha a roghnú go cúramach. Mar shampla, is féidir go roghnóidh an dalta agus an múinteoir réigiún Dheisceart agus Oirthear na hÉireann mar réigiún amháin agus réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair mar cheann eile le staidéar a dhéanamh orthu. Is é an chaoi is fearr le dul i mbun an aonaid seo ná na topaicí is suntasaí ó Chroí-Aonad 1 agus ón toghaonad a roghnófar a ghlacadh agus staidéar a dhéanamh orthu i dtaca leis an dá réigiún seo de. D'fhéadfaí, laistigh de Chroí-Aonad 1, Sléibhte Chill Mhantáin a úsáid i dtaca le ráiteas 1.2 agus 1.3 agus 1.4. Ar an gcuma chéanna is féidir na próisis dromchla a bhfuil staidéar le déanamh orthu i ráiteas 1.5 a chur i bhfeidhm ar an dá réigiún.

Is féidir naisc mhionsonraithe chosúla agus naisc níos soiléire a dhéanamh leis na ráitis agus leis na suíomhanna i dToghaonad 4 nó 5. Is féidir na topaicí seo le haghaidh staidéir a chur i bhfeidhm, mar is cuí, ar réigiúin ar leith in Éirinn nó san Eoraip.

Ag an Ardleibhéal ba cheart go bhféadfaí an Roghaonad staidéir a roghnófar a chur i bhfeidhm ar na réigiúin seo. Cé go bhfuil tréith réigiúnach ag gach ceann de na ceithre roghaonad, d'fhéadfaí réigiúin ilchríche ar leith a roghnú agus é i gceist staidéar a dhéanamh ar Thoghaonad 6,7 nó 8 . Is fearr a léirítear an cur chuige seo sna pleananna dhá bhliain shamplacha atá i Roinn 3 den siollabas seo.

Go hachomair, is féidir na réigiúin a roghnófar le haghaidh staidéir i gCroí-Aonad 2 a úsáid chun cur chuige níos dírí agus níos comhtháite a éascú sna haonaid eile den siollabas.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Tugann an siollabas seo breac-chuntas ar thorthaí foghlama mionsonraithe do dhaltaí Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil atá ag déanamh staidéir ar an aonad seo.

### Gnáthleibhéal

Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an aonad seo do dhaltaí Gnáthleibhéil, ba cheart go mbeadh

- tuiscint acu ar idé an réigiúin mar a dhéantar é a aithint trí chritéir a roghnú
- siad ábalta léiriú a thabhairt ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn próisis fhisiceacha, próisis eacnamaíochta agus próisis an duine laistigh de réigiúin in Éirinn, san Eoraip, agus in aon réigiún ilchríche/fo-ilchríche amháin
- tuiscint acu ar an gcaoi ar féidir le fairsinge agus le teorainneacha réigiún athrú
- siad ábalta na scileanna, a bhfuil liosta déanta díobh thíos, a úsáid, nuair is cuí, sa staidéar ar réigiúin.

## Ardleibhéal

Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an aonad seo do dhaltaí Ardleibhéil, ba cheart go mbeadh

- siad ábalta míniú a thabhairt ar choincheap an réigiúin mar a dhéantar é a aithint trí chritéir a roghnú
- tuiscint acu ar idirghníomhaíocht próiseas fisiceach, próiseas eacnamaíochta agus phróisis an duine i réigiúin de chuid na hÉireann agus i réigiúin de chuid na hEorpa agus in aon réigiún ilchríche/fo-ilchríche amháin
- siad ábalta measúnú a dhéanamh ar chastacht na hidirghníomhaíochta seo agus ar an gcaoi ar féidir le teorainneacha agus fairsinge réigiún athrú
- siad ábalta na scileanna, a bhfuil liosta déanta díobh thuas, a úsáid, nuair is cuí, chun léirmhíniú a thabhairt ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn próisis eacnamaíochta, próisis fhisiceach agus próisis an duine i suíomh réigiúnach.

## SCILEANNA TÍREOLAÍOCHTA

Tá múineadh scileanna le comhtháthú i ngach aon ghné den siollabas mar is cuí. Tá breac-chuntas ar na scileanna tíreolaíochta seo i gCroí-Aonad 3 den siollabas. Ba cheart na scileanna seo a leanas a úsáid agus a chur i bhfeidhm ar staidéar Chroí-Aonad 2 mar is cuí:

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís staitistiúil
- tarraingt fíoracha
- teicneolaíocht faisnéise

## AM MÚINTEOIREACHTA

20% den am múinteoireachta atá sa Chroí-Aonad seo ag an Ardleibhéal agus ba cheart go ndéanfaí é a mhúineadh laistigh de 36 uair an chloig nó laistigh de 54 tréimhse ranga 40 nóiméad ar fhad. 25% den am múinteoireachta atá san aonad seo ag an nGnáthleibhéal agus ba cheart go ndéanfaí é a mhúineadh laistigh de 45 uair an chloig nó laistigh de 67 tréimhse ranga 40 nóiméad ar fhad.

# CROÍ-AONAD 3

### AONAD SCILEANNA TÍREOLAÍOCHTA AGUS IMSCRÚDAITHE TÍREOLAÍOCHTA

Déanfar inniúlacht daltaí i gcur i bhfeidhm agus in úsáid scileanna tíreolaíochta a mheasúnú le scrúdú scríofa ceann cúrsa agus leis an Imscrúdú Tíreolaíochta.  Tá liosta déanta de na croí-scileanna tíreolaíochta i gCroí-Aonad 3.

Do gach dalta, ba cheart go ndéanfaí múineadh na scileanna seo a chomhtháthú le múineadh na gCroí-Aonad, na dToghaonad agus na Roghaonad mar is cuí. Bainfear úsáid as na croí-scileanna tíreolaíochta agus cuirfear i bhfeidhm iad freisin in ullmhú an Imscrúdaithe Tíreolaíochta. Is sa struchtúr seo is mó a bheifear ag súil le daltaí a n-inniúlacht a léiriú in úsáid réimse leathan scileanna atá feiliúnach don imscrúdú atá roghnaithe acu.  Ba cheart go léireofaí an inniúlacht seo go soiléir i gcéim 2, 3, agus 4 de phróiseas an imscrúdaithe. Tá foghlaim, úsáid agus cur i bhfeidhm scileanna tíreolaíochta lárnach d’eispéireas an dalta ar an gcúrsa Ardteistiméireachta sa Tíreolaíocht.

## LÉIRLÉAMH LÉARSCÁILEANNA AGUS AERFÓTAGRAF

Is bunscileanna tíreolaíochta iad léirléamh léarscáileanna agus aerfótagraif is féidir a úsáid agus a chur i bhfeidhm i réimse leathan de dhamhna an tsiollabais. Cé go mbainfear úsáid go fóill as léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis 1;50,000, beifear ag súil leis go mbainfidh daltaí úsáid as léarscáileanna ar scálaí éagsúla nuair is cuí. Ba cheart go mbeadh gach dalta ábalta úsáid agus feidhm a bhaint as na coincheapa spásúla a ghabhann leis na nithe seo a leanas:

- córais chomhordanáidí (domhanleithead agus domhanfhad)
- tagairtí eangaí
- scála, achar, agus treo
- airde agus fána
- sracléarscáileanna
- aithint siombailí
- trasghearrthacha
- aithint patrún
- léarscáiliú staitistiúil
- dearbhshuíomh agus suíomh coibhneasta, agus úsáid á baint as léarscáileanna agus as aerfótagraif.

## ÍOMHÁNNNA SATAILÍTE

Tá úsáid agus cur i bhfeidhm íomhánna satailíte mar bhreis ar na scileanna tíreolaíochta a éilíonn an siollabas. Is féidir íomhánna satailíte a úsáid le léirléamh a dhéanamh ar éagsúlacht patrún agus próiseas lena n-áirítear réamhaisnéis na haimsire, úsáid talún, agus sraoilleáil uirbeach. Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta íomhánna satailíte a úsáid agus iad ag cíoradh limistéir mhóra den tírdhreach fisiceach agus cultúrtha. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh na daltaí cur síos ar íomhánna satailíte, agus go mbainfidh siad úsáid astu, sa staidéar ar dhamhna na gcroí-aonad agus na dtoghaonad.

## LÉIRMHÍNIÚ FÍORACHA

Ba cheart go mbeadh tuiscint ag daltaí ar fhaisnéis i bhfoirm fíoracha, graf, agus táblaí, agus go mbeadh siad ábalta anailís agus measúnacht a dhéanamh orthu. Is féidir an fhaisnéis seo i bhfoirm fíoracha a chur i bhfeidhm i ngach cuid den siollabas, agus tá sé úsáideach agus na torthaí san Imscrúdú Tíreolaíochta á gcur i láthair.

## SONRAÍ DAONÁIRIMH

Is scil tíreolaíochta luachmhar eile léirléamh sonraí daonáirimh.  Ba cheart go ndéanfadh na daltaí staidéar ar an tuairisceán daonáirimh is déanaí ar Éirinn agus ba cheart go mbeadh siad ábalta úsáid a bhaint as réimse faisnéise daonáirimh chun staidéar a dhéanamh ar struchtúr déimeagrafach an daonra. Ba cheart go ndéanfadh daltaí staidéar ar fhaisnéis daonáirimh atá foilsithe agus go dtuigfeadh siad treochtaí daonra ina gceantar áitiúil féin. Is féidir ábhair dhaonáirimh agus staitisticí daonra a úsáid agus a chur i bhfeidhm mar bhunfhoinsí nó mar fhoinsí tánaisteacha san Imscrúdú Tíreolaíochta.

## LÉARSCÁILEANNA AIMSIRE AGUS SONRAÍ AIMSIRE

Ar chríochnú an aonaid seo, ba cheart go mbeadh an inniúlacht bhunúsach i ndaltaí léarscáil shimplí aimsire a léamh agus a léirléamh.  Is scil bhunúsach don saol atá ann seo. Ba cheart go mbeadh daltaí eolach ar léarscáileanna laethúla aimsire, ar an bhfaisnéis a thugtar agus ar na siombailí a úsáidtear. Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta tuairiscí aimsire na meán a thuiscint agus léirléamh a dhéanamh ar léarscáileanna aimsire sionoptacha.

## FOINSÍ TÉACSACHA

Ba cheart gur chuid shuntasach den ábhar a bhaileofaí laistigh den Imscrúdú Tíreolaíochta iad foinsí tánaisteacha. Ba cheart go mbeadh tuiscint ag daltaí, agus nuair is féidir, go mbainfidh siad úsáid as réimse foinsí téacsacha agus tánaisteacha faisnéise, i dtaca lena n-imscrúdú tíreolaíochta go háirithe. Is féidir go mbeadh na foinsí seo a leanas san áireamh sna foinsí téacsacha: leabhair, tuarascálacha, eolairí, doiciméid taighde, léarscáileanna lena n-áirítear léarscáileanna stairiúla, agus réimse leathan foinsí leictreonacha. Ba cheart go mbeadh daltaí eolach ar an gcaoi a n-úsáidtear agus a n-aithnítear na foinsí seo.

## DON ARDLEIBHÉAL AMHÁIN

### Córais Gheografacha Fhaisnéise (GIS)

Is féidir an GIS, mar shainuirlis imscrúdaithe, a úsáid le foinsí sonraí a thabhairt le chéile agus staidéar á dhéanamh ar limistéar nó ar fhadhbanna tíreolaíochta faoi leith. Chun an GIS a úsáid go héifeachtach, tá réimse leathan crua-earraí agus bogearraí ríomhaireachta ag teastáil. Sa todhchaí, is féidir go mbeadh sé ar acmhainn ag scoileanna an GIS a úsáid le ceisteanna a eascróidh ó aonaid an tsiollabais nó ón Imscrúdú Tíreolaíochta a chíoradh agus a réiteach. Ba cheart go mbeadh fios ag daltaí ar úsáid an GIS sa staidéar ar cheann amháin acu seo a leanas:

- úsáid aerfótagraf, ábhair dhaonáirimh agus léarscáileanna sa staidéar ar shraoilleáil uirbeach
- úsáid íomhánna satailíte agus faisnéise staitistiúla sa staidéar ar athrú talamhúsáide talmhaíochta
- úsáid aerfótagraf, léarscáileanna agus faisnéise staitistiúla sa staidéar ar fhorbairt foraoiseacha
- úsáid léarscáileanna, aerfótagraf agus thaifead na séadchomharthaí agus na n-áiteanna sa staidéar ar scriosadh láithreacha seandálaíochta.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Tugann an siollabas seo breac-chuntas ar thorthaí foghlama mionsonraithe do dhaltaí Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil atá ag déanamh staidéir ar an aonad seo.

### Torthaí: Gnáthleibhéal

Ar chríochnú an chroí-aonaid seo, ba cheart go mbeadh daltaí ábalta:

- na scileanna, a bhfuil tagairt déanta díobh, a thuiscint agus a úsáid
- oibriú trí na sainchéimeanna d’imscrúdú tíreolaíochta
- anailís ar staitisticí agus teicneolaíocht faisnéise a úsáid chun buntorthaí agus conclúidí a léirmhíniú
- cuid de na scileanna tíreolaíochta, a bhfuil liosta déanta díobh, nó iad go léir, a chur i bhfeidhm chun imscrúdú tíreolaíochta a chur i gcrích
- taithí a fháil, nuair is féidir, ar dhálaí a bheadh ar aon dul le dálaí fostaíochta.

## Torthaí: Ardleibhéal

Ar chríochnú an chroí-aonaid seo, ba cheart go mbeadh daltaí ábalta

- na scileanna, a bhfuil liosta déanta díobh, a úsáid agus a chur i bhfeidhm chun imscrúdú tíreolaíochta a chur i gcrích
- oibriú trí na sainchéimeanna d'imscrúdú tíreolaíochta
- anailís ar staitisticí agus teicneolaíocht faisnéise a úsáid chun buntorthaí agus conclúidí a léirmhíniú
- anailís agus measúnú a dhéanamh ar a n-obair agus comparáidí a dhéanamh le staidéir eile
- taithí a fháil, nuair is féidir, ar dhálaí a bheadh ar aon dul le dálaí fostaíochta.

### AM MÚINTEOIREACHTA

Ag an Ardleibhéal ba cheart go gcríochnódh daltaí a bhfoghlaim agus a gcleachtadh ar na scileanna tíreolaíochta, a bhfuil liosta déanta díobh, chomh maith lena n-imscrúdú tíreolaíochta laistigh de 54 tréimhse ranga nó laistigh de 20% den am atá leagtha amach don Tíreolaíocht. Tá 67 tréimhse ranga nó 25% den am atá leagtha amach don Tíreolaíocht ag daltaí gnáthleibhéil.

### AN tIMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA

### RÉAMHRÁ

Is bunaonad staidéir an tImscrúdú Tíreolaíochta i gCroí-Aonad 3 agus tá sé éigeantach do gach dalta. Tá cur i gcrích imscrúduithe agus gníomhaíochtaí eile allamuigh lárnach d'eispéireas gach dalta tíreolaíochta. Tugann an tImscrúdú Tíreolaíochta deis do dhaltaí na scileanna cuí tíreolaíochta atá lárnach do gach cuid den siollabas a chur i bhfeidhm. Spreagann sé chomh maith saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht eolasach sa phobal.

### LIOSTA BLIANTÚIL DE THOPAICÍ IMSCRÚDAITHE

Roghnófar topaicí le haghaidh an Imscrúdaithe Tíreolaíochta ó liosta topaicí a chuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit amach chuig an scoil sa chéad bhliain den timthriall ardteistiméireachta. Fágfaidh sé seo am taighde agus ullmhúcháin sula gcuirfear tús leis an imscrúdú. Féadann an taighde agus an bailiúchán tosú ar eisiúint an liosta, ach táthar ag súil leis go ndéanfar an mhórchuid d'obair an imscrúdaithe sa chéad téarma i mbliain Ardteistiméireachta 2. Beidh an liosta seo leathan go leor ionas go mbeidh rogha topaicí ag daltaí agus ag scoileanna le himscrúdú a dhéanamh orthu. Ligfidh sé chomh maith do dhaltaí díriú isteach ar cheist faoi leith nó ar ghné faoi leith den topaic a roghnófar. Déanfar an liosta a athrú ar bhonn bliantúil laistigh de mhórábhair an tsiollabais. Tá liosta samplach de thopaicí imscrúdaithe tugtha thíos:

**Liosta samplach de thopaicí d'Imscrúduithe Tíreolaíochta**

1. Patrúin dhéimeagrafacha faoi athrú sa cheantar áitiúil.
2. Próisis fhisiceacha i dtimpeallacht abhann, chósta, oighreach nó charstach.
3. Patrúin lonnaíochtaí faoi athrú sa chomhshaol áitiúil.

| | |
|---|---|
| 4. | Bainistiú tráchta. |
| 5. | Staidéar ar cheist áitiúil timpeallachta. |
| 6. | Gníomhaíochtaí geilleagracha sa chomhshaol áitiúil. |

## ÚSÁID BUNFHOINSÍ AGUS FOINSÍ TÁNAISTEACHA

Ní mór do dhaltaí idir bhunfhoinsí agus fhoinsí tánaisteacha a úsáid mar chuid de phróiseas an imscrúdaithe. Ba cheart go gcuimseodh bunfhoinsí 60% den fhaisnéis a bhaileofar agus an 40% eile den fhaisnéis ag teacht ó fhoinsí tánaisteacha.

Ba cheart taighde agus scrúdú a dhéanamh ar na foinsí roimh ré lena chinntiú go bhfuil siad feiliúnach don topaic agus do phróiseas an imscrúdaithe.

## CÉIMEANNA AN IMSCRÚDAITHE

Cúig shainchéim a bheidh san Imscrúdú Tíreolaíochta.

1. Ag **céim a haon** den phróiseas beifear ag súil leis go roghnóidh daltaí topaic ó liosta na n-imscrúduithe a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Ba cheart dóibh ansin díriú ar ghné, ar fhadhb nó ar cheist faoi leith laistigh den topaic a bheadh feiliúnach don scoil nó don timpeallacht áitiúil nó dá n-ábhar suime féin. Ba cheart do dhaltaí hipitéis a fhoirmiú nó aidhmeanna agus cuspóirí inbhainte amach a chur le chéile. Ba cheart dóibh na cineálacha faisnéise a bheadh riachtanach chun na haidhmeanna a bhaint amach nó chun an hipitéis a scrúdú a fhoirmiú.

2. Céim na pleanála atá i **gCéim a dó** den phróiseas. Roghnóidh daltaí anois a modhanna chun an fhaisnéis riachtanach a bhailiú. Ní mór dóibh cuimhneamh ar chóimheas bunfhoinsí faisnéise le foinsí tánaisteacha. Ag an gcéim seo, dearfar ceistneoirí agus bileoga oibre. Is féidir foinsí tánaisteacha faisnéise a aithint agus a aimsiú. Is féidir an ceantar nó an (na) suíomh(anna) ina mbaileofar an fhaisnéis a aithint agus a sheiceáil le haghaidh feiliúnachta.

3. Bailiú na Faisnéise atá i **gcéim a trí**. Is ag an gcéim seo a dhéanfar an bailiúchán. B’fhéidir go mbeidh úsáid gléasanna tomhais agus taifeadadh cúramach torthaí i gceist leis seo. Beidh bileoga breathnóireachta, ceistneoirí, suirbhéanna agus agallaimh le cur i gcrích. Beidh faisnéis ábhartha ó réimse foinsí tánaisteacha le bailiú chomh maith.

4. Is é atá i gceist le **céim a ceathair** de phróiseas an imscrúdaithe an fhaisnéis agus na torthaí a ullmhú le cur isteach sa leabhrán tuairiscithe a chuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil. Déanfar an leabhrán seo a roinnt ina ranna a chuirfidh ar chumas na ndaltaí tuairisciú a dhéanamh ag gach céim den phróiseas. Tá spás sa leabhrán seo (Féach an eiseamláir ar leathanach 41) do gach gné den imscrúdú. Scríobhfaidh daltaí a dtuarascáil isteach sna spásanna cuí. Is féidir an leabhrán seo a líonadh de láimh nó trí mhodh feiliúnach IT a úsáid. **Ní mór an leabhrán a chur isteach**, áfach, **mar chóip chrua ar son cúrsaí measúnachta.** Tá spás teoranta ann chun na torthaí a léiriú. Is féidir iad seo a tharraingt de láimh nó iad a atáirgeadh go leictreonach. Ní thabharfar marcanna sa bhreis ar thuarascálacha a bheidh próiseáilte. Ba cheart do dhaltaí cúram a dhéanamh de go

roghnóidh siad léaráidí a bheidh feiliúnach don ghné faoi leith den imscrúdú a bhfuil tuairisciú á dhéanamh uirthi.

5. Is é atá i gceist le **céim a cúig** de phróiseas an imscrúdaithe conclúidí bailí a tharraingt agus luacháil a dhéanamh ar an bpróiseas. Táthar ag súil leis go dtabharfaidh daltaí Ardleibhéil fianaise ar anailís mhionsonraithe ar phatrúin sna torthaí. Ba cheart dóibh roinnt próiseála a léiriú agus fianaise a thabhairt go bhfuil tástáil déanta acu ar na torthaí in éadan teoiricí agus patrún a fuarthas cheana i staidéir eile. Tarraingeoidh siad ansin conclúidí a shiúlann le haidhmeanna nó le hipitéis an staidéir. Ba cheart go mbeadh sé ar a gcumas ansin measúnú a dhéanamh ar bhailíocht phróiseas an imscrúdaithe agus feabhsúcháin a mholadh.

   Ní mór do dhaltaí gnáthleibhéil breac-chuntas a thabhairt ar na mórphatrúin sna torthaí agus anailís theoranta a dhéanamh. Ní bheidh orthu, áfach, anailís nó próiseáil mhionsonraithe a dhéanamh ar na torthaí. Ba cheart go ndéanfaí iarracht na torthaí a chur i gcomparáid le staidéir eile.

   I gcás daltaí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil araon, ba cheart go mbeadh conclúidí soiléire ag an imscrúdú a shiúlann go díreach leis na haidhmeanna nó leis an hipitéis. Ba cheart go mbeadh luacháil déanta sa chéim seo ar phróiseas críochnaithe an imscrúdaithe.

## TREOIRLÍNTE CHUN AN TUARASCÁIL AR AN IMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA A CHUR I GCRÍCH

### Céim 1: intreoir

Ba cheart go mbeadh teideal soiléir dírithe ag daltaí a bhfuil aidhmeanna soiléire agus bailí ag dul leis. De rogha eile air sin, is féidir le daltaí an t-imscrúdú a chur i láthair i bhfoirm hipitéise a ndéanfar tástáil uirthi. Ba cheart breac-chuntas a thabhairt ar chuspóirí soiléire agus léargas soiléir a thabhairt ar na cineálacha faisnéise a bheidh ag teastáil le haghaidh na n-aidhmeanna nó na hipitéise chun an t-imscrúdú a chur i gcrích. Ag an Ardleibhéal, beifear ag súil leis go ndéanfaidh daltaí forbairt ar na fo-cheannteidil lena n-áirítear cuspóirí mionsonraithe agus go ndéanfaidh siad plé iomlán ar na cineálacha faisnéise a bheidh ag teastáil. Beidh ar dhaltaí Gnáthleibhéil aidhmeanna gearra ach soiléire a chur ar fáil mar aon le plé ginearálta ar na mórchuspóirí agus ar na cineálacha faisnéise a bheidh ag teastáil.

### Céim 2: pleanáil

Beifear ag súil leis go ndéanfaidh daltaí plé ar phróiseas na pleanála agus iad ag ullmhú chun an fhaisnéis riachtanach a bhailiú. Ba cheart go ndéanfadh daltaí cur síos ar na ceisteanna a bhaineann le hullmhú bileog bailiúchán, ceistneoirí, nó suirbhéanna. Ba cheart go mbeadh idirdhealú soiléir ann idir úsáid bunfhoinsí agus úsáid foinsí tánaisteacha. Ba cheart do dhaltaí breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a dtiocfaidh siad ar na foinsí tánaisteacha a bheidh ag teastáil.

Beidh ar dhaltaí Ardleibhéil breac-chuntas iomlán agus mionsonraithe a thabhairt ar roghnú na modhanna bailiúcháin agus ar dhearadh aon bhileog faisnéise nó aon cheistneoirí. Beidh ar dhaltaí Gnáthleibhéil dul i ngleic le gach fo-cheannteideal agus iad ag déanamh cur síos ar an rogha a rinne siad i dtaca le modhanna bailiúcháin, le bileoga faisnéise nó le ceistneoirí.

## Céim 3: bailiúchán sonraí

Is cuid fhíorthábhachtach de phróiseas an imscrúdaithe é seo. Beifear ag súil leis go dtabharfaidh daltaí sonraí ar na modhanna a mbainfidh siad úsáid astu i mbailiú agus i gcruinniú na faisnéise. Ní mór breac-chuntas a thabhairt ar úsáid ceistneoirí agus suirbhéanna. Ní mór do dhaltaí a bhfoinsí tánaisteacha a phlé freisin le cois aon fhadhbanna nó ceisteanna ar bhuail siad leo agus an bailiúchán ar bun acu.

Beifear ag súil leis go dtabharfaidh daltaí Ardleibhéal cuntas mionsonraithe ar a ngníomhaíochtaí bailiúcháin mar aon le plé iomlán ar an gcaoi ar bhailigh siad a mbunfhoinsí agus a bhfoinsí seachtracha. Plé domhain a bheidh ann seo agus ba cheart go mbeadh sé ag teacht leis an intreoir agus leis na céimeanna pleanála. Beifear ag súil leis go ndéanfaidh daltaí Gnáthleibhéil cur síos ar gach gné de phróiseas an bhailiúcháin.
Ní mór do na gníomhaíochtaí seo bheith ag teacht leis na gníomhaíochtaí a ndearnadh cur síos orthu i gcéim a haon agus a dó. Ba cheart go mbeadh plé ginearálta ann ar na gníomhaíochtaí agus ar na fadhbanna ar buaileadh leo, ach ba cheart go mbeadh fianaise ann chomh maith de chomhtháthú agus d'aontacht san imscrúdú i dtaca le céimeanna na hintreorach agus na pleanála de.

## Céim 4: ullmhú na tuarascála

Ag an nGnáthleibhéal, is é a bheidh i gceist leis seo eagar a chur ar shonraí chun torthaí soiléire a bhunú. Ba cheart ansin na torthaí seo a léiriú go soiléir agus go feiliúnach. Ba cheart feidhmchláir ICT mar is cuí.  Beidh ar dhaltaí Ardleibhéil na torthaí a chur i láthair ar chaoi mhionsonraithe i roinnt foirmeacha grafacha. Ba cheart feidhmchláir ICT a úsáid nuair is cuí.  Ba cheart go leanfadh céim 4 go soiléir le struchtúr comhtháite an imscrúdaithe mar atá leagtha amach sa siollabas.

## Céim 5: conclúidí agus luacháil

Beidh ar dhaltaí Ardleibhéil anailís agus léirmhíniú soiléir, mionsonraithe agus domhain ar thorthaí an imscrúdaithe a thaispeáint. Ón bplé seo, ba cheart tacar mionsonraithe conclúidí a tharraingt a ghabhfaidh go díreach leis na haidhmeanna nó leis an hipitéis a leagadh amach i gcéim 1 den phróiseas. Ba cheart go mbeadh plé mionsonraithe ar na conclúidí seo i ndáil le teoiricí bunaithe nó le taighde atá ann cheana féin. Ón bplé seo, ba cheart go mbeadh daltaí ábalta measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar bhailíocht a n-imscrúdaithe féin agus feabhsúcháin a bhfuil argóintí maithe ag gabháil leo a mholadh.

Ag an nGnáthleibhéal, ba cheart go léireodh daltaí léirmhíniú agus anailís ghinearálta ar thorthaí an imscrúdaithe. Ba cheart dóibh conclúidí soiléire a tharraingt nó luacháil a dhéanamh ar a hipitéis. Ba cheart dóibh comparáid ghinearálta a dhéanamh idir na conclúidí seo agus teoiricí bunaithe agus le taighde atá ann cheana féin. Ba cheart don dalta gnáthleibhéil formheasúnú a dhéanamh ar bhailíocht an imscrúdaithe agus roinnt athruithe nó feabhsúchán ginearálta a mholadh.

## CÍORADH AR AN LIOSTA SAMPLACH DE THOPAICÍ IMSCRÚDAITHE

### 1. PATRÚIN DHÉIMEAGRAFACHA FAOI ATHRÚ SA CHEANTAR ÁITIÚIL

Chíorfadh imscrúdú a bhunófaí ar an topaic seo patrúin d'athrú daonra thar am i gceantar faoi leith. Chíoradh sé an fás nó an meath thar am agus chíoradh sé na patrúin i struchtúir aoise agus inscne. D'fhéadfaí aon cheantar staidéir amháin a roghnú nó d'fhéadfaí comparáid a chur i gcrích idir dhá cheantar chontrártha. D'fhéadfaí paróistí, eastáit tithíochta, bruachbhailte nó sráidbhailte éagsúla a roghnú. D'fhéadfaí na patrúin a d'aimseofaí a cheangal le hathruithe socheacnamaíocha, le forbairtí infreastruchtúir nó le saincheisteanna a bhaineann leis an gceantar faoi leith. D'fhéadfadh réamh-mheastacháin d'fhorbairt sa todhchaí eascairt ón imscrúdú.

#### Modhanna

**Bunfhoinsí:** Bhunófaí an t-imscrúdú ar shuirbhé de chónaitheoirí an cheantair staidéir. D'fhéadfadh an suirbhé gach cónaitheoir a chlúdach nó d'fhéadfaí é a bhunú ar shampla den daonra bunaithe ar chlár na dtoghthóirí. D'ullmhódh an dalta ceistneoir struchtúrtha a chuirfeadh ceisteanna faoin duine aonair agus faoi bhaill eile an teaghlaigh. Ba cheart go mbeadh sonraí ann maidir le haois, le hinscne, le stádas pósta, le líon páistí agus le gairm bheatha. D'fhéadfaí staidéar ar leith ar úsáidí talún a chur i gcrích. Iontu seo bheadh úsáidí cónaithe, spás oscailte, tráchtála agus tionsclaíochta. Is féidir go dtabharfaidh na patrúin seo den úsáid talún léargas ar phatrúin daonra a d'eascródh ó shuirbhé na gcónaitheoirí.

**Foinsí tánaisteacha:** Tabharfaidh staidéar ar iarthuairisceáin daonáirimh léargas ar phatrúin daonra faoi athrú thar am. Feidhmeoidh scrúdú mionsonraithe ar staitisticí mioncheantair mar thoise agus mar phointe anailíse don suirbhé samplach. Léiríodh na luatheagráin den tsuirbhéireacht ordanáis athruithe ar an gceantar staidéir thar am.

Cuirfidh comhcheangal idir na bunfhoinsí agus na foinsí tánaisteacha seo ar chumas an dalta réamh-mheastacháin a dhéanamh ar struchtúr an daonra agus ar fhorbairtí sa cheantar sa todhchaí.

### 2. PRÓISIS FHISICEACHA I RÉIGIÚN ABHANN, CÓSTA, OIGHREACH NÓ CARSTACH

Dhéanfadh an t-imscrúdú seo scrúdú ar aon cheann amháin de na comhshaolta fisiceacha atá liostaithe. D'fhéadfadh daltaí oibriú na bpróiseas fisiceach a scrúdú i ndobharcheantar abhann, i gcrios cósta creimeacháin nó sil-leagain, i dtimpeallacht oighreach ardtalún nó ísealtalún, nó i réigiún carstach. D'fhéadfadh an staidéar seo scrúdú a dhéanamh ar réimse próiseas fisiceach atá ag idirghníomhú leis an timpeallacht roghnaithe. D'fhéadfadh sé scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tionchar á imirt ar fhorbairt tírghnéithe trí athruithe thar am. D'fhéadfaí é seo a chur i gcothroime le fócas ar thionchar idirghníomhaíocht an duine ar an timpeallacht fhisiceach san am a chuaigh thart agus san am i láthair araon.

#### Modhanna

**Bunfhoinsí:** Breathnú, tomhas, agus taifeadadh ar an suíomh na bunfhoinsí eolais a bheadh ann. D'fhéadfadh daltaí oibriú na bpróiseas a bhreathnú, a thomhas agus a thaifeadadh nó d'fhéadfadh siad fianaise a aimsiú a bheadh ag tabhairt na bpróiseas seo le fios. D'fhéadfadh sceitsí, fótagraif agus bileoga oibre a úsáid chun na próisis seo a thaifeadadh. D'fhéadfaí modhanna cosúla a úsáid le leibhéal idirghníomhaíocht agus thionchar an duine a scrúdú agus a thomhas. D'fhéadfaí agallaimh a chur ar chónaitheoirí áitiúla, ar úinéirí talún agus ar leasanna trádála mar is cuí.

**Foinsí tánaisteacha:** B'fhoinse thánaisteach fhíorthábhachtach don imscrúdú seo léarscáileanna ar scálaí éagsúla. Léireodh léarscáileanna ó thréimhsí éagsúla forbairtí agus athruithe tríd an am. D'fhéadfaí foinsí doiciméadacha nó téacsanna a úsáid. D'fhéadfaí teacht ar fhaisnéis ar chleachtais talmhaíochta agus gníomhaíochtaí turasóireachta trí ghníomhaireachtaí oifigiúla, trí eolairí agus tríd an idirlíon a úsáid.

## 3. PATRÚIN LONNAÍOCHTAÍ FAOI ATHRÚ SA CHOMHSHAOL ÁITIÚIL

D'fhéadfadh an t-imscrúdú díriú isteach ar phatrúin lonnaíochtaí uirbeacha, tuaithe nó stairiúla. D'fhéadfaí é a bhunú ar cheantar staidéir laistigh de chomhshaol tuaithe nó uirbeach nó ar imeallréigiún uirbeach tuaithe. D'fhéadfadh an staidéar díriú ar phatrúin úsáide talún nó ar phatrúin fostaíochta faoi athrú. D'fhéadfadh sé scrúdú a dhéanamh ar mholtaí pleanála nó criosaithe talún. D'fhéadfadh sé chomh maith measúnú a dhéanamh ar thionchar forbairtí ar an gcomhshaol áitiúil, ar an infreastruchtúr agus ar an bpobal.

### Modhanna

**Bunfhoinsí:** Suirbhéanna, breathnú agus taifeadadh sa ghort na príomh-bhunfhoinsí don imscrúdú seo. D'fhéadfadh daltaí suirbhéanna sráide a dhéanamh ar úsáid talún nó ar choinníoll tógála. D'fhéadfadh siad scrúdú a dhéanamh ar leibhéil fostaíochta laistigh de cheantar faoi leith nó rangú a dhéanamh ar an réimse deiseanna fostaíochta atá ann. D'fhéadfadh daltaí chomh maith sruth an tráchta nó sruth na gcoisithe a thomhas laistigh den cheantar staidéir. Sholáthródh na modhanna seo faisnéis mhionsonraithe a chuideoidh leis an scrúdú ar phatrúin lonnaíochtaí faoi athrú sa cheantar staidéir.

**Foinsí tánaisteacha:** B'fhoinse thánaisteach thábhachtach don imscrúdú seo anailís ar phleananna forbartha agus ar mholtaí pleanála. Tabharfaidh eolairí áitiúla, idir eolairí stairiúla agus eolairí comhaimseartha léargas ar phatrúin úsáide talún, ar phatrúin seirbhísí agus ar phatrúin lonnaíochtaí faoi athrú. Sholáthródh agallaimh le staraithe áitiúla agus rochtain ar fhoinsí agus ar léarscáileanna stairiúla ón gceantar faisnéis luachmhar.

## 4. BAINISTÍOCHT TRÁCHTA

D'fhéadfadh an t-imscrúdú scrúdú a dhéanamh ar phatrúin nó ar pholasaithe áitiúla agus réigiúnacha. D'fhéadfadh na daltaí díriú isteach ar shruthanna tráchta a thomhas trí áirimh thráchta a úsáid. D'fhéadfadh siad chomh maith staidéar a dhéanamh ar phatrúin a bhaineann le turais chun na hoibre agus d'fhéadfadh siad staidéar a dhéanamh ar dhearcthaí áitiúla i leith tráchta. D'fhéadfadh an t-imscrúdú seo measúnú ar thionchar polasaithe tráchta ar fhorbairtí sa todhchaí a ionchorprú. D'fhéadfadh daltaí díriú isteach freisin ar chomhroghanna do na patrúin agus do na polasaithe tráchta atá ann faoi láthair agus plean gníomhaíochta a fhorbairt do na hathruithe a mholfar.

### Modhanna

**Bunfhoinsí:** Suirbhé ar shruth an tráchta an príomh-bhunfhoinse don imscrúdú seo. D'fhéadfaí an suirbhé seo a chur i gcrích ar mhéid áirithe príomhshráideanna nó crosbhealaí sa cheantar staidéir. D'fhéadfadh an suirbhé breathnú ar líon na bhfeithiclí, ar luas, ar threo, agus ar líon na dtaistealaithe. D'fhéadfadh daltaí sruthanna tráchta a thomhas ag amanna éagsúla i rith an lae agus ar laethanta difriúla den tseachtain. D'fhéadfaí na patrúin seo a léarscáiliú ansin. D'fhéadfadh cur leis an imscrúdú le suirbhé ar dhearcthaí agus ar chleachtais iompair na gcónaitheoirí áitiúla.

**Foinsí tánaisteacha: Bheadh** staidéir iompair an údaráis áitiúil ina bpríomhfhoinse thánaisteach don imscrúdú seo. B'fhéidir go mbeadh faisnéis thábhachtach ar pholasaithe iompair istigh i bplean forbartha an údaráis áitiúil. D'fhéadfadh daltaí chomh maith straitéisí nua iompair a fhorbairt trí léarscáileanna den cheantar áitiúil a úsáid. D'fhéadfaí chomh maith torthaí an tsuirbhé tráchta a chur i gcomparáid le figiúirí náisiúnta ar shruth an tráchta agus ar úsáid feithiclí.

## 5. COINBHLEACHT MAIDIR LE hÚSÁID AN CHOMHSHAOIL ÁITIÚIL

D'fhéadfadh an t-imscrúdú seo eascairt as saincheist sa cheantar áitiúil. D'fhéadfadh imscrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le pleanáil, leis an gcomhshaol nó le haon chineál forbartha geilleagraí. D'fhéadfaí iad seo a leanas a mheabhrú mar thopaicí imscrúdaithe; forbairtí áitiúla i mbainistíocht dramhaíola, suíomh monarchana, forbairt uirbeach, turasóireacht nó réimse saincheisteanna timpeallachta. D'fhéadfaí dul i mbun an imscrúdaithe seo mar thionscadal taighde fheidhmigh. Ba é príomhfhócas an staidéir seo imscrúdú ar cheisteanna a bhaineann leis an bhforbairt mholta, measúnú ar bhraistintí agus ar dhearcthaí áitiúla agus ullmhú plean gníomhaíochta.

### Modhanna

**Bunfhoinsí:** Bunsuirbhé, breathnú agus tomhas na príomh-bhunfhoinsí don imscrúdú seo. Bheadh cineál na rudaí thuasluaite ag brath ar chineál na ceiste agus ar an gcoinbhleacht atá ann dá barr. D'fhéadfadh daltaí iarracht a dhéanamh ar staidéar bonnlíne nó staidéar ar an tionchar ar an timpeallacht sa cheantar staidéir a chur i gcrích. Ba bhunfhoinse thábhachtach é staidéar ar fheasacht agus ar dhearcthaí cónaitheoirí áitiúla. D'fhéadfadh daltaí chomh maith agallaimh a chur ar oifigigh áitiúla faoin bpróiseas déanta cinntí atá ann.

**Foinsí tánaisteacha:** Moltaí pleanála, pleananna forbartha agus doiciméid straitéisí na príomhfhoinsí tánaisteacha a bheadh ann. D'fhéadfaí anailís a dhéanamh ar dhoiciméid amhail pleananna forbartha nó straitéiseacha an údaráis áitiúil. D'fhéadfaí plean áitiúil gníomhaíochta a cheapadh bunaithe orthu seo. B'fhéidir go dtabharfadh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) nó foinsí téacsacha ábhar bunaidh tánaisteach a bheadh luachmhar.

## 6. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHTA SA CHOMHSHAOL ÁITIÚIL

Féadann an t-imscrúdú seo cíoradh a dhéanamh ar aon ghné de thíreolaíocht eacnamaíochta an cheantair staidéir. D'fhéadfadh an dalta próifíl eacnamaíochta a dhéanamh ar an gceantar agus iad ag breathnú ar réimse agus ar chineál na ngníomhaíochtaí eacnamaíochta sa cheantar staidéir a roghnófaí D'fhéadfadh an dalta ansin imscrúdú a dhéanamh ar an líon lucht saothair atá de dhíth do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta atá ann faoi láthair. D'fhéadfadh sé breathnú ar fhoinse na bhfostaithe seo agus ar threochtaí sa todhchaí.

D'fhéadfadh imscrúdú chomh maith díriú isteach ar aon fhiontar faoi leith nó ar ghrúpa fiontar. D'fhéadfadh daltaí scrúdú a dhéanamh ar aon fhiontar ilnáisiúnta amháin sa cheantar agus iad ag díriú isteach ar a phróisis, ar a mhargaí, ar a limistéar foinseach d'amhábhair agus ar a phróifíl fostaíochta. D'fhéadfadh daltaí imscrúdú a dhéanamh ar réimse ceisteanna lena n-áirítear leibhéal cúnaimh deontais agus tionchar tíreolaíochta na monarchan. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh daltaí imscrúdú a dhéanamh ar líon na bhfiontar laistigh de lárionad gnó nó d'eastát tionsclaíoch.

## Modhanna

**Bunfhoinsí:** Suirbhéanna, ceistneoirí agus agallaimh na príomh-bhunfhoinsí faisnéise don imscrúdú seo. Ba cheart do dhaltaí cuairt a thabhairt ar an bhfiontar agus a gceistneoirí struchtúrtha a chomhlánú. Ba cheart do dhaltaí agallaimh a chur ar réimse fostaithe ó leibhéil éagsúla laistigh den eagraíocht. D'fhéadfaí cónaitheoirí áitiúla a cheistiú i dtaca leis an tionchar ar an timpeallacht atá ag an monarcha. D'fhéadfadh daltaí chomh maith agallaimh a chur ar ionadaithe ó na boird áitiúla fiontair nó ar an IDA.

**Foinsí tánaisteacha:** Pleananna forbartha nó doiciméid forbartha polasaithe na príomhfhoinsí tánaisteacha don imscrúdú seo. D'fhéadfadh daltaí chomh maith scrúdú a dhéanamh ar iarratais phleanála agus ar mheasúnuithe ar an tionchar ar an timpeallacht. D'fhéadfadh daltaí chomh maith léarscáileanna ar scálaí éagsúla a úsáid le scrúdú a dhéanamh ar phatrúin lonnaíochtaí, ar infreastruchtúr agus ar úsáid talún.

# TOGHAONAD 4

### PATRÚIN AGUS PRÓISIS I NGNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHTA

Cíorann an t-aonad seo patrúin den fhorbairt eacnamaíochta ar scála náisiúnta agus idirnáisiúnta agus díríonn sé isteach ar fhás aon gheilleagair dhomhanda idirspleách amháin. Tógfaidh daltaí dearcadh leathan agus criticiúil ar fhás geilleagrach agus ar fhorbairt gheilleagrach le béim faoi leith ar nádúr na trádála idirnáisiúnta agus í ag athrú go sciobtha. Tá an t-aonad struchtúrtha ina cheithre fho-theideal:

- **Forbairt Eacnamaíochta**
- **An Geilleagar Domhanda**
- **Éire agus an tAontas Eorpach**
- **Tionchar ar an Timpeallacht.**

Laistigh den struchtúr seo, feicfidh daltaí cur chuige iontach dinimiciúil a bhreathnaíonn chun tosaigh maidir leis an bhforbairt gheilleagrach. Cíorann an cur chuige anailís ar phatrúin d'fhás eacnamaíochta trasna an domhain agus ansin díríonn sé isteach ar éabhlóid geilleagair dhomhanda. Cuireann sé Éire agus an tAontas Eorpach (AE) go daingean isteach sa chreatlach dhomhanda seo. Cíorann sé chomh maith leibhéil an tionchair ar an timpeallacht a bhíonn ag gníomhaíochtaí eacnamaíochta ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

| Uimhir Ráitis | Ráiteas | Tréimhsí Ranga: 40 nóiméad ar fhad don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal |
|---|---|---|
| **Forbairt Eacnamaíochta**<br><br>**4.1** | Tá gníomhaíochtaí eacnamaíochta dáilte go míchothrom ar fud an domhain. | **5 Thréimhse Ranga** |

| | | |
|---|---|---|
| **4.2** | Léiríonn leibhéil d'fhorbairt eacnamaíochta móréagsúlachtaí spásúla agus féadfaidh siad athrú le himeacht ama. | **11 Tréimhse Ranga** |
| **An Geilleagar Domhanda 4.3** | Tá geilleagar domhanda idirspleách aonair tagtha chun cinn agus róil éagsúla ag limistéir éagsúla. | **20 Tréimhse Ranga** |
| **Éire agus an tAontas Eorpach 4.4** | Tá Éire, mar bhall den AE, mar chuid de mhórbhloc trádála laistigh den gheilleagar domhanda. | **11 Tréimhse Ranga** |
| **Tionchar ar an Timpeallacht 4.5** | Tá tionchar ag gníomhaíochtaí eacnamaíochta ar an gcomhshaol. | **20 Tréimhse Ranga** |
| | | **67 Tréimhse Ranga san iomlán**. |

## FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA

Cuimsíonn Forbairt Eacnamaíochta dhá ráiteas agus roinnt réimsí damhna.

Cuireann **Ráiteas 4.1** dáileadh míchothrom gníomhaíochtaí eacnamaíochta ar fud na cruinne i láthair. Tugann sé ar an dalta scrúdú agus measúnú a dhéanamh ar a úsáidí atá olltáirgeacht náisiúnta agus an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna araon mar thomhas ar an bhforbairt eacnamaíochta.

Cíorann **Ráiteas 4.2** na héagsúlachtaí i leibhéil na forbartha eacnamaíochta thar am agus spás. Iarrtar ar dhaltaí staidéar a dhéanamh ar dhá chás-staidéar chun é seo a dhéanamh. Ba cheart do dhaltaí scrúdú a dhéanamh ar aon gheilleagar forbartha amháin le tagairt do cheannas na hearnála seirbhísí agus na dtionscal gan chuing. Is féidir é seo a chur i gcodarsnacht le cás-staidéar ar gheilleagar atá i mbéal forbartha. Iarrtar ar dhaltaí díriú isteach ar thionchar an choilíneachais, agus coigeartuithe i dtreo patrún geilleagrach domhanda. Cuirtear ceisteanna domhanda i gcuimhne do dhaltaí, lena n-áirítear an dearcadh ceartais a mb'fhéidir a mbeadh baint aige leis an gcodarsnacht seo.

## AN GEILLEAGAR DOMHANDA

Cuireann **Ráiteas 4.3** forbairt aon gheilleagair idirspleách aonair amháin i láthair. Iarrtar ar dhaltaí cás-staidéar ar aon chuideachta ilnáisiúnta (MNC) amháin bunaithe in Éirinn a úsáid mar bhonn dá staidéar ar an topaic. Iarrtar ar dhaltaí chomh maith breathnú ar fhoinsiú amhábhar, ar shuíomh na mbunaonad próiseála agus ar shuíomh na margaí. As seo, féachfaidh siad an chaoi ar forbraíodh creatlach dhomhanda don trádáil dhomhanda. Rachaidh siad ar aghaidh ansin le scrúdú a dhéanamh ar thionchar spásúil na bpatrún seo. Chuimseodh seo leathadh na mbunaonad próiseála, forbairt

croí-réigiún agus réigiún forimeallach agus réigiúin atá fágtha amach ó ghníomhaíochtaí déantúsaíochta.

Díreoidh daltaí ansin ar ról an MNC, agus iad ag breathnú ar phatrúin i soghluaisteacht gníomhaíochtaí eacnamaíochta nua-aimseartha, i straitéisí corparáideacha, i saolréanna táirgí, agus i bhforbairtí i dteilisheirbhísí agus i ríomhthrádáil. Breathnófar orthu seo i dtaca lena dtionchar ar dháileadh spásúil gníomhaíochtaí agus forbairtí eacnamaíochta.

## ÉIRE AGUS AN tAONTAS EORPACH

Cuireann **Ráiteas 4.4** suíomh na hÉireann mar bhall den AE laistigh den gheilleagar domhanda i láthair. Déanfaidh daltaí staidéar ar phatrúin trádála na hÉireann laistigh agus lasmuigh den AE . Díríonn an ráiteas isteach ar thionchar an AE ar thrádáil na hÉireann lena n-áirítear scrúdú ar an gcomhbheartas talmhaíochta, ar an gcomhbheartas iascaigh, ar na cistí forbartha réigiúnaí agus ar an maoiniú sóisialta.

## TIONCHAR AR AN TIMPEALLACHT

Cuireann **Ráiteas 4.5** tionchar gníomhaíochtaí eacnamaíochta ar an timpeallacht i láthair. Iarrtar ar dhaltaí díriú isteach ar réimse ceisteanna timpeallachta, lena n-áirítear úsáid acmhainní, tionchar dhó na mbreoslaí iontaise, agus an truaillithe ar scála áitiúil agus domhanda. Pléitear fosta le ceist na forbartha geilleagraí inbhuanaithe agus na coinbhleachta a d’fhéadfadh bheith ann idir leasanna geilleagracha agus leasanna timpeallachta.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Tugann an siollabas seo breac-chuntas ar thorthaí foghlama mionsonraithe do dhaltaí Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil atá ag déanamh staidéir ar an aonad seo.

Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an aonad seo do **dhaltaí gnáthleibhéil**, ba cheart go mbeadh siad ábalta

- cur síos a dhéanamh ar na patrúin mhíchothroma i leibhéil d’fhorbairt gheilleagrach
- próiseas an athraithe san fhorbairt gheilleagrach a rianú
- forbairt geilleagair dhomhanda idirspleách aonair amháin a thuiscint
- scrúdú a dhéanamh ar ról na hÉireann mar bhall den AE laistigh den gheilleagar domhanda
- scrúdú a dhéanamh ar thionchar timpeallachta gníomhaíochtaí geilleagracha
- úsáid a bhaint as na scileanna, atá liostaithe thíos, nuair is cuí, le cabhrú sa scrúdú ar phatrúin san fhorbairt gheilleagrach agus i bhfás geilleagair idirspleách aonair.

Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an aonad seo do **dhaltaí Ardleibhéil**, ba cheart go mbeadh siad ábalta

- cur síos a dhéanamh ar na patrúin mhíchothroma i ndáileadh gníomhaíochtaí geilleagracha agus i leibhéil d'fhorbairt gheilleagrach
- castacht phróiseas an athraithe i leibhéil d'fhorbairt eacnamaíochta a thuiscint
- na ceisteanna a thagann chun cinn mar gheall ar fhorbairt geilleagair dhomhanda a thuiscint agus tionchar na forbartha a thuiscint chomh maith
- scrúdú a dhéanamh ar ról na hÉireann mar bhall den AE laistigh den gheilleagar domhanda
- measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an timpeallacht atá ag gníomhaíochtaí eacnamaíochta.
- úsáid a bhaint as na scileanna, atá liostaithe thíos, nuair is cuí, le cabhrú sa scrúdú ar phatrúin i bhforbairt eacnamaíochta agus i bhfás geilleagair idirspleách aonair.

## SCILEANNA TÍREOLAÍOCHTA

Tá múineadh scileanna le comhtháthú i ngach aon ghné den siollabas mar is cuí. Tá breac-chuntas ar na scileanna tíreolaíochta seo i gCroí-Aonad 3 den siollabas agus ba chóir na scileanna cuí a chur i bhfeidhm i múineadh an aonaid seo. Ba cheart na scileanna seo a leanas a úsáid agus a chur i bhfeidhm ar staidéar Toghaonad 4 mar is cuí.

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís staitistiúil
- anailís ar fhótagraif
- tarraingt fíoracha
- feidhmchláir teicneolaíochta faisnéise

## AM MÚINTEOIREACHTA

25% den am múinteoireachta atá sa toghaonad seo agus ba cheart go ndéanfaí é a mhúineadh laistigh de 45 uair an chloig nó laistigh de 67 tréimhse ranga 40 nóiméad ar fhad.

# TOGHAONAD 5

### PATRÚIN AGUS PRÓISIS I GCOMHSHAOL AN DUINE

Cíorann an t-aonad seo patrúin daonra agus lonnaíochtaí thar am agus spás. Díríonn an t-aonad isteach ar phatrúin sa dáileadh, ar phatrúin fáis dlúis, ar struchtúir dhaonraí sa suíomh náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Nascann sé chomh maith leibhéal fhorbairt an duine le cineál na saintréithe daonra. Cíorann an t-aonad patrúin imirce an duine agus a dtionchar ar réigiúin bhronntacha agus ar réigiúin ghlacacha. Tugann an t-aonad seo anailís chuimsitheach ar phatrúin lonnaíochtaí sa suíomh náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Cuimsíonn an anailís seo patrúin lonnaíochtaí stairiúla, tuaithe agus uirbeacha. Tá fócas faoi leith freisin ar an gcathair nua-aimseartha le scrúdú ar úsáid talún, ar luachanna talún agus ar leathnú. Cíorann an t-aonad seo chomh maith réimse fadhbanna a bhaineann leis an gcomhshaol uirbeach.

Tá an t-aonad struchtúrtha ina dhá fho-theideal:

- **Dinimic an Daonra**
- **Dinimic na Lonnaíochta.**

Tá trí ráiteas agus trí réimse damhna ag dinimic an daonra agus dinimic na lonnaíochtaí araon mar a thaispeántar thíos.

| **Uimhir Ráitis** | **Ráiteas** | **Tréimhsí Ranga:**<br>**40 nóiméad ar fhad don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal.** |
|---|---|---|
| Dinimic an Daonra | | |
| 5.1 | Athraíonn saintréithe daonra thar am agus spás | **11 Tréimhse Ranga** |
| 5.2 | Tá tionchar ag saintréithe daonra ar leibhéil fhorbairt an duine | **11 Tréimhse Ranga** |
| 5.3 | Tá tionchar ag gluaiseachtaí daonra ar réigiúin bhronntacha agus ar réigiúin ghlacacha. | **8 dTréimhse Ranga** |
| Dinimic na Lonnaíochta | | |
| 5.4 | Is féidir lonnaíochtaí a shainaithint maidir le láthair, suíomh agus feidhm. | **12 Thréimhse Ranga** |
| 5.5 | Taispeánann lonnaíochtaí uirbeacha patrún úsáide talún atá ag síorathrú agus cothaíonn siad fadhbanna pleanála. | **10 dTréimhse Ranga** |
| 5.6 | Féadfaidh fadhbanna teacht chun cinn as fás cathracha | **15 Thréimhse Ranga** |
| | | **Iomlán. 67 Tréimhse Ranga** |

Cíorann **Ráiteas 5.1** patrúin agus athruithe i saintréithe daonra thar am agus spás. Cíorfaidh daltaí dáileadh, dlús, agus struchtúr daonraí trí shamplaí Éireannacha agus Eorpacha a úsáid. Cíorfaidh daltaí ábhair daonáirimh do cheantair éagsúla thar thréimhsí éagsúla ama.

Díríonn **Ráiteas** 5.2 ar thionchar saintréithe daonra ar fhorbairt an duine. Is ar chúiseanna agus ar éifeachtaí an ródhaonra atá an bhéim. Díreoidh daltaí isteach ar na tionchair a bhíonn ag forbairt acmhainní, ag an tsochaí agus ag an gcultúr, ag leibhéil ioncaim, agus ag an teicneolaíocht ar phatrúin daonra.

Cíorann **Ráiteas** 5.3 cineál na bpatrún imirce. Díreoidh daltaí isteach ar phatrúin imirce atá faoi athrú in Éirinn agus díreoidh siad ar pholasaithe imirce na hÉireann agus an AE. Cíorfaidh daltaí na saincheisteanna eitneacha, ciniúla agus reiligiúnacha a bhaineann leis an imirce. Topaic eile staidéir is ea tionchair chontrártha na himirce tuaithe/uirbí i réigiúin fhorbartha agus i réigiúin atá i mbéal forbartha.

Tá trí ráiteas ag dinimic na lonnaíochtaí.

Cíorann **Ráiteas** 5.4 cineál agus suíomh na lonnaíochtaí thar am agus spás. Cíorfaidh daltaí lonnaíochtaí réamhstairiúla agus stairiúla le béim ar fhorbairt bhailte na hÉireann. Pléitear chomh maith le patrúin lonnaíochtaí tuaithe agus leis an bhfás ar an bhforbairt ribíneach. Cuirtear na patrúin seo i gcomhthéacs cheist thábhachtach na straitéisí pleanála i gceantair tuaithe. Cíorfaidh daltaí ordlathas agus feidhmeanna na lárionad uirbeach, is iad sin, na seirbhísí a chuireann siad ar fáil agus an chaoi a n-athraíonn siad thar am.

Díríonn **Ráiteas 5.5** aird an dalta ar lárionaid uirbeacha le tagairt do phatrúin úsáide talún agus do straitéisí pleanála. Cíorfaidh daltaí criosanna úsáide talún faoi athrú sa chathair nua-aimseartha. Cíorann an ráiteas luachanna talún agus srathú sóisialta cathracha freisin. Pléifidh daltaí chomh maith le leathnú cathracha agus a dtionchar ar an tírdhreach tuaithe.

Spreagann **Ráiteas** 5.6 daltaí chun scrúdú a dhéanamh ar na fadhbanna a eascraíonn ó fhás lárionad uirbeach. Pléitear leis an mbainistíocht tráchta, leis an meathlú uirbeach agus le sraoilleáil uirbeach chomh maith le ceisteanna oidhreachta agus le cáilíocht an chomhshaoil. Breathnaíonn an ráiteas ar straitéisí chun na fadhbanna seo a réiteach. Déanann sé na fadhbanna seo a chur i gcodarsnacht le cathracha an domhain atá i mbéal forbartha agus pléann sé le ceisteanna a bhaineann le cathracha na todhchaí.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Tugann an siollabas seo breac-chuntas ar thorthaí foghlama mionsonraithe do dhaltaí Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil atá ag déanamh staidéir ar an aonad seo.

Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an aonad seo do **dhaltaí gnáthleibhéil**, ba cheart go mbeadh siad ábalta

- an chaoi a n-athraíonn saintréithe daonra thar am agus spás agus an tionchar a bhíonn acu ar an bhforbairt dhaonna a thuiscint
- cur síos a dhéanamh ar thionchar gluaiseachtaí daonra
- scrúdú a dhéanamh ar phatrúin lonnaíochtaí tuaithe agus uirbeacha

- fadhbanna a bhaineann le fás lárionad uirbeach a aithint
- úsáid a bhaint as na scileanna, atá liostaithe thíos, nuair is cuí, chun scrúdú a dhéanamh ar nádúr dinimiciúil an daonra agus ar phatrún agus ar dháileadh lonnaíochtaí.

Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an aonad seo do **dhaltaí Ardleibhéil**, ba cheart go mbeadh siad ábalta

- an chaoi a n-athraíonn saintréithe daonra thar am agus spás agus a dtionchar ar an bhforbairt dhaonna a thuiscint go domhain.
- measúnacht agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar athraitheach gluaiseachtaí daonra
- scrúdú a dhéanamh ar phatrúin lonnaíochtaí tuaithe agus uirbeacha
- an scála éagsúil fadhbanna a bhaineann le fás lárionad uirbeach a aithint agus a anailísiú
- úsáid a bhaint as na scileanna, atá liostaithe thíos, nuair is cuí, chun scrúdú a dhéanamh ar nádúr dinimiciúil an daonra agus ar phatrún agus ar dháileadh na lonnaíochtaí.

## SCILEANNA TÍREOLAÍOCHTA

Tá múineadh scileanna le comhtháthú i ngach aon ghné den siollabas mar is cuí. Tá breac-chuntas ar na scileanna tíreolaíochta seo i gCroí-Aonad 3 den siollabas agus ba chóir na scileanna cuí a chur i bhfeidhm i múineadh an aonaid seo. Ba cheart na scileanna seo a leanas a úsáid agus a chur i bhfeidhm ar staidéar Toghaonad 5 mar is cuí.

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís staitistiúil
- anailís ar fhótagraif
- tarraingt fíoracha
- feidhmchláir teicneolaíochta faisnéise

## AM MÚINTEOIREACHTA

25% den am múinteoireachta atá sa toghaonad seo agus ba cheart go ndéanfaí é a mhúineadh laistigh de 45 uair an chloig nó laistigh de 67 tréimhse ranga 40 nóiméad ar fhad.

# ROGHAONAID

Daltaí Ardleibhéil amháin a dhéanann staidéar ar na Roghaonaid

## ROGHAONAD 6

## AN tIDIRSPLEÁCHAS DOMHANDA

Tugann an roghaonad seo ar an dalta dearcthaí traidisiúnta ar fhorbairtí agus ar staidéir ar fhorbairtí a athscrúdú, cuir i gcás, dearcadh an chéad domhain/an tríú domhan. Tá dlúthnasc ag an aonad seo le Togh-Aonad 4 maidir lena fhócas ar ról cuideachtaí ilnáisiúnta (MNCanna) laistigh den gheilleagar domhanda. Cíorann sé iarmhairtí na trádála domhanda ar na réigiúin sin atá fágtha amach as gníomhaíochtaí déantúsaíochta domhanda agus do na réigiúin sin a sholáthraíonn amhábhair. Cíorann an t-aonad tionchair eacnamaíochta agus shóisialta an gheilleagair dhomhanda ar réigiúin atá i mbéal forbartha.

Cíorann an t-aonad seo chomh maith bailíocht straitéisí reatha agus iad ag iarraidh dul i ngleic le fadhbanna na tearcfhorbartha lena n-áitítear díospóireacht an chúnaimh agus ról eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGOnna). Tógann sé an fhorbairt inbhuanaithe mar mhúnla d'fhorbairt dhaonna agus eacnamaíochta amach anseo. Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an aonad seo, ba cheart go mbeadh tuiscint mhion ag daltaí ar dhearcthaí traidisiúnta ar an bhforbairt agus ar thionchar fíorasach an idirspleáchais dhomhanda.

| **Uimhir Ráitis** | **Ráiteas** | **Tréimhsí Ranga:<br>40 nóiméad ar fhad.** |
|---|---|---|
| **6.1** | Féadfaidh athrú teacht ar na dearcthaí a bhíonn ann faoin bhforbairt agus faoin tearcfhorbairt. | **3 Thréimhse Ranga** |
| **6.2** | Mairimid i ngeilleagar domhanda idirspleách. Tá tionchar ag bearta nó ag cinntí a dhéantar i limistéar amháin ar limistéir eile. | **8 dTréimhse Ranga** |
| **6.3** | Bealach chun fás eacnamaíochta a nascadh le forbairt dhaonna is ea cumhachtú daoine. | **8 dTréimhse Ranga** |
| **6.4** | fhorbairt inbhuanaithe mar mhúnla d'fhorbairt dhaonna agus eacnamaíochta amach anseo. | **8 dTréimhse Ranga** |
| | | **27 Tréimhse Ranga san iomlán** |

Tá an roghaonad seo roinnt ina cheithre ráiteas.

Iarann **Ráiteas 6.1** ar dhaltaí breathnú go criticiúil ar dhearcthaí traidisiúnta ar an bhforbairt. Díríonn sé aird an dalta ar dhearcthaí cinntí agus nuachóirithe ar an bhforbairt. Díríonn siad seo isteach go criticiúil ar an dearcadh go bhfuil 'tíortha bochta' ar a ndícheall ag iarraidh leibhéil fhorbartha an 'domhain shaibhir' a bhaint amach. Tugann sé dúshlán íomhánna agus theanga an chur chuige thraidisiúnta i leith staidéar forbartha. Díríonn sé isteach go háirithe ar théarmaí an 'chead' domhain agus an 'tríú' domhan agus ar iarmhairtí an chur chuige seo.

Leanann **Ráiteas 6.2** air seo go díreach trí na míchothromaíochtaí seo a shuíomh laistigh den gheilleagar idirspleách domhanda.  Cíorann sé ról na MNCanna agus a dtionchar i dtaca leis na réigiúin táirgeoirí agus tomhaltóirí a bhfeidhmíonn siad iontu. Cíorann an ráiteas seo tionchar na bpatrún seo ar an timpeallacht agus é ag díriú isteach ar théamh domhanda, ar dhífhoraoisiú agus ar fhairsingiú fásaigh. Cíorann sé tionchar an duine le tagairt do dhídeanaithe, don imirce agus do chearta daonna.

Breathnaíonn **Ráiteas** 6.3 ar réitigh ar mhíchothromaíochtaí domhanda amach anseo. Tógann sé an cumhachtú mar bhealach chun fás geilleagrach agus forbairt dhaonna a nascadh. Díreoidh daltaí ar thionchar na bhfoirmeacha éagsúla cúnaimh fhorbartha agus ar ról na NGOnna. Cíorann sé úinéireacht talún, déanamh cinntí, dúshaothrú agus róil inscní.

Tógann **Ráiteas 6.4** an fhorbairt inbhuanaithe mar fhorbairt ríthábhachtach don todhchaí. Breathnaíonn sé ar úsáid inbhuanaithe acmhainní, idé na cóirthrádála, ceartas, agus féintuilleamaí.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an aonad seo, ba cheart go mbeadh daltaí Ardleibhéil ábalta measúnú a dhéanamh ar na dearcthaí éagsúla ar an bhforbairt agus ar an tearcfhorbairt, agus iad ag breathnú siar ar iarchleachtais agus rompu ar dhearcadh eolasach.

Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta tuiscint mhion a léiriú ar nádúr idirspleách an gheilleagair dhomhanda le tagairt faoi leith do chuideachta ilnáisiúnta mar chás-staidéar. Is féidir an cás-staidéar a úsáid le measúnú a dhéanamh ar thionchar an domhandaithe ar na réigiúin táirgeachta agus ar na réigiúin tomhaltais. Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta measúnú a dhéanamh ar thionchair thimpeallachta, pholaitiúla agus shóisialta na bpatrún eacnamaíochta seo agus ar straitéisí chun athraithe lena n-áirítear iad sin a bhfuil fócas daonna acu. Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta measúnú a dhéanamh ar choincheap na forbartha inbhuanaithe mar fhócas d'fhorbairt dhaonna agus eacnamaíochta.

## SCILEANNA TÍREOLAÍOCHTA

Tá múineadh scileanna tíreolaíochta le comhtháthú i ngach aon ghné den siollabas mar is cuí. Tá breac-chuntas ar na scileanna tíreolaíochta seo i gCroí-Aonad 3 den siollabas agus ba chóir na scileanna cuí a chur i bhfeidhm i múineadh an aonaid seo. Ba cheart na scileanna seo a leanas a úsáid agus a chur i bhfeidhm ar staidéar Roghaonad 9 mar is cuí.

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís ar fhótagraif

- anailís staitistiúil
- feidhmchláir teicneolaíochta faisnéise

**AM MÚINTEOIREACHTA**

Do dhaltaí Ardleibhéil amháin an t-aonad seo agus ba cheart go ndéanfaí é a mhúineadh laistigh de 27 tréimhse ranga 40 nóiméad ar fhad.

## ROGHAONAD 7

# GEO-ÉICEOLAÍOCHT

Cíorann an t-aonad seo an caidreamh idir ithreacha, aeráidí agus na bithóim a fhorbraíonn ó na hidirghaolmhaireachtaí seo. Díríonn an t-aonad seo isteach ar an gcaoi ar athraigh daoine na bithóim atá ann faoi láthair. Tá dlúthnasc idir an t-aonad seo agus Croí-Aonad 1, **Patrúin agus próisis sa chomhshaol fhisiceach.** Cuirfidh sé ar chumas an dalta léargas faoi leith a fháil ar an ngaol idir foirmiú ithreach agus oibriú na bpróiseas fisiceach sa chomhshaol. Cíorann sé níos faide an patrún in aeráidí an domhain agus breathnaíonn sé ar na bealaí a dtéann plandaí agus ainmhithe in oiriúint d'aeráidí agus d'ithreacha faoi leith. Tugtar an deis do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar aon bhithóm mór amháin leis na hidirghaolmhaireachtaí seo a léiriú. Díreoidh daltaí ar théama a forbraíodh i gCroí-Aonad 1, rud a chuirfidh ar a gcumas scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar idirghníomhaigh daoine le próisis fhisiceacha.

| **Uimhir Ráitis** | **Ráiteas** | **Tréimhsí Ranga: 40 nóiméad ar fhad.** |
|---|---|---|
| **7.1** | Forbraíonn ithreacha ó shíonchaitheamh carraigeacha in situ agus ó ábhar síonchaite athshil-leagtha. | **6 Thréimhse Ranga** |
| **7.2** | Bíonn tionchar á imirt ar shaintréithe ithreacha ag a gcomhshaol láithreach agus ag an teaglaim próiseas a oibríonn sa chomhshaol sin, lena n-áirítear cur isteach an duine. | **8 dTréimhse Ranga** |
| **7.3** | Tá bithóim shainiúla tagtha chun cinn as an bpatrún d'aeráidí domhanda. Is é atá sna bithóim sin ná réigiúin den domhan ar saintréith dóibh grúpaí plandaí nó ainmhithe atá dulta in oiriúint do shainchoinníollacha aeráide, ithreacha agus idirghaolmhaireachtaí bitheacha. | **6 Thréimhse Ranga** |
| **7.4** | Bíonn bithóim á n-athrú ag gníomhaíochtaí an duine. | **7 dTréimhse Ranga** |
| | | **27 Tréimhse Ranga** |

| | | |
|---|---|---|
| | | **san iomlán** |

Tá an t-aonad seo roinnte ina cheithre ráiteas.

Díríonn **ráiteas 7.1** ar fhorbairt ithreacha. Cíorfaidh an dalta comhdhéanamh ginearálta cineálacha ithreacha agus a saintréithe faoi leith.

Cíorann **ráiteas 7.2** an chaoi a mbíonn tionchar á imirt ar shaintréithe ithreacha ag a gcomhshaol láithreach agus ag an teaglaim próiseas lena n-áirítear cur isteach an duine. Cuirfidh daltaí oibriú próiseas ar aon chineál ithreach amháin de chuid na hÉireann i gcomparáid le haon chineál amháin ithreach ó shuíomh domhanda.

Cuireann **Ráiteas 7.3** coincheap bhithóim an domhain i láthair. Is é is bithóm ann réigiún mórscála a aithnítear trí idirghníomhaíocht plandaí, ainmhithe, ithreacha agus aeráidí.  Ní mór do dhaltaí aon bhithóm amháin a roghnú le staidéar a dhéanamh air. Beidh mionstaidéar i gceist ann seo ar na saintréithe seo agus ba cheart go gcuirfeadh sé leis an réigiún ilchríche nó fo-ilchríche ar baineadh úsáid as i gCroí-Aonad 3- an Tíreolaíocht Réigiúnach.

Nascann **Ráiteas 7.4** gníomhaíochtaí an duine le saintréithe na mbithóm. Iarrtar ar dhaltaí scrúdú a dhéanamh ar luathlonnaíochtaí agus ar an dífhoraoisiú mar fhianaise ar luathchur isteach an duine ar bhithóim. Is topaicí staidéir chomh maith iad gníomhaíochtaí ar na mallaibh mar atá leagan na foraoise trópaicí báistí, dianchleachtais talmhaíochta, agus forbairt thionsclaíoch.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an aonad seo, ba cheart go mbeadh daltaí Ardleibhéil ábalta forbairt ithreacha, idir a gcomhdhéanamh agus a saintréithe a thuiscint agus a léiriú. Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta ansin tuiscint a fhorbairt ar theaglaim próiseas a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt ithreacha. Beidh tuiscint ag daltaí ar an ngaol idir ithreacha agus aeráidí, ar toradh dóibh, forbairt bithóm áit ina bhfuil plandaí agus ainmhithe dulta in oiriúint do na coinníollacha comhshaoil faoi leith ann. Forbróidh daltaí an tuiscint seo trí staidéar a dhéanamh ar aon bhithóm domhanda amháin. Ba cheart go mbeadh siad ábalta ansin measúnú a dhéanamh ar thionchar an duine ar bhithóim.

## SCILEANNA TÍREOLAÍOCHTA

Tá múineadh scileanna tíreolaíochta le comhtháthú i ngach aon ghné den siollabas mar is feiliúnach. Tá breac-chuntas ar na scileanna tíreolaíochta seo i gCroí-Aonad 3 den siollabas agus ba chóir na scileanna cuí a chur i bhfeidhm i múineadh an aonaid seo. Ba cheart na scileanna seo a leanas a úsáid agus a chur i bhfeidhm ar staidéar roghaonad 7 mar is cuí.

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís ar fhótagraif
- anailís staitistiúil
- feidhmchláir teicneolaíochta faisnéise

## AM MÚINTEOIREACHTA

Do dhaltaí Ardleibhéil amháin an t-aonad seo agus ba cheart go ndéanfaí é a mhúineadh laistigh de 27 tréimhse ranga 40 nóiméad ar fhad.

## ROGHAONAD 8

# CULTÚR AGUS IONANNAS

Cuireann an roghaonad seo an caidreamh casta idir cultúr, náisiúntacht agus ionannas i láthair an dalta ardleibhéil. Cíorfaidh daltaí aicmí daonra trí thoisí fisiceacha agus cultúrtha.

Cíorfaidh daltaí chomh maith coincheap na náisiúntachta agus a ghaol leis an tírdhreach fisiceach, polaitiúil agus cultúrtha. Cuimhneoidh daltaí ansin coincheap an ionannais mar theaglaim de thoisí náisiúntachta, cine, creidimh agus teanga.

| **Uimhir Ráitis** | **Ráiteas** | **Tréimhsí Ranga:<br>40 nóiméad ar fhad.** |
|---|---|---|
| **8.1** | Is féidir daonraí a scrúdú de réir táscairí fisiceacha agus cultúir. Tá cultúr agus ionannas nasctha le hidéanna eiteachais, a chuimsíonn cine, teanga, creideamh, agus náisiúntacht. | **10 dTréimhse Ranga** |
| **8.2** | Aonáin pholaitiúla is ea náisiúntacht agus an náisiúnstát atá curtha ar an tírdhreach fisiceach. | **10 dTréimhse Ranga** |
| **8.3** | Siúlann an iliomad toisí cultúir le hionannas mar choincheap, lena n-áirítear náisiúntacht, teanga, cine, agus creideamh. | **7 dTréimhse Ranga** |
| | | **27 Tréimhse Ranga san iomlán**. |

Tá an t-aonad seo roinnte ina thrí ráiteas.

Cíorann **Ráiteas 8.1** aicmiú daonra trí tháscairí fisiceacha agus cultúrtha a úsáid. Cíorfaidh daltaí éagsúlachtaí géiniteacha agus cultúrtha agus an t-ionannas críche arb ionann é agus cine. Leanfar air seo ansin le díriú isteach ar na ceisteanna a bhaineann le cine lena n-áirítear sochaí ilchultúrtha, meascadh ciníoch, coinbhleacht chiníoch agus tionchar an choilíneachais. Díríonn an ráiteas isteach ansin ar na táscairí cultúrtha a úsáidtear in aicmiú daonra. Cíorfaidh daltaí grúpaí teanga, teangacha mionlaigh agus Eorpacha. Cíortar an creideamh ansin mar tháscaire cultúrtha. Déanfaidh daltaí staidéar ar dháileadh chreidimh an domhain, an caidreamh idir an eaglais agus an stát agus coinbhleacht de bharr creidimh. Cíorann an ráiteas na gnáthdhóigheanna ina gcuirtear cultúir na ndaoine in iúl.

Athraíonn **Ráiteas 8.2** an bhéim go cúrsaí náisiúntachta. Cíorann sé forbairt náisiúnstát mar aonáin pholaitiúla atá curtha ar an tírdhreach fisiceach. Cíorfaidh daltaí an gaol idir teorainneacha fisiceacha agus polaitiúla. Cíorfaidh siad an gaol idir grúpaí cultúrtha agus náisiúnstáit. Rianóidh daltaí grúpaí cultúrtha gan náisiúntacht agus samplaí de choinbhleachtaí idir struchtúir pholaitiúla agus grúpaí cultúir. Is féidir críochdheighilt oileán na hÉireann agus Thuaisceart na hÉireann a úsáid mar shuíomhanna do na topaicí seo staidéir.

Cuireann **Ráiteas 8.3** coincheap an ionannais i láthair. Léiríonn an ráiteas an chaoi a dtagann réimse táscairí cultúrtha le chéile lena n-áirítear náisiúntacht chun ciall don ionannas a chruthú. Déanfaidh daltaí staidéar ar aon réigiún amháin de chuid na hEorpa leis na hidirghníomhaíochtaí seo a thuiscint. Mar chuid den chás-staidéar seo beidh staidéar ar fhorbairt teorainneacha polaitiúla thar am, eitneachas, cine, creideamh, cultúr na ndaoine agus ról na himirce. Ba cheart go gcuideoidh an staidéar ar réigiún snáitheanna éagsúla an ionannais a ndearnadh staidéar orthu i dtopaicí eile le staidéir a tharraingt le chéile. Is féidir an cás-staidéar réigiúnach a nascadh leis an réigiún de chuid na hEorpa a roghnaíodh i gCroí-Aonad 2.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Ar chríochnú an aonaid seo, ba cheart go mbeadh daltaí ábalta táscairí fisiceacha agus cultúrtha an daonra a aithint agus a thuiscint. Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta na tréithe fisiceacha agus cultúrtha seo a chomhcheangal chun tuisceana ar eitneachas.

Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta ansin idé na náisiúntachta a nascadh leis an tírdhreach fisiceach agus cultúrtha. Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta ansin na dearcthaí cultúrtha a chomhcheangal chun tuisceana ar eitneachas.

## SCILEANNA TÍREOLAÍOCHTA

Tá múineadh scileanna tíreolaíochta le comhtháthú i ngach aon ghné den siollabas mar is cuí. Tá breac-chuntas ar na scileanna tíreolaíochta seo i gCroí-Aonad 3 den siollabas agus ba chóir na scileanna cuí a chur i bhfeidhm i múineadh an aonaid seo. Ba cheart na scileanna seo a leanas a úsáid agus a chur i bhfeidhm ar staidéar Roghaonad 8 mar is cuí:

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís ar fhótagraif
- anailís staitistiúil
- feidhmchláir teicneolaíochta faisnéise

## AM MÚINTEOIREACHTA

Do dhaltaí Ardleibhéil amháin an t-aonad seo agus ba cheart go ndéanfaí é a mhúineadh laistigh de 27 tréimhse ranga 40 nóiméad ar fhad.

## ROGHAONAD 9

## AN COMHSHAOL ATMAISFÉIR - ÁIGÉIN

Díríonn an roghaonad seo isteach ar an gcaidreamh idir na haigéin agus an t-atmaisféar agus cíorann sé an chaoi ar féidir leis an gcaidreamh seo tionchar a imirt ar phatrúin aeráide domhanda. Déanfaidh an t-aonad scrúdú ar na buneilimintí aeráide mar atá, brú, teocht, bogthaise agus patrún gaoithe. Déanfaidh an dalta ansin scrúdú ar dháileadh míchothrom ghrianfhuinnimh agus díreoidh sé ansin ar mhalartuithe idir an t-aigéan agus an t-atmaisféar ar toradh dóibh réigiúin éagsúla aimsire agus aeráide. Déantar é seo a fhorbairt níos mó trí bhreathnú ar thionchar na bpatrún imshruthaithe san aigéan agus san atmaisféar ar an aimsir agus ar an aeráid.

Tarraingítear na caidrimh seo le chéile le haird an dalta a dhíriú ar na réigiúin aeráide domhanda. Cuireann tionchar na haeráide ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta idirghníomhaíocht ghníomhaíochtaí an duine le saintréithe aeráide i láthair.

| **Uimhir Ráitis** | **Ráiteas** | **Tréimhsí Ranga: 40 nóiméad ar fhad.** |
|---|---|---|
| **9.1** | Is córais nasctha iad gáis an atmaisféir agus uiscí na n-aigéan, a bhfuil saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha acu is féidir a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú | **4 Thréimhse Ranga** |
| **9.2** | Tá an grianfhuinneamh dáilte go héagothrom thar dhromchla na cruinne agus déantar é a chlaochlú agus a athdháileadh trí phatrúin chúrsaíochta san atmaisféar agus sna haigéin. | **2 Thréimhse Ranga** |
| **9.3** | Tá éagsúlacht mhór thar dhromchla na cruinne sna malartuithe uisce idir na haigéin agus an t-atmaisféar agus eascraíonn córais shainiúla aimsire agus aeráide uathu. | **6 Thréimhse Ranga** |
| **9.4** | Imríonn cúrsaíocht san atmaisféar agus sna haigéin araon tionchar ar phatrúin aimsire agus aeráide ar éagsúlacht scálaí. | **6 Thréimhse Ranga** |
| **9.5** | Is féidir dromchla na cruinne a roinnt ina chomhshaolta sainiúla aeráide. Féadfaidh na saintréithe aeráide athrú thar am agus spás. | **6 Thréimhse Ranga** |
| **9.6** | Bíonn tionchar ag saintréithe aeráide ar fhorbairt gheilleagrach. | **3 Thréimhse Ranga** |
| | | **27 Tréimhse Ranga san Iomlán** |

Tá an t-aonad seo roinnte ina shé ráiteas.

Cíorann **Ráiteas 9.1** comhdhéanamh bunúsach chóras an atmaisféir agus an aigéin, ag breathnú ar chomhdhéanamh an atmaisféir agus ar fheiniméin intomhaiste an bhrú, na teochta, na bogthaise agus na gaoithe.

Breathnaíonn **Ráiteas 9.2** ar dháileadh éagothrom an ghrianfhuinnimh ar an aigéan agus ar an atmaisféar agus ar an gcúrsaíocht feachtaí aigéin agus patrún gaoithe a n-eascraíonn astu.

Breathnaíonn **Ráiteas 9.3** ar an gcaoi a bhforbraíonn sainphatrúin aimsire agus aeráide as malartú uisce idir an t-aigéan agus an t-atmaisféar. Cíorfaidh daltaí an timthriall hidreolaíoch, bogthaise, galú, comhdhlúthú, agus patrúin scamall agus frasaíochta.

Díríonn **Ráiteas 9.4** ar thionchar na gaoithe ar phatrúin aeráide ar scálaí éagsúla. Déanfaidh daltaí staidéar ar phatrúin chúrsaíochta domhanda agus ar na fórsaí a rialaíonn na patrúin seo. Cíorann an ráiteas seo saintréithe na logán agus na bhfrithchioclón ar scála domhanda. Díreoidh daltaí ar phatrúin áitiúla lena n-áirítear feothain ar muir agus ar tír, gaotha sléibhe agus gleannta, agus dáileadh stoirmeacha toirní.

Tarraingíonn **Ráiteas** 9.5 iomlán na bpatrún domhanda a bhfuil staidéar déanta orthu cheana le chéile chun comhshaolta sainiúla aeráide a shainaithint. Beidh ar dhaltaí staidéar mionsonraithe a dhéanamh ar aon aeráid dhomhanda amháin agus fios a bheith acu go n-athraíonn siad seo le himeacht ama mar gheall ar phróisis an athraithe aeráide.

Cíorann **Ráiteas 9.6** idirghníomhaíocht an duine leis na réigiúin aeráide seo. Díríonn sé isteach ar an gcaoi a n-imríonn an aeráid tionchar ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta. Breathnóidh daltaí ar thionchar phatrúin na báistí ar an talmhaíocht agus ar an uisce tí. Díreoidh siad isteach ar thriomach, ar fhairsingiú fásaigh agus ar thionchar na haeráide ar an turasóireacht.

## SCILEANNA TÍREOLAÍOCHTA

Tá múineadh scileanna tíreolaíochta le comhtháthú i ngach aon ghné den siollabas mar is cuí. Tá breac-chuntas ar na scileanna tíreolaíochta seo i gCroí-Aonad 3 den siollabas agus ba chóir na scileanna cuí a chur i bhfeidhm i múineadh an aonaid seo. Ba cheart na scileanna seo a leanas a úsáid agus a chur i bhfeidhm ar staidéar Roghaonad 9 mar is cuí.

- léirléamh léarscáileanna
- léirmhíniú fíoracha
- anailís ar fhótagraif
- anailís staitistiúil
- anailís ar léamha ó ionstraimí aimsire
- feidhmchláir teicneolaíochta faisnéise

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Ar chríochnú a gcuid staidéir ar an roghaonad seo ba cheart go mbeadh daltaí ar an eolas faoi thomhas saintréithe de chóras an atmaisféir agus na n-aigéan lena n-áirítear brú, teocht, gaoth agus bogthaise. Ba cheart go mbeadh siad ábalta an tomhas a bhreathnú freisin. Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta tuiscint a léiriú ar dháileadh éagothrom an ghrianfhuinnimh agus ar an gcaoi a gclaochlaítear agus a n-athdháiltear an fuinneamh seo trí chúrsaíocht an aigéin agus an aeir.

Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir patrúin faoi leith aeráide agus aimsire teacht ó mhalartú uisce idir na haigéin agus an t-atmaisféar.

Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta patrún cúrsaíochta na n-aigéan agus an atmaisféir a rianú agus measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar an aimsir agus ar an aeráid. Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta na sain-chomhshaolta domhanda aeráide a aithint agus staidéar mionsonraithe a dhéanamh ar cheann amháin acu. Ar deireadh, ba cheart go mbeadh daltaí ábalta measúnú a dhéanamh ar thionchar shaintréithe na haeráide ar ghníomhaíochtaí geilleagracha.

## AM MÚINTEOIREACHTA

Do dhaltaí Ardleibhéil amháin an t-aonad seo agus ba cheart go ndéanfaí é a mhúineadh laistigh de 27 tréimhse ranga 40 nóiméad ar fhad.

# Rannán a dó Measúnacht

## 2. MEASÚNACHT

### AN PÁIPÉAR SCRÚDAITHE

Beidh páipéir scrúdaithe éagsúla dhá uair go leith ann do dhaltaí Ardleibhéil agus do dhaltaí Gnáthleibhéil. Beidh ualú measúnachta 80% ag gabháil leis an bpáipéar scrúdaithe. Beidh idir cheisteanna a éileoidh freagraí gearra agus cheisteanna ilchodacha a éileoidh freagraí is mionsonraithe ann. Pléfhreagraí níos faide i stíl aiste a bheidh ag teastáil i measúnú na roghaonad amháin. I ngach ceist gheofar ábhar spreagtha agus eilimint scileanna tíreolaíochta, i gcás gur cuí sin.

Tá struchtúr na bpáipéar scrúdaithe don Ardleibhéal agus don nGnáthleibhéal ar na chéad leathanaigh eile.

### AN TUARASCÁIL AR AN IMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA

Beidh ualú measúnachta 20% ag an tuarascáil ar an Imscrúdú Tíreolaíochta. Déanfar é a mheasúnú lasmuigh den pháipéar scrúdaithe.

### STRUCHTÚR AN PHÁIPÉIR SCRÚDAITHE

**An Tíreolaíocht don Ardteistiméireacht (Ardleibhéal)**

| **Croí-roinn 1** | **Ualú scrúdaithe laistigh den pháipéar scrúdaithe** | **Leithdháileadh marcanna** | **Fad scrúdaithe** |
|---|---|---|---|
| 12 cheist ghearrfhreagra (*déantar 10 gcinn*) ar Chroí-Aonad 1,2, agus 3 | 20% | 80 marc (10*8) | 30 nóiméad |
| 3 cheist (*déantar ceann amháin*) is meascán iad de cheisteanna gearrfhreagra agus de cheisteanna ilchodacha ar Chroí-Aonad 1 agus scileanna. | 20% | 80 marc | 30 nóiméad |
| 3 cheist (*déantar ceann amháin*) is meascán iad de cheisteanna gearrfhreagra agus de cheisteanna ilchodacha ar Chroí-Aonad 2 agus | 20% | 80 marc | 30 nóiméad |

| | | | |
|---|---|---|---|
| scileanna. | | | |
| **Toghaonaid**<br><br>3 cheist (*déantar ceann amháin*) is meascán iad de cheisteanna gearrfhreagra agus de cheisteanna ilchodacha ar thoghaonad 4 nó 5 agus scileanna.<br>(*Freagraíonn daltaí ceist ar aon toghaonad amháin.*) | 20% | 80 marc | 30 nóiméad |
| **ROGHAONAID**<br><br>3 cheist i stíl aiste ar gach roghaonad.<br>*(Freagróidh daltaí aon cheist amháin ar aon roghaonad amháin dá rogha féin)* | 20% | 80 marc | 30 nóiméad |
| **Iomlán** | **100%** | **400 marc** | **150 nóiméad (2.5 uair an chloig)** |

**Tuarascáil ar an Imscrúdú: 100 Mark 500 Marc san Iomlán**

## STRUCHTÚR AN PHÁIPÉIR SCRÚDAITHE

## Tíreolaíocht don Ardteistiméireacht (Gnáthleibhéal)

| **Croí-roinn 1** | **Ualú scrúdaithe laistigh den pháipéar scrúdaithe** | **Leithdháileadh marcanna** | **Fad scrúdaithe** |
|---|---|---|---|
| 12 cheist ghearrfhreagra (*déantar 10 gcinn*) ar Chroí-Aonad 1, 2, agus 3. | 25% | 100 marc (10 * 10) | 30 nóiméad |
| 3 cheist (*déantar ceann amháin*) is meascán iad de cheisteanna gearrfhreagra agus de cheisteanna ilchodacha ar Chroí-Aonad 1 agus scileanna. | 25% | 100 marc | 40 nóiméad |
| 3 cheist (*déantar ceann amháin*) is meascán iad de cheisteanna gearrfhreagra agus de cheisteanna ilchodacha ar Chroí-Aonad 2 agus scileanna. | 25% | 100 marc | 40 nóiméad |
| **Toghaonaid**<br><br>3 cheist (*déan ceann amháin*) is meascán iad de cheisteanna gearrfhreagra agus de cheisteanna ilchodacha ar thoghaonad 4 nó 5 agus scileanna.<br><br>(*Freagraíonn daltaí ceist ar aon toghaonad amháin.*) | 25% | 100 marc | 40 nóiméad |
| **Iomlán** | **100%** | **400 marc** | **150 Nóiméad (2.5 uair an chloig)** |

**Tuarascáil ar an Imscrúdú: 100 Mark** **500 Marc san Iomlán**

### MEASÚNACHT AR AN TUARASCÁIL AR AN IMSCRÚDÚ

Beidh an mheasúnacht ar an tuarascáil ar an Imscrúdú Tíreolaíochta scartha ón scrúdú scríofa ceann cúrsa. Beidh ar dhaltaí cúig chéim an imscrúdaithe mar atá siad leagtha amach i léaráid 1 ar an gcéad leathanach eile a leanúint. Tá ualú measúnachta ag gach céim déanfar réimse gníomhaíochtaí agus marcanna a leithdháileadh dá réir. 100 marc atá ag gabháil don Imscrúdú Tíreolaíochta ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal araon.

## An leabhrán tuairiscithe

Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leabhrán tuairiscithe caighdeánaithe d'iarrthóirí aonair.

Déanfaidh daltaí tuairisciú ar gach céim den imscrúdú sa roinn ábhartha sa leabhrán. Líonfaidh daltaí aonair na leabhráin in am ranga nó lasmuigh den scoil. Éascóidh an leabhrán cur isteach ábhar grafach a bhaineann leis an imscrúdú. Seolfar na leabhráin chomhlánaithe chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haghaidh measúnachta. Beidh ar gach iarrthóir bileog loga a choimeád le linn an imscrúdaithe agus iad ag taifeadadh chur i gcrích na gcéimeanna éagsúla.

## Bileog loga

Agus daltaí ag dul chun cinn trína n-imscrúdú, beidh orthu bileog loga mar atá sí leagtha amach ar leathanach 39 a chomhlánú. Tá an bhileog deartha sa tslí gur féidir dul chun cinn tríd an imscrúdú a rianú agus gur féidir a chinntiú go gcuirtear gach céim i gcrích. Tá an bhileog deartha le díriú isteach ar phróiseas an imscrúdaithe ag gach céim mar atá leagtha amach sa siollabas. Cuid den leabhrán tuairiscithe is ea an bhileog loga chomhlánaithe.

## SCRÚDÚ TEASTAIS

## Fíordheimhniú

Éilíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit go ndéanfaidh iarrthóirí agus a scoileanna gach píosa oibre praiticiúla/tionscadail a chuirfear isteach le haghaidh measúnachta mar chuid den scrúdú ardteistiméireachta a fhíordheimhniú go foirmiúil. Eiseoidh an Coimisiún cáipéisí feiliúnacha lena aghaidh seo.

Cé go nglactar leis go bhféadfadh iarrthóirí bheith ag obair le chéile ar aon topaic imscrúdaithe amháin, beidh ar gach dalta tuarascáil dá chuid féin a chur isteach le haghaidh measúnachta. Ní ghlacfar le tuarascálacha grúpaí.

**Léaráid 1. Measúnacht ar an tuarascáil ar an Imscrúdú**

| **Céim** | **Gníomhaíochtaí** | **Ualú Measúnachta Molta**<br>**AL** | <br>**GL** |
|---|---|---|---|
| Beartú na bhfadhbanna agus ceapadh straitéise | • roghnú topaice le haghaidh imscrúdaithe<br>• ráiteas soiléir ar an hipitéis nó ar an aidhm<br>• breac-chuntas ar na cuspóirí<br>• sainaithint na gcineálacha faisnéise atá ag teastáil | 5% | 5% |
| Pleanáil<br><br>Ullmhú na hoibre atá le déanamh | • roghnú na modhanna chun an fhaisnéis a bhailiú agus a chruinniú.<br>• dearadh ceistneora nó bileog taifeadta<br>• cinntí ar shuíomhanna le haghaidh an imscrúdaithe | 5% | 5% |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bailiúchán sonraí | • úsáidí uirlisí le tomhais a dhéanamh<br>•taifeadtaí ar thuairimí a rinneadh sa ghort.<br>• úsáid ceistneoirí agus suirbhéanna, mar is cuí<br>• úsáid éagsúlachta d'fhoinsí tánaisteacha, e.g. foinsí doiciméadacha<br>• plé ar na fadhbanna a bhí ann | 30% | 30% |
| Ullmhú tuarascála | • eagrú sonrú<br>•úsáid léaráidí, graf, léarscáileanna agus táblaí<br>• úsáid ICT, nuair is cuí, chun torthaí agus conclúidí a ullmhú agus a chur i láthair | 30% | 30% |
| Conclúid agus luacháil | • anailís agus léirmhíniú ar thorthaí<br>• tarraingt conclúidí bailí<br>• torthaí a chur i gcomparáid le teoiricí bunaithe.<br>• luacháil ar an hipitéis<br>• scrúdú ar bhailíocht an imscrúdaithe agus moltaí chun feabhsaithe | 30% | 30% |

**AN TIMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA**:

**BILEOG LOGA SHAMPLACH AGUS LEABHRÁN TUAIRISCITHE**

Tá an bhileog loga agus an leabhrán tuairiscithe deartha le tacaíocht a thabhairt don dalta síos tríd an imscrúdú. Tugann sé struchtúr chun an dalta a threorú síos trí fhrámú an imscrúdaithe, trí phleanáil agus bhailiú na sonraí, agus trí chéimeanna an tuairiscithe. Tugann sé seicliosta do gach comhpháirt den imscrúdú.

Cé gur cuid riachtanach den imscrúdú comhlánú na bileoige loga, ní dhéanfar í a mheasúnú agus ní bheidh marcanna ag gabháil dá chomhlánú.

| **Bileog loga le cur leis an tuarascáil ar an Imscrúdú Tíreolaíochta: Leathanach 1** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Céim** | **Gníomhaíocht** | **Foinsí faisnéise** | **Obair aonair nó ghrúpa** | **Suíomh díreach** | **Dáta, síniú an dalta** |
| 1. Beartú na faidhbe nó na ceiste agus ceapadh straitéise | | | | | |
| 2. Pleanáil:<br><br>Ullmhú le haghaidh na hoibre atá le déanamh | | | | | |
| 3. Bailiúchán | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| sonraí | | | | | |
| 4. Tiomsú na tuarascála. | | | | | |

Tá an bhileog seo le comhlánú chun faisnéis ar dhul chun cinn agus ar chur i gcrích an Imscrúdaithe Tíreolaíochta a chur ar fáil. Ní thabharfar marcanna uirthi seo: Tá sí ann chun an dalta a threorú síos tríd an bpróiseas. Líon isteach cúl na bileoige freisin le do thoil. Ní mór an bhileog a chur isteach leis an tuarascáil deiridh.

| **Bileog loga**: **Leathanach 2** | |
|---|---|
| Teideal/Topaic roghnaithe | |
| Tabhair breac-chuntas ar na príomhaidhmeanna atá agat nó tabhair sonraí ar an hipitéis a bhfuil tú ag déanamh tástála uirthi. | |
| Déan cur síos ar na príomh-mhodhanna a d'úsáid tú chun d'fhaisnéis a chruinniú | |
| Cad iad na torthaí ba thábhachtaí a fuair tú? | |
| Déan trácht ar eispéireas a bhí agat agus tú ag cur an Imscrúdaithe Tíreolaíochta i gcrích. | |

**LEABHRÁN TUAIRISCITHE SAMPLACH DON IMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA**

## Tuarascáil ar an Imscrúdú Tíreolaíochta

Ní mór d'iarrthóirí gach rannán den leabhrán tuairiscithe a chomhlánú. Tá spás tugtha le haghaidh léaráidí. Ní mór an tuarascáil a chomhlánú laistigh den spás atá tugtha. Ní ceadmhach leathanaigh bhreise a chur léi.

Uimhir Scrúdaithe

Teideal an Imscrúdaithe Tíreolaíochta:

N.B. Ar mhaithe le leagan amach samplach a thabhairt, tá gach ceannteideal tugtha ar aon leathanach amháin. Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit cinneadh ar líon na leathanach do gach rannán agus ar fhad iomlán an leabhráin. Seolfar leabhrán samplach chuig gach scoil in am trátha.

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Topaic Imscrúdaithe** | (5 mharc : Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal) |
| | Aidhmeanna nó hipitéis. | |
| | Aon fhaisnéis chúlra tíreolaíochta. | |

**2. Céim na Pleanála** (5 mharc: Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal)

Ba cheart go mbeadh sonraí orthu seo a leanas sa roinn seo:

- an chaoi ar roghnaigh tú do mhodhanna bailiúcháin
- Sonraí ar na modhanna taifeadta a úsáidfidh tú.

**3. Déan cur síos ar an gcaoi ar chruinnigh tú do chuid faisnéise** **30 marc: Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal)**

**Cuir na sonraí seo a leanas i do chur síos**

- cur síos gearr ar na príomh-mhodhanna bailiúcháin a d’úsáid tú
- na huirlisí a d’úsáid tú chun tomhais a dhéanamh
- taifeadadh na faisnéise sa ghort
- úsáid suirbhéanna, ceistneoirí agus daonraí samplacha, mar is cuí
- úsáid foinsí tánaisteacha
- plé ar na fadhbanna a bhí ann.

**4. Torthaí, Conclúid agus luacháil: (30 marc: Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal)**

**Cuir an méid seo a leanas sa roinn seo:**

- an chaoi a ndearna tú anailís ar an bhfaisnéis chun do chuid torthaí a fháil
- sonraí ar na príomhthorthaí
- na príomhchonclúidí atá agat
- mar a sheasann do chuid torthaí i gcomparáid leis an teoiric bhunaithe
- luacháil ar do hipitéis
- scrúdú ar bhailíocht an imscrúdaithe agus moltaí chun feabhsaithe.

**5. Cuir i láthair (30 marc: Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal)**

Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas sa roinn seo:

- an chaoi ar eagraigh tú an fhaisnéis a bhailigh tú
- Do roghanna maidir le modhanna cur i láthair-graif, léarscáileanna, táblaí etc.
  Tá spás ann chun do chuid torthaí a léiriú trí na modhanna seo a úsáid.
- déan cur síos ar an gcaoi ar úsáid tú an ICT chun do chuid torthaí a phróiseáil agus a chur i láthair (más cuí)

## MEASÚNACHT LE HAGHAIDH FOGHLAMA

Go traidisiúnta, bhí an mheasúnacht scartha ón bhfoghlaim agus í ag tarlú go seachtrach ar chríochnú an phróisis foghlama. Ba í an aidhm a bhí aici daltaí a ghrádú agus a rangú de réir critéar a bhí ceaptha ag an stát nó ag an múinteoir gan aon ionchur a bheith ag an dalta. Is féidir cur síos air seo mar mheasúnacht ar fhoghlaim. Tá gráid agus marcanna tábhachtach, agus cothaíonn éilimh lasmuigh den seomra ranga an tábhacht seo, ach is minic nach riarann siad ar riachtanais foghlama na ndaltaí. Sa mheasúnacht le haghaidh foghlama, tá an mheasúnacht leanúnach, tá sí ina páirt lárnach den phróiseas foghlama, treisíonn sí ar an bhfoghlaim agus tá sí ina próiseas comhoibríoch idir an dalta agus an múinteoir.

Is ar bhonn roinnt príomhphrionsabal atá an mheasúnacht le haghaidh foghlama tógtha. Ar dtús, ní mór sprioc na foghlama a roinnt leis na daltaí. D’fhéadfaí gur cur i gcrích taisc nó léiriú scile a bheadh ann seo. Ina dhiaidh seo, tá critéir shoiléire le haghaidh ratha ag teastáil ó dhaltaí. Tá torthaí an tsiollabais bunaithe ar thagairt an chritéir- ‘ar chríochnú an aonaid seo ba cheart go mbeadh an dalta ábalta...’ Tá sé tábhachtach go ndéanfaí an t-eolas seo a roinnt le daltaí ag tús gach aonaid mhúinteoireachta.

Is féidir gur bealach tábhachtach atá san aiseolas, bíodh sin á thabhairt mar thráchtanna ar thascanna agus ar scrúduithe nó go neamhfhoirmiúil mar chuid den mhúineadh ranga, chun cur le foghlaim na ndaltaí agus chun an ghnóthachtáil a ardú. Is féidir cur síos ar aiseolas mar eolas a thugann an múinteoir don dalta chun é a chur i dtreo na spriocanna foghlama. Nuair a bhíonn a fhios ag an dalta go bhfuil sé ag dul sa treo ceart, is féidir go ndéanfadh sé é a spreagadh chun dul chun cinn agus feabhas a dhéanamh. Ar an taobh eile, má fhaigheann sé drochmharc nó drochghrád gan fhios aige cén fáth, is féidir leis sin frustrachas a chothú. Go dearfa, is féidir le trácht cuiditheach tacú leis an bhfoghlaim i bhfad níos fearr ná mar a dhéanann marcanna agus gráid a mbaintear úsáid astu go minic chun feidhmíocht na ndaltaí a chur i gcomparáid le chéile agus chun ‘sraith-tháblaí’ feidhmíochta a chur le chéile. Tá tionchar nach beag ag an measúnacht ar inspreagadh agus ar fhéinmheas daltaí ar rudaí iad a bhfuil tionchar criticiúil acu ar an bhfoghlaim.

Is é is fearr a éiríonn leis an measúnacht le haghaidh foghlama nuair a bhíonn na daltaí féin páirteach sa mheasúnacht. A luaithe a thugtar agus a thuigtear critéir shoiléire, tugtar aiseolas tosaigh agus é ag taispeáint na bhfeabhsúchán is gá a dhéanamh. Ba cheart go spreagfaí daltaí chun measúnú a dhéanamh ar a gcuid oibre féin, agus an múinteoir ag deimhniú nó ag leasú an toraidh de réir mar is gá. Is féidir gur uirlisí éifeachtacha chun foghlama iad an féinmheasúnú agus an t-athbhreithniú piaraí.

Is féidir leis an measúnacht inspreagadh cumhachtach a thabhairt do dhaltaí. Ba cheart í a ionshuí i bpleanáil gach ceachta nó aonaid chúrsa agus gan í a fhágáil mar athsmaoineamh ag an deireadh. Ba cheart go stiúrfadh sí agus go gcuirfeadh sí le hábhar na múinteoireachta agus leis an gcaoi a ndéantar é a mhúineadh. Tá an mheasúnacht le haghaidh foghlama ionshuite go soiléir sna pleananna ceachta samplacha i Roinn 4 de na treoirlínte seo.

# Rannán a trí: múineadh an tsiollabais

## 3. MÚINEADH AN TSIOLLABAIS

### PLEANÁIL CHOMHOIBRÍOCH

Tugann cur i bhfeidhm siollabais úir deis do mhúinteoirí tíreolaíochta smaoineamh ar nádúr an ábhair agus ar an gcaoi a ndéantar é a mhúineadh. Tá réimsí úra obair chúrsa sa siollabas nár clúdaíodh roimhe, agus cruthaíonn sé seo éilimh ann féin. Ceann d'aidhmeanna na dtreoirlínte seo is ea múinteoirí a spreagadh chun bheith cruthaitheach sa chaoi a dtéann siad i mbun an tsiollabais agus chun roghaonaid nár múineadh roimhe a fhiosrú.

Beidh modhanna feiliúnacha oibre a chuirfidh le haidhmeanna an tsiollabais ag teastáil chun an siollabas a mhúineadh. Tá buneolas tugtha ar chuid de na modhanna seo sna treoirlínte seo. Beidh tacaíocht ar líne, ina mbeidh pleananna ceachta agus acmhainní eile ar fáil.

Tá an siollabas á thabhairt isteach ag am a bhfuil Pleanáil um Fhorbairt Scoileanna ar bun ag scoileanna. Tá baill foirne ag comhoibriú le chéile chun grinnscrúdú a dhéanamh ar réimsí iomlána shaol na scoile lena n-áirítear cáilíocht na múinteoireachta agus na foghlama agus iad ag iarraidh feabhsúcháin a dhéanamh.  Éascaíonn an siollabas úr seo dea-chleachtas sa réimse seo.

Tá an phleanáil lárnach do sholáthar an tsiollabais. Chun é a chur i bhfeidhm go héifeachtach, beidh pleanáil mhionsonraithe ag teastáil i ndéanamh aonad múinteoireachta ar féidir leo an comhshaol áitiúil a úsáid mar shuíomh chun príomhráitis an tsiollabais a mhúineadh. Is é an chaoi is fearr chun na haonaid seo a phleanáil agus chun ábhair spreagtha, bileoga oibre agus uirlisí measúnachta a chruthú ná bheith ag comhoibriú le comhghleacaithe eile san ábhar a roinneann an comhshaol céanna. Is féidir le grúpaí múinteoirí sa cheantar áitiúil céanna bheith ag obair le chéile chun acmhainní a chomhthiomsú.

### POINTE IONTRÁLA

Is maith le cuid mhór múinteoirí dul i mbun an tsiollabais go líneach, i.e., tosú ar Aonad 1 a mhúineadh agus leanúint ansin síos go dtí an roghaonad. Tacaíonn struchtúr bhunús na dtéacsleabhar leis an gcur chuige seo. Is fiú smaoineamh, áfach, ar chur chuige éagsúil atá bunaithe ar shuíomhanna a tharraingíonn snáitheanna an tsiollabais le chéile. Ní gá na croí-aonaid, na toghaonaid agus na roghaonaid a mhúineadh mar aonaid neamhspleácha. Tá naisc ann síos tríd an siollabas agus ba cheart leas a bhaint astu sin. Is féidir an siollabas a ghearradh cuid mhór trí leas éifeachtach a bhaint as na naisc seo.

Ba cheart na scileanna a ionshuí i múineadh gach aonaid den siollabas. Aon phointe iontrála amháin chun an tsiollabais ná díriú isteach ar fhorbairt scileanna in obair léarscáileanna, i léirléamh fótagraf, agus i léirmhíniú fíoracha sna gnéithe sin den tíreolaíocht fhisiceach agus de thíreolaíocht an duine i gCroí-Aonad 1 agus sa toghaonad.

Faoi dheireadh na chéad bhliana den chúrsa, ba cheart go mbeadh daltaí inniúil ar na scileanna sin atá de dhíth chun dul i mbun an Imscrúdaithe Tíreolaíochta.

Taispeánann na pleananna dhá bhliain shamplacha i Roinn 4 de na treoirlínte seo an chaoi a bhféadfaí an cur chuige seo a fhorbairt fud fad na hArdteistiméireachta Tíreolaíochta.

## ROGHNÚ TÉASCLEABHAR

Táthar ag súil leis go leagfaidh na treoirlínte seo béim ar phríomhghnéithe agus ar phríomh-mhodanna oibre lena chinntiú go mbeidh múineadh an tsiollabais á thiomáint ag an siollabas in áit na dtéacsleabhar. Is é an siollabas an príomhdhoiciméad agus ní mór do mhúinteoirí dul i dtaithí ar na riachtanais atá ann. Tá neamhspleáchas suntasach á thabhairt do mhúinteoirí i roghnú toghaonad, roghaonad agus suíomhanna.

Ba cheart cúram a dhéanamh agus téacsleabhair a roghnú lena chinntiú go dtacófar le neamhspleáchas múinteoirí. Is é atá sa siollabas an méid atá le múineadh, is acmhainn atá sa téacsleabhar. Ba cheart go mbeadh cuid mhór ábhar acmhainní sna téacsleabhair a mbainfear úsáid astu mar spreagthaigh chun foghlama agus plé.

Tá leibhéal na teanga a úsáidtear i dtaca le cumas an ranga chomh maith le seachaint steiréitíopála agus saincheisteanna eile le cuimhneamh freisin.

## ROGHNÚ TOGHAONAID

Is gá an toghaonad a roghnú go luath, mar gurbh fhéidir go mbeadh rogha an téacsleabhair ag brath air. Is féidir gur rogha dheacair a bheidh ann nó tá fiúntas leis an dá thoghaonad iontu féin agus tá siad araon bainteach leis an saol nua-aimseartha.

Tá impleachtaí ag rogha an toghaonaid ar rogha an roghaonaid do dhaltaí Ardleibhéil. Tá naisc agus forluí idir Toghaonad 4: Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha agus Roghaonad 6: An tIdirspleáchas Domhanda agus chomh maith céanna Roghaonad 5: Patrúin agus Próisis i gComhshaol an duine agus Roghaonad 8: Cultúr agus Ionannas.

## ROGHNÚ AN ROGHAONAID

Is do dhaltaí Ardleibhéil atá Roghaonaid 6-9. Níl Roghaonaid le déanamh ag daltaí Gnáthleibhéil agus ní scrúdófar aon chuid de dhamhna an Roghaonaid san Ardteistiméireacht ag an nGnáthleibhéal.

Tá ceithre Roghaonad sa siollabas. Tá Roghaonad 7: Geo-éiceolaíocht agus Roghaonad 9: An Comhshaol Atmaisféir-Aigéin ag tógáil ar Thíreolaíocht Fhisiceach agus ar an méid a dhéantar i gCroí-Aonad 1: Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fhisiceach.

Tá Roghaonad 6: An tIdirspleáchas Domhanda ag cur le Toghaonad 4: Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha. Tá forluí idir damhna na n-aonad. Ar an gcaoi chéanna tá Roghaonad 8: Cultúr agus Ionannas ag cur le Toghaonad 5: Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fhisiceach.

Mar aon leis na croí-aonaid agus leis na toghaonaid, tá na roghaonaid le múineadh i suíomhanna réigiúnacha. Ba chóir riachtanais an roghaonaid a thuiscint agus a mheabhrú agus suíomhanna réigiúnacha á roghnú i gCroí-Aonad 3. Is féidir cuid mhór ama múinteoireachta a shábháil ach aonaid eile sna suíomhanna céanna á nascadh.

Maíonn an siollabas go ndéanfar an roghaonad a mheasúnú trí fhreagra dioscúrsach is faide i stíl aiste.

## ROGHNÚ SUÍOMHANNA

I múineadh Chroí-Aonad 1 agus Thoghaonad 4 nó 5 (nó Roghaonad 6, 7, 8, 9 don Ardleibhéal amháin), cuirtear na heochair-ráitis i láthair trí eiseamláirí ó shuíomhanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a úsáid. I gCroí-Aonad 2, moltar do dhaltaí díriú isteach ar staidéar ar chúig réigiún:

- Dhá réigiún chontrártha de chuid na hÉireann.
- Dhá réigiún contrártha de chuid na hEorpa.
- Aon réigiún ilchríche amháin nó aon réigiún fo-ilchríche amháin lasmuigh den Eoraip.

Moltar go mór go mbaintear úsáid as na réigiúin a roghnaítear i gCroí-Aonad 2 mar shuíomhanna, áit ina gcuirtear sin in iúl, do na haonaid eile. Ba chóir cúram a dhéanamh de go dtabharfadh na suíomhanna a roghnaítear réimse leathan deiseanna agus samplaí d’eochair-ráitis an aonaid sin. Mar shampla, dá roghnófaí an Bhrasaíl mar réigiún fo-ilchríche, thiocfadh sin a úsáid mar shuíomh d’oibriú cuideachta ilnáisiúnta.

(Toghaonad 4.3), an tionchar ar an timpeallacht a bhaineann le scrios foraoisí báistí (Toghaonad 4.5); nó athruithe daonra (Toghaonad 5.1 agus 5.2), an imirce tuaithe-uirbeach (Toghaonad 5.3), fás na lárionad uirbeach (Toghaonad 5.6).

Sna roghaonaid, thiocfadh an suíomh céanna a úsáid leis na gnéithe seo a leanas a léiriú: scrios na bhforaoisí báistí agus anás na bpobal dúchais (Roghaonad 6), bithóm na bhforaoisí báistí (Roghaonad 7), tionchar an choilíneachais agus na himirce (Roghaonad 8) agus aeráid an mheánchiorcail (Roghaonad 9).

Seo thíos na buntáistí a bhaineann leis an gcur chuige seo:

- sábhálann sé am trí líon na suíomhanna a bhfuil staidéar le déanamh orthu a laghdú.
- cuireann sé leis an eolas ar an suíomh réigiúnach atá roghnaithe.
- tarraingíonn sé snáithe leis an siollabas ar fad a thabhairt le chéile.

## DEARCTHAÍ AGUS LUACHANNA

Maíonn an siollabas gur cheart go spreagfaí daltaí chun dearcadh fabhrach a chothú ina leith féin, i leith daoine eile agus i leith a gcomhshaoil. I measc na ndearcthaí a luaitear tá tuiscint don éagsúlacht shóisialta, chultúrtha agus timpeallachta agus feasacht ar gach cineál steiréitíopála agus réamhchlaonta.

Tugann cuid de na haonaid mhúinteoireachta sa siollabas deis chun cíoradh a dhéanamh ar shaincheisteanna conspóideacha. Seo thíos cuid de na saincheisteanna seo:

| | |
|---|---|
| Saothrú acmhainní nádúrtha | Croí-Aonad 1.2, Roghaonad 6.2 agus Roghaonad 7.1 |
| Truailliú na Timpeallachta | Croí-Aonad 4.5 |
| Tuairimí ar an bhforbairt | Roghaonad 6 |
| Dúshaothrú tíortha atá i mbéal forbartha | Roghaonad 4.2 |
| An Imirce | Toghaonad 5.3 agus Roghaonad 6.2 |
| Róil inscní | Roghaonad 6 |
| Cine, teanga agus creideamh | Roghaonad 8.1 |
| Críochdheighilt na hÉireann | Roghaonad 8.3 |

Féadann múineadh saincheisteanna conspóideacha dúshláin a chur roimh mhúinteoirí. Cur chuige amháin is ea faisnéis mhionsonraithe chruinn a thabhairt a rachaidh i gcoinne steiréitíopaí agus míthuiscintí. Trína bheith ag obair síos trí na fíricí agus na fíoracha seo, cúnófar leis na daltaí conclúidí úra a chruthú.  Cur chuige eile is ea na saincheisteanna a chur i láthair ó dhearcthaí cultúrtha eile, e.g. trí thaithí daltaí ó chúlraí cultúrtha éagsúla, trí aoichainteoirí nó trí shuíomhanna idirlín grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla. Baineann an chaoi a múinimid agus an t-ábhar a múinimid le dearcadh ceart daonna agus ceartais a chur i láthair.

Tá comhdhéanamh dhaonra na hÉireann athruithe go mór san aonú céad is fiche. Tá an domhan mór tagtha chun na hÉireann , lena n-áirítear an domhan atá i mbéal forbartha. Tá sé ag éirí níos coitianta go bhfeicfí nádúr ilchultúrtha na hÉireann sa seomra ranga féin. Ní mór bheith cúramach agus tuisceanach ionas nach gcruthófaí dearcthaí diúltacha ar a dtíortha dúchais.

## COMHTHÁTHÚ SCILEANNA

Tá liosta déanta de na croí-scileanna tíreolaíochta i gCroí-Aonad 3 den siollabas. Ba chóir na scileanna seo a chomhtháthú i múineadh gach aonaid den siollabas mar is cuí. Ní mór do dhaltaí bheith ábalta sonraí a bhaint as bunfhoinsí mar atá léarscáileanna, fótagraif, táblaí agus graif agus ní mór dóibh bheith ábalta ríomhaireachtaí a dhéanamh trí shonraí a úsáid agus conclúidí a tharraingt as na sonraí sin. Ba cheart go mbeadh siad ábalta freisin faisnéis a bhaint as foinsí clóite.

Feileann múineadh na tíreolaíochta d’fhorbairt scileanna sóisialta agus pearsanta na ndaltaí trína bheith ag obair i ngrúpaí, trína bheith ag déanamh béaltuairiscithe, trína bheith ag déanamh díospóireachtaí agus trína bheith ag imirt ról. Is féidir gníomhaíochtaí a bhunú ar ábhair acmhainneacha i dtéacsleabhair nó ar ábhar a roghnaíonn agus a sholáthraíonn an múinteoir. Is féidir obair ranga nó obair baile a bhunú ar bhileoga oibre atá dea-phleanáilte.

## AN FHOGHLAIM GHNÍOMHACH

Soláthraíonn modheolaíochtaí foghlama gníomhaí ardán trína bhforbraítear scileanna agus trína dtugtar tacaíocht don fhoghlaim. Cinntíonn an fhoghlaim ghníomhach go mbíonn daltaí gníomhach go fisiciúil, go cognaíoch agus go mothúchánach. Cuireann sí an dalta i gceartlár an phróisis foghlama trína chinntiú go bhfuil baint ag an damhna lena saol féin agus go ndéanann sé gníomhach iad. Cothaíonn sí freagracht, muinín agus féinmheas. Aithníonn sí go mbíonn daltaí ag foghlaim óna chéile agus go mbíonn múinteoirí ag foghlaim ó na daltaí, chomh maith lena mhalairt. Tógann sé scileanna an fhadhbréitigh, na smaointeoireachta criticiúla agus an chomhoibrithe.

Tá aeráid na muiníne agus na tacaíochta de dhíth don fhoghlaim ghníomhach chun a chinntiú go mbíonn daltaí gníomhach agus go mbraitheann siad slán agus iad ag cur a dtuairimí féin in iúl nó ag baint trialach as scileanna úra. Cothaíonn sí gníomh, agus daltaí ag foghlaim conas is féidir leo a gcumas féin agus a n-éifeachtúlacht féin a aithint. Feileann sí do stíleanna éagsúla foghlama, agus í á chinntiú gur féidir daltaí ar leibhéil éagsúla cumais a mhúineadh le chéile.

Is mór an aird a tugadh le blianta beaga anuas ar an taighde a rinne Howard Garner agus a chuid comhghleacaithe ar an iléirim. Glactar go forleathan leis inniu go mbíonn páistí ag foghlaim ar bhealaí éagsúla agus gur gá gníomhaíochtaí foghlama a bhunú ar réimsí éirimí. Cinntíonn cur i bhfeidhm réimse gníomhaíochtaí go gcuirtear cumais éagsúla na ndaltaí uile san áireamh. Tá liosta déanta de na hocht n-éirim aitheanta chomh maith le gníomhaíochtaí a fheileann don tíreolaíocht:

| | |
|---|---|
| *Teangeolaíoch*; | Múineadh teagascach, díospóireacht agus ransú smaointe. |
| *Loighciúil-matamaiticiúil*; | Fadhbréiteach saincheisteanna, ríomhaireachtaí, aithint patrún. |
| *Amhairc-spásúlachta;* | Obair léarscáileanna, fótagraif, léaráidí. |
| *Ceolmhar;* | An ceol mar léiriú ar chultúr. |
| *Corp-chinéistéiseach;* | Rólghlacadh, smaointeoireacht/foghlaim theagmhálach. |
| *Idirphearsanta;* | Comhoibriú i ngrúpaí, an fhoghlaim bheirte. |
| *Inphearsanta;* | Smaoineamh pearsanta, taighde aonair. |
| *Nádúraíoch;* | Obair thionscadail agus obair allamuigh bunaithe ar chomhshaol an |
| . | nádúir |

## AN tIMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA

### Uainiú

Ní mór an tImscrúdú Tíreolaíochta a chur i gcrích agus a chur isteach ar dháta a leagfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit síos. Cuirfear liosta na dtopaicí amach chuig na scoileanna go luath sa chéad bhliain. Ceaptar go ndéanfar an t-imscrúdú sa chéad téarma den dara bliain go hiondúil. Ag an gcéim seo, beidh muinín forbartha ag daltaí agus beidh na scileanna riachtanacha don imscrúdú faighte acu sa chéad bhliain den chúrsa. Seachnaíonn dáta luath le haghaidh chríochnú an imscrúdaithe brú míchuí ar dhaltaí a mbeadh páirteanna praiticiúla agus scrúduithe cainte eile acu le linn an dara agus an tríú téarma den dara bliain.

Ní mór am imleor a thabhairt chun an t-imscrúdú a dhéanamh, chun na sonraí a anailísiú agus chun an tuarascáil chríochnaithe a chur i láthair. Go hiondúil, déanfar na sonraí a bhailiú ar lá turais allamuigh lasmuigh den scoil. Ba cheart é seo a eagrú i gcomhairle le comh-mhúinteoirí eile agus le lucht bainistíochta na scoile.

Níl imscrúdú allamuigh ag teastáil le haghaidh gach topaice atá liostaithe.  Le haghaidh staidéir ar an athrú daonra ag úsáid sonraí daonáirimh, is féidir an taighde a dhéanamh sa seomra ranga.

## ULLMHÚCHÁN ROIMH RÉ

Tugann an tImscrúdú Tíreolaíochta deis chun cuid mhaith de na scileanna atá leagtha amach i gCroí-Aonad 3 den siollabas a chleachtadh agus luacháil a dhéanamh orthu. Déanfar na scileanna seo a mheasúnú tríd an imscrúdú agus tríd an scrúdú ceann cúrsa freisin.

Is ea is fearr a fhorbrófar na scileanna seo nuair a dhéanfar iad a chleachtadh síos tríd an gcúrsa agus, mar sin de, ba cheart gach deis a thapú chun scileanna a bhaineann le hobair allamuigh a mhúineadh agus a fhorbairt.  Orthu seo beidh, anailís ar léarscáileanna agus ar aerfótagraif, tarraingt sracléarscáileanna, ionramháil figiúirí, déanamh táblaí agus scríobh tuairiscí. Léireofar samplaí éagsúla de nascadh scileanna le damhna síos trí na pleananna ceachta samplacha i Roinn 4 de na treoirlínte seo.

## CRUTHÚ DEISEANNA LE HAGHAIDH OBAIR ALLAMUIGH

Is lú a scanradh a bheidh ar dhaltaí nuair a dhéanfar próiseas an imscrúdaithe a ionshuí i múineadh an tseomra ranga, nuair ba ghnáthchuid d’obair chúrsa an timthrialla shóisearaigh an obair allamuigh agus nuair a thabharfar neamhspleáchas suntasach dóibh sa phróiseas foghlama.

Bheadh sé inmholta go ndéanfaí cleachtadh ar obair allamuigh le linn na chéad bhliana de chúrsa na hArdteistiméireachta chun go rachadh daltaí i dtaithí ar mhodhanna oibre allamuigh, chun go rachadh siad i dtaithí ar bheith ag obair ina n-aonar agus i ngrúpaí, chun go mbeadh cleachtadh acu ar thuairiscí a scríobh agus chun go leagfaí béim ar an tábhacht a bhaineann le spriocdhátaí a chomhlíonadh. Seo thíos samplaí de ghearrchleachtaí ar obair allamuigh:

- imscrúdú ar phróifíl ithreacha
- tomhas aimsire
- staidéar ar úsáid talún
- áireamh tráchta
- suirbhé ar an daonra.

B’fhiúntach cleachtadh samplach allamuigh aon ranga nó ranga dhúbailte a dhéanamh i dtailte na scoile nó cóngarach don scoil.

## PLEANÁIL DON OBAIR ALLAMUIGH

Ní mór do dhaltaí bheith páirteach go gníomhach sa phróiseas pleanála don obair allamuigh. Tá roghnú an tsuímh don imscrúdú allamuigh san áireamh ann seo. Tá freagracht as sábháilteacht an ranga, áfach, ar an múinteoir. Tá pleanáil shuntasach don obair allamuigh le déanamh ag an múinteoir agus ag na daltaí chun go mbeidh sí ina heispéireas fiúntach agus sábháilte foghlama.

Ba chóir an seicliosta seo a leanas a léamh chomh maith le Rannán 2.3 de na treoirlínte – An tImscrúdú Tíreolaíochta.

1. Cuir an tArdmháistir ar an eolas faoi dháta, faoi am agus faoi shuíomh na gníomhaíochta allamuigh atá leagtha amach a luaithe is féidir. Socraigh, i gcomhar leis an Ardmháistir cá mhéad múinteoir atá ag teastáil le haghaidh maoirseachta. Tá sé inmholta nach ndéanfadh aon mhúinteoir amháin maoirseacht ach ar líon an-bheag daltaí.

2. Tá cead an Bhoird Bhainistíochta ag teastáil le haghaidh gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil chun go mbeidh siad clúdaithe ag árachas nó ag slánaíocht an stáit. I gcuid mhaith scoileanna, cuirtear liosta de na gníomhaíochtaí atá faofa ag an mbord amach ag tús gach bliana.

3. Má bhíonn bus ag teastáil, cuir in áirithe i bhfad roimh ré é. Cinntigh go dtuigtear an ceann scríbe, an dáta agus an t-am imeachta agus fillte go soiléir. Cinntigh an bus cúpla lá roimh ré.

4. Is féidir nach mbeidh na costais ar a n-acmhainn ag roinnt daltaí agus sa chás seo is féidir go mbeidh fóirdheontas ag teastáil. Bí eolach ar pholasaí na scoile ina leith seo.

5. Is tábhachtach go mbeidh buneolas ag an múinteoir ar shuíomh an imscrúdaithe ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar gach riosca.

6. Cinntigh go dtabharfar treoracha soiléire i rith an ama.

7. Má tá aon riosca ann, cinntigh go bhfuil saineolas ag duine de na múinteoirí maoirseachta sa mhéid sin. Mar shampla, dá mbeadh imscrúdú ar phróisis abhann nó mhuirí i gceist leis an obair allamuigh, chinnteofaí go mbeadh múinteoir san áireamh a mbeadh scileanna tarrthála aige. Dá mbeadh cnocadóireacht i gceist leis an obair allamuigh, chinnteofaí go mbeadh scileanna sléibhteoireachta aige.

8. Má bhíonn trealamh nó éadaí sábháilteachta ag teastáil, mar shampla, ar cuairt chuig monarcha, cinntigh go mínítear seo go gcaitear an trealamh.

9. Más dul isteach chuig réadmhaoin phríobháideach a bheidh i gceist leis an obair allamuigh, e.g. ar fheirm nó ag ionad siopadóireachta, cinntigh go bhfaighfear cead an úinéara. Bí réidh leis an bhfeidhm atá ag an obair chúrsa a mhíniú. Is féidir go mbeidh fianaise ar chumhdach árachais ag teastáil. Smaoinigh an mbeadh litir leantach buíochais a mbeadh cuid de na torthaí inti feiliúnach. B’fhéidir gur mhaith leat dul ansin arís.

10. Dréachtaigh cód iompair don imscrúdú. Má bhíonn agallaimh i gceist leis an obair allamuigh, ba cheart béim a leagan ar ghnáthrialacha cúirtéise.

11. Cinntigh go bhfuil garchabhair fheiliúnach ar fáil.

12. Cinntigh go bhfuil guthán póca ag duine de na ceannairí i gcás éigeandála.

13. Tá cead scríofa ó thuismitheoirí ag teastáil nuair a bhíonn daltaí faoi 18. Nuair a bhíonn scéala á chur chuig tuismitheoirí, cinntigh go dtugtar an fhaisnéis seo a leanas:

    - dáta, am imeacht agus am measta fillte chun na scoile.
    - costas

- na héadaí agus an coisbheart atá molta.
- socruithe le haghaidh lóin
- má bhíonn aon riosca ann déantar cinnte go mínítear é sin do thuismitheoirí.

Iarr eolas lena fháil amach an bhfuil aon riocht sláinte ag aon dalta a mbeadh socruithe speisialta le déanamh dó.

## PLEANANNA DHÁ BHLIAIN SAMPLACHA

Tugtar dhá phlean thíos, agus iad araon bunaithe ar 5 thréimhse ranga 40 nóiméad ar fhad in aghaidh na seachtaine thar thréimhse dhá bhliain.

### PLEAN SAMPLACH 1

Is do ghrúpa ranga a bhfuil idir dhaltaí Ardleibhéil agus dhaltaí Bunleibhéil ann atá an plean seo. Tá Toghaonad 4 (Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha) agus Roghaonad 6 (An tIdirspleáchas Domhanda) roghnaithe le haghaidh staidéir.

Tá an plean seo deartha chun iarracht a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir naisc idir na haonaid a fhorbairt trí na suíomhanna réigiúnacha i gCroí-Aonad 3: An Tíreolaíocht Réigiúnach a roghnú go cúramach.

Sa chás seo is iad na suíomhanna atá roghnaithe ná:

| | |
|---|---|
| Éire: | Réigiún an Oirdheiscirt |
| | Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair. |
| An Eoraip: | Paris Basin |
| | Mezzogiurno |
| Réigiún ilchríche nó | |
| Fo-ilchríche: | An Bhrasaíl |

Tá na pleananna múinteoireachta deartha agus an t-imscrúdú tíreolaíochta ar intinn go mór. Le linn na chéad bhliana tugtar an t-am céanna do Chroí-Aonad 1 agus don Toghaonad; úsáidtear na suíomhanna réigiúnacha agus tugtar an tíreolaíocht réigiúnach isteach nuair is cuí. Leagtar béim ar chomhtháthú na forbartha scileanna. Déantar gearrchleachtadh allamuigh sa téarma deireanach de bhliain 1 mar ullmhúchán don imscrúdú ag tús bhliain 2. Leagtar níos mó béime ar an tíreolaíocht réigiúnach agus ar an Toghaonad i mbliain 2.

Ní leantar ord an tsiollabais cé go gclúdaítear an chuid is mó den tíreolaíocht fhisiceach i mbliain 1. Is iad na chéad topaicí a mhúintear ná an timthriall teicteonach agus an timthriall carraigeacha.

## BLIAIN 1

| Seachtainí | Damhna | Aonaid a chlúdaítear | Comhtháthú Scileanna | Líon Ranganna |
|---|---|---|---|---|
| 1-2 | | CA3 | Cleachtaí ar léamh léarscáileanna<br>Léirmhíniú fótagraf | 10 |
| 3-5 | Buneolas ar phlátaí teicteonacha<br>Réigiúin struchtúrtha na hÉireann<br>Gnéithe tírdhreacha na hÉireann<br>Gníomhaíocht bholcánach san am a chuaigh thart<br>Fillsléibhte<br>Droim agus gleann na Mumhan | CA1.2<br>CA1.4 | Tarraingt léaráidí<br>Suíomhanna ar léarscáil an domhain<br>Ailt nuachtáin<br>Fótagraif shatailíte<br>Físeán | 12 |
| 6-8 | An timthriall carraigeacha<br>Tírdhreach na hÉireann | CA1.1<br>CA2.1 | Léarscáil gheolaíoch<br>Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis<br>Aerfótagraif<br>Tarraingt léaráidí | 11 |
| 9-12 | Buneolas ar Éirinn<br>Dúshraitheanna struchtúrtha<br>Forbairt thalmhaíocht na hÉireann<br>Tábhacht an CBT<br>Scaradh geilleagrach -<br>BMW agus an Deisceart agus an tOirthear | CA1.1<br>CA1.2<br>CA2.1<br>CA2.2<br>TA4.1/TA4.4 | Léarscáil na hÉireann<br>Léarscáil gheolaíoch<br>Aerfótagraif<br>Staitisticí<br>Graif | 18 |
| 13-15 | Réigiún an Oirdheiscirt<br>Croí geilleagrach na hÉireann<br>Tionscail seirbhíse<br>Cion cuideachtaí ilnáisiúnta<br>Fás agus fairsingiú Átha Cliath | CA2.3<br>CU2.4<br>TA4.3 | Léarscáil na hÉireann<br>Aerfótagraif<br>Staitisticí<br>Graif<br>Ailt nuachtáin | 14 |
| | | **Saoire na Nollag** | | |
| 16-19 | Forbairt an tírdhreacha<br>Síonchaitheamh<br>Próisis Charstacha<br>Ollghluaiseacht<br>Aibhneacha<br>Idirghabhálacha an duine<br>Coigeartú go bonnleibhéil | CA1.5<br>CA1.6 | Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis<br>Aerfótagraif<br>Tarraingt léaráidí | 20 |
| 20-22 | Míchothromaíochtaí domhanda<br>Tomhas forbartha<br>Buneolas ar an mBrasaíl<br>An tíreolaíocht talún-fhisiceach<br>Coilíniú<br>Daonra agus imirce<br>Spleáchas ar thráchtearraí - caife<br>Staidéar ar an MNC – Nescafe<br>Trádáil éagothrom | CA2.2<br>TA4.1<br>TA4.2<br>TA4.3<br>RA6.1<br>RA6.2 | Léarscáileanna atlais<br>Fótagraif shatailíte<br>Táblaí staitistiúla<br>Graif<br>Ailt nuachtáin | 14 |
| 23-25 | Praghas timpeallachta ar an bhforbairt gheilleagrach<br>In-athnuaite/neamh-in-athnuaite | TA4.3<br>CA1.2 | Léarscáileanna<br>Léarscáileanna<br>Ailt nuachtáin | 13 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Breoslaí iontaise/ fuinneamh in-athnuaite<br>Taiscéalaíocht ola/gáis<br>Báisteach aigéadach<br>Forbairt inbhuanaithe<br>Saincheisteanna áitiúla – dumpáil dramhaíola<br>Coinbhleacht | | físeáin | |
| 26 | Tasc gearr allamuigh 5 | | | |

## SAOIRE NA CÁSCA

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 27-30 | Forbairt an tírdhreacha<br>Oighearshruthanna<br>Próisis mhuirí<br>Leibhéil mhara faoi athrú<br>Idirghabháil an duine | CA1.5<br>CA1.6<br>CA1.7 | Léarscáil Shuirbhéireacht<br>Ordnáis<br>Aerfótagraif<br>Tarraingt léaráidí<br>Ailt nuachtáin | 18 |
| 31-34 | Dul siar agus scrúduithe téarma | | | |
| | **Líon iomlán ranganna** | | | **135** |

# BLIAIN 2

| Seachtainí | Damhna | Aonaid a chlúdaítear | Comhtháthú Scileanna | Líon ranganna |
|---|---|---|---|---|
| 12 | Buneolas ar an Imscrúdú<br>Tíreolaíochta<br>Roghnú ó liosta topaicí.<br>Dul siar ar obair ranga ábhartha<br>Dul siar ar scileanna<br>Ullmhúchán<br>Bailiúchán sonraí ó bhunfhoinsí<br>- imscrúdú allamuigh | CA3 | Déanamh cinntí<br>Obair ghrúpa<br>Láimhseáil trealaimh<br>l | 10 |
| 3-5 | Anailís ar shonraí<br>Aithint foinsí tánaisteacha<br>Conclúidí<br>Scríobh agus cur i láthair tuarascála. | CA3 | Anailís<br>Scríobh tuairiscí<br>Sracléarscáileanna<br>Táblaí<br>Graif | 15 |
| 6-11 | Cad is réigiún ann?<br>Réigiún san Eoraip<br>Paris Basin<br>Mezzogiorno -tionchar na teicteonaice plátaí<br>Tíreolaíocht Bholcán agus creathanna talún san Iodáil<br>Críoch agus forimeall | CA2.1<br>CA2.2<br>CA1.1<br>TA4.2 | Léarscáileanna atlais<br>Staitisticí<br>Fótagraif shatailíte<br>Léaráidí<br>Graif | 30 |
| 12-15 | An tAontas Eorpach<br>A bhunúis gheilleagracha<br>Forbairtí trádála<br>Polasaithe a bhfuil an comhshaol mar chuid díobh<br>Críocha faoi athrú<br>Dúshláin - an todhchaí | TA4.4<br>TA4.5 | Léarscáileanna<br>Ailt nuachtáin<br>Staitisticí | 20 |
| 16-19 | Forbairt gheilleagrach in Éirinn<br>An tíogar Ceilteach<br>Fadhbanna timpeallachta a eascraíonn ón bhforbairt eacnamaíochta<br>Fadhbanna sóisialta a eascraíonn ón bhforbairt eacnamaíochta<br>Pleanáil le haghaidh fáis sa todhchaí<br>Oileán deighilte | CA2.1<br>CA2.2<br>CA2.3<br>CA2.4<br>TA4.2<br>TA4.4<br>TA4.5 | Staitisticí<br>Graif<br>Ailt Nuachtáin | 20 |
| 20-24 | An geilleagar domhanda<br>An deighilt thuaidh/theas<br>Trí eochairlimistéar gheilleagracha<br>Trádáil chothrom?<br>Tógáil droichid | TA4.3<br>RA6.2<br>RA6.3 | Léarscáileanna staitistiúla<br>Táblaí<br>Cartúin | 25 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 25-27 | Aon Domhan amháin<br>Ceisteanna timpeallachta<br>lena n-áirítear an dífhoraoisiú<br>Ceisteanna sóisialta lena n-áirítear an imirce<br>Fiachas<br>Cúnamh<br>Forbairt inbhuanaithe | RA6.2<br>RA6.4<br>RA6.3<br>RA6.4 | Léarscáileanna staitistiúla<br>Táblaí<br>Catrúin | 15 |
| 28-33 | Dul siar<br>Cleachtadh ar cheisteanna scrúdaithe | | | |
| | **Líon iomlán ranganna** | | | **135** |

## SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA

### PLEAN SAMPLACH 2

Tá an dara sampla bunaithe ar roghnú Thoghaonad 5 - **Patrúin agus Próisis i gComhshaol an duine** ó na Toghaonaid agus ó Roghaonad 7 - Geo-éiceolaíocht  Is iad na suíomhanna sa Tíreolaíocht Réigiúnach ná:

| | |
|---|---|
| Éire | Réigiún an Oirdheiscirt<br>Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair |
| An Eoraip | Críoch Lochlann<br>An Mheánmhuir |
| An Domhan | An Afraic Fhó-Shahárach. |

Arís, glactar gach deis chun na príomhráitis sna toghaonaid agus sna roghaonaid a nascadh leis na suíomhanna atá roghnaithe don tíreolaíocht réigiúnach. Baintear leas as an damhna a bhfuil ina fhorluí chun fad an tsiollabais a laghdú agus chun a chinntiú nach bhfágtar iomlán an staidéir ar an Toghaonad go dtí fíordheireadh an chúrsa.

## BLIAIN 1

| Seachtainí | Damhna | Aonaid a chlúdaítear | Comhtháthú Scileanna | Líon ranganna |
|---|---|---|---|---|
| 1-2 | Scileanna Tíreolaíochta | CA3 | Léirléamh léarscáileanna<br>Aerfótagraif | 8 |
| 3-5 | Dinimic an daonra -breith, bás agus rátaí torthúlachta, básmhaireacht naíonán, ionchas saoil<br>Codarsnachtaí idir geilleagair atá i mbéal forbartha agus geilleagair forbartha<br>Athruithe ar Staitisticí bheatha na hÉireann<br>Liathadh na hEorpa<br>Cás-staidéir: An tSualainn agus Uganda | TA5.1<br>CA2.2 | Staitisticí<br>Léaráidí<br>Léirléamh léarscáileanna<br>Téacs | 12 |
| 6-7 | Dlús daonra<br>Cás-staidéir - Éire<br>Cás-staidéar - Críoch Lochlainn<br>Cás-staidéar - An Afraic Fhó-Shahárach | TA5.1<br>CA2.2 | Léirléamh léarscáileanna<br>Aerfótagraif<br>Staitisticí | 10 |
| 8-10 | Méadú daonra agus brú ar acmhainní san Afraic Fho-Shahárach<br>Cúiseanna le gorta | TA5.2<br>CA2.2 | Léirléamh léarscáileanna<br>Aerfótagraif<br>Léarscáileanna aeráide, staitisticí<br>Nuachtáin agus foinsí téacsacha | 13 |
| 11-12 | An imirce - tosca brú agus tarraingthe<br>Éire - athruithe ar phatrúin imirce tar éis 1950;<br>Saincheisteanna ag eascairt as; polasaí imirce, polasaí an AE CA2.4 ar an imirce - teorainneacha oscailte; fairsingiú<br>An imirce tuaithe uirbeach - tionchar ar an bhfoinse agus ar an gceann scríbe;<br>Pleanáil rialtais | TA5.3<br>CA2.3<br>CA2.4 | Staitisticí<br>Graif<br>Nuachtáin agus foinsí téacsacha | 13 |
| 13-15 | An Afraic Fho-Shahárach<br>Gluaiseachtaí daonra<br>Coilíniú<br>Tionchar thrádáil na sclábhaithe<br>Aisdúichiú tar éis neamhspleáchais<br>Cinedheighilt<br>Tionchar cogaidh, gorta agus tubaistí nádúrtha<br>An imirce tuaithe uirbeach<br>Brú ar chathracha - cás-staidéar: Nairobi | TA5.3<br>TA5.6<br>CA2.2 | Léirléamh léarscáileanna<br>Staitisticí<br>Nuachtáin agus foinsí téacsacha | 13 |

**Saoire na Nollag**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 16-18 | Struchtúr inmheánach na cruinne<br>An teicteonaic phlátaí<br>Blocáin agus creathanna talún | CA1.1 | Léarscáileanna atlais<br>Fótagraif shatailíte<br>Aerfótagraif, léaráidí<br>Nuachtáin agus foinsí téacsacha | 13 |
| 19-22 | An timthriall carraigeacha<br>Síonchaitheamh agus creimeadh<br>Idirghníomhaíocht an duine leis an timthriall carraigeacha<br>an mhianadóireacht in Éirinn<br>Ola agus Gáis na Mara Thuaidh<br>Tírghnéithe na hÉireann de thoradh ar<br>- oibriú an timthrialla theicteonaigh<br>- oibriú an timthrialla carraigeacha | CA1.2<br>CA1.3<br><br><br>CA1.4<br>CA2.2 | Léirléamh léarscáileanna<br>Aerfótagraif<br><br><br>Aerfótagraif<br>Léaráidí | 18 |
| 23-26 | Próisis na hollghluaiseachta<br>Próisis aibhneacha<br>Próisis Oighreacha<br>Próisis chósta<br>Coigeartú go bonnleibhéil<br>Gníomhaíochtaí an duine a bhfuil tionchar acu ar phróisis aibhneacha. | CA1.5<br>CA1.6 | Léirléamh léarscáileanna<br>Aerfótagraif<br>Fótagraif shatailíte<br>Fótagraif shatailíte | 18 |
| 27-28 | Cleachtadh simplí allamuigh 8 | | | |
| 29-30 | Tíreolaíocht réigiúnach na hAfraice fo-Saháraí<br>An Teicteonaic talún- plátaí; scoilteadh; bolcáin RA7.1<br>Aeráid agus fásra - foraois bháistí; sabhána; fásaigh agus na réigiún teochta<br>Ithreacha<br>Díghrádú comhshaoil - cás-staidéar: An tSaiheil | CA2.2<br>RA7.1<br>RA7.2 | Léarscáileanna atlais<br>Fótagraif shatailíte<br><br><br>Léaráidí<br>Staitisticí<br>Graif<br>Nuachtáin agus foinsí téacsacha | 10 |
| 31-33 | Bunghníomhaíochtaí - talmhaíocht, cothabháil, agus fáschoill<br>Mianadóireacht san Afraic Theas<br>Gníomhaíochtaí tánaisteacha –<br><br>cúiseanna le tearcfhorbairt<br>Gníomhaíochtaí treasacha – cás-staidéar: an turasóireacht sa Chéinia | CA2.2<br>CA2.3 | Léarscáileanna atlais<br>Fótagraif shatailíte<br>Léarscáileanna, staitisticí, graif<br>Nuachtáin agus foinsí téacsacha | 12 |
| | **Líon iomlán ranganna** | | | **135** |

## BLIAIN 2

| Seachtainí | Damhna | Aonaid a chlúdaítear | Comhtháthú Scileanna | Líon ranganna |
|---|---|---|---|---|
| 1-3 | Dinimic lonnaíochtaí<br>Lonnú stairiúil<br>Lonnú tuaithe<br>Lonnaíochtaí uirbeacha | TA5.4 | Léirléamh léarscáileanna<br>Aerfótagraif<br>Nuachtáin agus foinsí téacsacha, lena n-áirítear pleananna forbartha | 13 |
| 4-6 | Athruithe laistigh de cheantair uirbeacha<br>Fadhbanna<br>Cinntí pleanála | TA5.5<br>TA 5.6 | Léirléamh léarscáileanna<br>Aerfótagraif<br>Nuachtáin agus foinsí téacsacha, lena n-áirítear pleananna tuaithe agus cathracha | 12 |
| 6-7 | Buneolas ar an Imscrúdú Tíreolaíochta<br>Roghnú ó liosta topaicí.<br>Dul siar ar obair ranga ábhartha<br>Dul siar ar scileanna<br>Ullmhúchán<br>Bailiúchán sonraí ó bhunfhoinsí<br>- imscrúdú allamuigh | CA3 | Déanamh cinntí<br>Obair ghrúpa<br>láimhseáil trealaimh | 8 |
| 8-10 | Anailís ar shonraí<br>Aithint foinsí tánaisteacha<br>Conclúidí<br>Scríobh agus cur i láthair tuarascála. | | Anailís<br>Scríobh tuairiscí<br>Sracléarscáileanna<br>Táblaí, graif | 13 |
| 11-15 | Sainmhíniú réigiún - cás na hÉireann<br>Tírdhreach fisiceach na hÉireann<br>An aeráid<br>Ithreacha<br>Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair<br>Bunghníomhaíochtaí<br>Gníomhaíochtaí tánaisteacha<br>Gníomhaíochtaí treasacha | CA2.1<br>CA2.2<br>CA2.3<br>CA1.1<br>CA1.4 | Léarscáileanna atlais<br>Fótagraif shatailíte<br>Staitisticí<br>Léaráidí<br>Graif | 19 |

## Saoire na Nollag

| Seachtainí | Damhna | Aonaid a chlúdaítear | Comhtháthú Scileanna | Líon ranganna |
|---|---|---|---|---|
| 16-18 | An Deisceart agus an tOirthear<br>Bunghníomhaíochtaí<br>Gníomhaíochtaí tánaisteacha<br>Gníomhaíochtaí treasacha<br>Deighilt an Oirthir- an Iarthair<br>Athrú réigiún thar am - Áth Cliath agus an Ghaeltacht | CA2.1<br>CA2.2<br>CA2.3<br>CA2.4 | Léarscáileanna atlais<br>Fótagraif shatailíte<br>Staitisticí<br>Léaráidí<br>Léarscáileanna | 13 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 19-21 | An tAontas Eorpach<br>A bhunúis gheilleagracha<br>Forbairt na Trádála<br>Polasaithe lena n-áirítear<br>an talmhaíocht, iascach<br>an timpeallacht<br>Críocha faoi athrú<br>Dúshláin - an todhchaí | CA2.3<br>CA2.4 | Léirléamh léarscáileanna<br>Staitisticí<br>Nuachtáin agus foinsí téacsacha | 12 |
| 22-25 | Tíreolaíocht réigiúnach<br>Chríoch Lochlainn<br>An talamh<br>An aeráid agus fásra<br>Ithreacha - podsail<br>foraoiseacha<br>Bunghníomhaíochtaí<br>Iascaireacht<br>Foraoiseacht<br>Mianadóireacht<br>Ola agus Gás na Mara<br>Thuaidh<br>Gníomhaíochtaí treasacha | CA2.1<br><br>CA2.2<br>CA2.3<br>CA2.4<br><br>CA1.2 | Léarscáileanna atlais<br><br>Fótagraif shatailíte, staitisticí<br>Graif<br>Nuachtáin agus foinsí téacsacha | 16 |

## SAOIRE NA CÁSCA

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 26-30 | Geo-éiceolaíocht<br>Ithreacha - Próisis<br>a bhfoirmithe<br>Ithreacha donna<br>Podsail -nasc leis an<br>gcríoch Lochlainn<br>Ithreacha rua trópaiceacha<br>- nasc leis an Afraic<br>Idirghníomhaíocht an duine<br>le tréithe ithreacha - Sahel<br>Bithóm na foraoise<br>buaircíní<br>An chaoi ar athraigh<br>gníomhaíochtaí an duine<br>an bithóm - feirmeoireacht<br>agus foraoiseacht tráchtála<br>sa tSualainn. | RA7.1<br>RA7.2<br><br>RA7.3<br>RA7.4 | Léarscáileanna staitisticí<br>Táblaí<br><br>Cartúin | 19 |
| 31-33 | Dul siar 10<br>Cleachtadh ar cheisteanna scrúdaithe | | | |
| | **Líon iomlán ranganna** | | | **135** |

**SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA**

## MÚINEADH LE HAGHAIDH TUISCEANA -

## CUR CHUIGE CHUN MÚINTEOIREACHTA AGUS CHUN FOGHLAMA

Tá fócas an taighde oideachasúil aistrithe le tríocha bliain anuas ón múinteoir a bheith ag múineadh go dtí an dalta bheith ag foghlaim. Bhí béim na foghlama ar eolas go traidisiúnta i gcomhthéacs na hÉireann, agus uaidh seo, ba é sprioc na múinteoireachta eolas a thabhairt agus ba é ról na measúnachta méid an eolais a bhí faighte ag an dalta a thomhas.

Taispeánann taighde le déanaí nach ionann i gcónaí eolas agus tuiscint. Ní théann eolas a fhaightear ar mhaithe leis an sprioc ghearrthéarmach de bheith ag feidhmiú go maith sna scrúduithe ar aghaidh go suíomhanna an tsaoil. Leagann an múineadh le haghaidh tuisceana an bhéim go mór ar thuiscint. Leagann sé béim ar 'fheidhmíochtaí tuisceana' - gníomhaíochtaí nó feidhmíochtaí trína léireoidh an dalta a t(h)uiscint ar thopaic an staidéir.

Is é is éifeachtaí a bhíonn an fhoghlaim fhadtéarmach nuair a thuigeann an dalta sprioc an cheachta nó an aonaid foghlama, nuair a bhíonn sé lánghníomhach agus ról lárnach aige i bpróisis na foghlama, nuair a fhaigheann sé aiseolas leanúnach ar an bpróiseas agus nuair is féidir leis an tuiscint sin a chur i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla e.g. trína mhíniú ina c(h)uid focal féin, tríd an dá thaobh den argóint a mhíniú nó trí na prionsabail a d'fhoghlaim sé a chur in úsáid ar fhadhbréiteach.

An rud ar gnáthchleachtas maith ag cuid mhór múinteoirí é, tá taighde oideachasúil anois ag tacú leis; go sonraíoch tá síceolaithe dála Howard Gardner a d'fhorbair Teoiric na hIléirime ag tacú leis. Is feidhm de chuid Theoiric na hIléirime an múineadh le haghaidh tuisceana; tugann sé creatlach tacaíochta do réimsí éagsúla modhanna oibre agus modhanna measúnachta. Breathnaítear go minic air mar a bheadh lionsa ann a fhócasaíonn cur chuige na hiléirime ar phróisis na múinteoireachta.

D'aithin Gardner ocht n-éirim trína dtugann daltaí aghaidh ar an bhfoghlaim (féach leathanach 55). Ní mar a chéile a fhoghlaimíonn daltaí agus ní mór modhanna oibre agus straitéisí múinteoireachta a dhearadh ionas go ligfidh siad do dhaltaí bheith gníomhach san fhoghlaim trí chialla éagsúla agus trí ghníomhaíochtaí éagsúla. Thar aon ní eile, ní mór don fhoghlaim bheith fiúntach. Ba cheart gurbh fhiú topaic ghiniúnach a mhúineadh, ba cheart go ndéanfadh sé ceangal le saol agus le heispéiris an dalta, ba cheart go mbeifí ábalta éagsúlacht acmhainní a úsáid, agus ba cheart go bhféadfaí an fhoghlaim a gheofaí a chur in iúl ar bhealaí éagsúla.

### TÁ CÚIG PHRÍOMHTHRÉITH ANN I DTACA LE MÚINEADH CHUN CUR LE TUSICINT LE HAGHAIDH FOGHLAMA

1 **Tuiscint spriocanna:** an dá nó na trí phríomhsprioc den aonad. Is é atá iontu an méid ba mhaith leat go dtuigfeadh na daltaí roimh dheireadh an cheachta nó roimh dheireadh sraith ceachtanna. Ní mór go ndéanfaí na spriocanna seo a roinnt le daltaí agus go dtuigfeadh siad iad. Tugann an siollabas Tíreolaíochta na torthaí foghlama go soiléir ag tús gach aonaid. Is ionann na torthaí seo agus spriocanna tuisceana.

2 **Íomhánna agus samplaí:** Íomhánna, samplaí, cás-staidéir, léaráidí nó ábhair spreagtha a úsáideann an múinteoir le cur le tuiscint a ndaltaí ar thopaicí faoi leith. Tacóidh siad seo lena 'bhfeidhmíochtaí tuisceana' níos moille anonn.

3 **Réamhthaithí:** iar-eispéiris na ndaltaí is féidir a úsáid le cur lena dtuiscint. Déanann an múinteoir iarracht samplaí a aimsiú ó eispéiris na ndaltaí le cúnamh leo an topaic a léiriú,

b’fhéidir trí thagairt a dhéanamh do shiollabas an Teastais Shóisearaigh, nó trí thagairt a dhéanamh do scéal comhaimseartha sna meáin. Is féidir go dtacóidh na heispéiris seo leis na ‘feidhmíochtaí tuisceana’.

4 **Faisnéis nua:** an fhaisnéis nua a thugann an múinteoir nó a ndéanann an dalta taighde lena haghaidh. Is léir go bhfuil sé seo lárnach do thuiscint an dalta ar an topaic. Beidh ar an múinteoir úrnuacht agus samhlaíocht a léiriú i gcineál agus i gcur na faisnéise seo .

4 **Feidhmíochtaí tuisceana:** cur in iúl thuiscint an dalta ar an topaic. Treiseoidh na feidhmíochtaí seo an fhoghlaim agus an tuiscint freisin. Ar na feidhmíochtaí tipiciúla a bheadh ann ná bheith ábalta

- míniú a thabhairt i do chuid focal féin
- anailís a dhéanamh ar na tosca rialúcháin
- díospóireacht nó argóint a dhéanamh ó dhearcthaí éagsúla.
- na príomhcheisteanna a aithint
- scileanna a úsáid le dul i ngleic le foirmeacha éagsúla d’fhaisnéis spásúil.
- an topaic nó an cheist a chur i bhfeidhm i suíomh éagsúil.
- fadhbanna a réiteach.

**Modhanna oibre is féidir a úsáid i gcur i bhfeidhm mhúineadh le haghaidh tuisceana**

- Díospóireachtaí múinteoirthreoraithe, ransú smaointe, ceistiú.
  Ba cheart an t-aiseolas a thaifeadadh agus a fhorbairt.
- Freagra ar ábhair spreagtha; léarscáileanna, aerfótagraif, fótagraif, léaráidí nó staitisticí.
- Bileoga oibre a dhíríonn isteach ar thascanna aonair an dalta.
- Déanamh nuachtlitreacha, bróisiúr.
- Rólghlacadh.
- Obair ghrúpa agus tuairisciú.
- Úsáid agus cur i bhfeidhm scileanna tíreolaíochta.
- Obair thionscadail aonair agus imscrúduithe.
- Obair ghrúpa allamuigh. Pleanáil, obair allamuigh agus obair leantach.

## Ó Theoiric go cleachtas

**Pleanáil mheántéarmach**

Is é an rud a leanann ná cur i bhfeidhm chur chuige na múinteoireachta le haghaidh tuisceana i dtaca le múineadh aonad aonair an tsiollabais a phleanáil. Glactar ráiteas ó gach aonad den siollabas agus úsáidtear mar bhonn é do roinnt ceachtanna. Tá na haonaid neamhspleách; ní dhéantar aon iarracht iad a chomhtháthú le haonaid eile. Déantar iad a nascadh, áfach, leis an tíreolaíocht réigiúnach trí na suíomhanna roghnaithe.

## CROÍ-AONAD 1:

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ráiteas 1.5:** Forbairt Tírghnéithe (iii).

**Topaic le haghaidh staidéir:** Dobharphróisis, patrúin agus na tírghnéithe lena mbaineann.

## Tuiscint spriocanna

Beidh daltaí ábalta

- príomhphróisis an chreimthe agus an tsil-leagain a bhíonn ar obair ar abhantrach abhann.
- forbairt agus éabhlóid na dtírghnéithe is toradh díobh a aithint agus a thuiscint.
- míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir leis na próisis seo bheith éagsúil mar gheall ar an bhfána, ar an gcineál cloiche nó ar an aeráid.

## Íomhánna agus samplaí

- Ba cheart go mbainfeadh múinteoirí úsáid as léarscáileanna OS chun abhantrach draenála agus dobharcheantar abhann a aithint.
- Cuideoidh múinteoirí le daltaí príomh-thírghnéithe agus próifíl na habhann a aithint trí scileanna léarscáileanna a úsáid.
- Bainfidh múinteoirí úsáid as aon ábhar closamhairc atá ar fáil chun an topaic a léiriú.
- Díreoidh múinteoirí aird na ndaltaí ar abhainn de chuid an cheantair áitiúil agus ar aon phríomhabhainn amháin de chuid an domhain.
- Bainfidh múinteoirí úsáid as léaráidí nó as turgnaimh shimplí chun príomhphróisis an ghníomhaithe hiodrálaigh, an scríobhchaithimh, an tuaslagtha agus an chnaí a léiriú.

- Cuideoidh múinteoirí le daltaí léaráidí a úsáid chun an chaoi a n-athraíonn tírghnéithe thar am a léiriú.

## Réamhthaithí

Ba cheart do mhúinteoirí

- athscrúdú a dhéanamh ar an obair a rinneadh mar chuid de thíreolaíocht an Teastais Shóisearaigh
- díospóireachtaí grúpabhunaithe a eagrú ar imeachtaí a ndéanann na meáin clúdach orthu, cuir i gcás, tuilte áitiúla nó idirnáisiúnta
- díriú isteach ar dhíospóireacht agus ar cheisteanna ar chumhacht scriosach aibhneacha agus ar na céimeanna a ghlactar chun tuilte a sheachaint agus chun gníomhaíocht aibhneacha a rialú.
- úsáid a bhaint as aon rud i gcomhshaol na scoile nó i gcomhshaol an cheantair áitiúil lena n-áirítear aon chleachtaí allamuigh a leagann béim ar an topaic don dalta.

## Faisnéis nua

Ba cheart do mhúinteoirí aimsiú na nithe seo a leanas a éascú do dhaltaí:

- tagairtí d’ábhair téacs nó d’ábhair acmhainní a bhaineann le próisis agus leis an bhforbairt tírghnéithe
- fíricí ar rátaí sreafa agus doirte
- staidéir ar aibhneacha faoi leith.

### Tuiscint feidhmíochtaí

Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta

- léaráidí a tharraingt chun na príomh-thírghnéithe a bhaineann le céimeanna éagsúla abhann a léiriú.
- na tírghnéithe seo a aithint ar léarscáil an OS trí thagairtí eangaí a úsáid
- próifíl fhada den abhainn a tharraingt
- plé a dhéanamh ar oibriú próiseas éagsúil agus iad a idirdhealú óna chéile
- an topaic a nascadh le 1.2 (An Timthriall Carraigeacha) chun oibriú phróisis an tsíonchaithimh ar chéimeanna éagsúla den abhantrach a aithint agus a phlé.

## CROÍ-AONAD 2:

## AN TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ráiteas**: Coincheap an réigiúin.

**Topaic le haghaidh staidéir:** Réigiúin shocheacnamaíocha.

### Tuiscint spriocanna

Beidh daltaí ábalta

- limistéar imeallach de chuid na hÉireann agus na hEorpa a aithint
- cúiseanna na himeallachta a phlé
- croí-limistéar de chuid na hÉireann agus na hEorpa a aithint
- na príomhchúiseanna le forbairt na croí-réigiúin gheilleagracha seo a phlé
- réigiún de mheath thionsclaíoch laistigh den Eoraip a aithint
- cúiseanna an mheatha gheilleagraigh seo a plé.

### Íomhánna agus samplaí

Ba cheart do mhúinteoirí úsáid a bhaint as

- léarscáileanna chun na réigiúin roghnaithe a aimsiú
- saintréithe geilleagracha tipiciúla chun na réigiúin gheilleagracha éagsúla a aithint
- eolas ón idirlíon chun nósanna maireachtála sna réigiúin faoi leith a aithint
- faisnéis i dtaobh turasóirí a bhaineann leis na réigiúin
- tuairimí agus léargais na ndaltaí féin ar shaol na réigiún seo.

### Réamhthaithí

Ba cheart do mhúinteoirí tagairt a dhéanamh dóibh seo a leanas:

- Suíomhanna ón Teastas Sóisearach laistigh d’Éirinn agus den Eoraip agus iad ag tagairt d’éagothroime
- tuairiscí ó na meáin a bhaineann leis na deacrachtaí i réigiúin imeallacha nó i gcroí-réigiúin
- tagairtí stairiúla a bhaineann leis na réigiúin agus iad ag maíomh buntáistí nó míbhuntáistí
- aon ábhar ceoil, ealaíne nó cultúrtha a leagann béim ar staid gheilleagrach na réigiún.

## Faisnéis nua

Ba cheart do mhúinteoirí aimsiú na nithe seo a leanas a éascú do dhaltaí:

- fíricí geilleagracha a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíochta
- faisnéis staitistiúil a bhaineann le fás iarbhír geilleagrach nó le meath iarbhír geilleagrach
- faisnéis a bhaineann leis an infreastructúr nó le seirbhísí
- fíricí a bhaineann le pleanáil um fhorbairt réigiúnach i réigiúin imeallacha nó i réigiúin faoi mheath tionsclaíoch
- faisnéis a bhaineann leis na pleananna straitéiseacha um fhás geilleagrach do croí-réigiúin .

## Tuiscint feidhmíochtaí

Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta

- gach réigiún a aimsiú agus sracléarscáileanna simplí a thaispeánann na príomhghnéithe a tharraingt
- cur síos a dhéanamh ar shaintréithe sóisialta agus geilleagracha gach aonaid
- príomhchúiseanna na saintréithe geilleagracha seo a aonrú agus breac-chuntas a thabhairt orthu
- measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht straitéisí um fhorbairt réigiúnach
- ceisteanna forbartha i réigiún amháin a chur i gcomparáid le réigiún eile.

## CROÍ-AONAD 3:

## SCILEANNA TÍREOLAÍOCHTA AGUS AN tIMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA

**Ráiteas**: Ba cheart do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar thuairisceáin daonáirimh dheireanacha d'Éireann.

**Topaic le haghaidh staidéir:** Faisnéis Daonáirimh foilsithe agus treochtaí daonra sa cheantar áitiúil.

## Tuiscint spriocanna

Beidh daltaí ábalta

- réimse faisnéise ón daonáireamh a úsáid sa staidéar ar dhaonra
- struchtúir chontrártha aoise agus inscne don daonra a chur i dtoll a chéile agus anailís a dhéanamh orthu.
- athruithe sa daonra thar am a rianú

- réigiúin a bhfuil daonraí ard-dlúis agus íseal-dlúis iontu a aithint.

## Íomhánna agus samplaí

Ba cheart do mhúinteoirí

- daltaí a chur i ngrúpaí chun scrúdú a dhéanamh ar shonraí éagsúla daonra
- léarscáileanna agus staitisticí a úsáid chun patrúin shoiléire sna hábhair dhaonáirimh a léiriú
- suirbhé ar aoiseanna agus inscne a stiúradh sa cheantar áitiúil
- nasc a dhéanamh leis na topaicí staidéir i gCroí Aonad 2 (Próisis an duine sna réigiúin roghnaithe) agus i dToghaonad 5 (Dinimic an Daonra 5.1)

## Réamhthaithí

Ba cheart do mhúinteoirí

- tagairt a dhéanamh do bhailiú daonáireamh eile in Éirinn
- úsáid a bhaint as suíomh idirlín an Phríomh-Oifig Staidrimh, www.cso.ie chun samplaí cothrom le dáta a chur ar fáil
- tagairt a dhéanamh d’ábhair a clúdaíodh i dtíreolaíocht an Teastais Shóisearaigh
- obair léarscáileanna a úsáid chun réigiúin a bhfuil daonraí ard-dlúis agus íseal-dlúis iontu a aithint.

## Faisnéis nua

Ba cheart do mhúinteoirí

- daltaí a éascú trí obair ghrúpa agus trí obair aonair, chun treochtaí deireanacha daonra a aithint sna réigiúin le haghaidh staidéir ó Chroí-Aonad 2
- na príomh-thosca is cúis le hathrú daonraí a aonrú
- faisnéis fhíriciúil a bhaineann le patrúin imirce a chur fáil agus nasc a dhéanamh le 5.3. (Tionchar na  himirce ar thíortha bronntacha agus ar thíortha faighteora).

## Tuiscint feidhmíochtaí

Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta

- breac-chuntas a thabhairt ar na mórathruithe ar an réigiún de chuid na hÉireann, de chuid na hEorpa agus de chuid an domhain a ndearnadh staidéar orthu i gCroí-aonad 2
- scileanna in obair léarscáileanna a úsáid chun léiriú spásúil na dtreochtaí seo in Éirinn a thaispeáint.
- anailís a dhéanamh ar chúiseanna na dtreochtaí éagsúla
- cleachtaí simplí imscrúdaithe a chur i gcrích chun staidéar a dhéanamh ar phatrúin an daonra áitiúil
- díospóireacht a dhéanamh ar na príomhargóintí a bhaineann le patrúin nua-aimseartha imirce san Eoraip agus breac-chuntas a thabhairt ar na príomhcheisteanna eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha.

## CROÍ –AONAD 4:

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHTA

**Ráiteas 4.5: Imríonn gníomhaíochtaí eacnamaíochta tionchar ar an chomhshaol**

**Topaic le haghaidh staidéir:** An tionchar a bhíonn ann nuair a breoslaí iontaise a dhó agus úsáid foinsí fuinnimh eile.

## Tusicint spriocanna

Beidh daltaí ábalta:

- na príomhbhreoslaí iontais i ngeilleagar na hÉireann a aithint
- príomhfhoinsí na mbreoslaí seo agus tréithe a n-úsáide a aithint
- teacht ar na tionchair éagsúla comhshaoil de gach breosla ar bhonn áitiúil agus domhanda
- amharc ar fhoinsí fuinnimh eile a d’fhéadfadh bheith ann
- machnamh a dhéanamh ar choincheap na hinbhuanaitheachta maidir le patrúin reatha in úsáid fuinnimh.

## Íomhánna agus Samplaí

Ba cheart do mhúinteoirí

- tuairisc Millenium de chuid an EPA a úsáid leis na patrúin reatha a aithint
- iniúchadh comhshaoil a dhéanamh ar úsáid fuinnimh ar scoil agus sa bhaile

- ábhair ó ghníomhaireachtaí comhshaoil a úsáid le haird a dhíriú ar chomhroghanna inmharthana a d'fhéadfadh a bheith ann
- físeáin, téacsanna, nó foinsí idirlín a úsáid le taighde a spreagadh ar na saincheisteanna.

## Réamhthaithí

Ba cheart do mhúinteoirí

- taithí, dearcthaí agus tuiscint a mhealladh ó dhaltaí maidir le ról na mbreoslaí iontaise ina gcuid saolta
- líon turais na ndaltaí le seachtain anuas a áireamh agus scrúdú a dhéanamh ar réimse breosla úsáidte
- tagairt a dhéanamh d'ábhair ón Teastas Sóisearach maidir le hola, le móin agus le báisteach aigéadach
- cur ina luí ar dhaltaí chun machnamh a dhéanamh ar fhoinsí eile fuinnimh laistigh dá gcuid taithí féin a úsáid.

## Faisnéis nua

Ba cheart do mhúinteoirí

- fíricí maidir le patrúin ídithe ola, gáis, guail, móna agus adhmaid a sholáthar laistigh de gheilleagar na hÉireann
- figiúir maidir le fás geilleagrach agus le fás aschurtha i bhfoinsí fuinnimh a léiriú
- daltaí a threorú le figiúirí atá suas chun dáta a aimsiú maidir le caighdeán an aeir agus ar na sriantaí acmhainní in Éirinn
- foinsí a sholáthar ar fhoinsí fuinnimh inmharthana eile, gaoth HEP agus grianfhuinneamh san áireamh.

## Tuiscint feidhmíochtaí

Ba cheart do dhaltaí

- inbhuanaitheacht na dtréithe maidir le húsáid fuinnimh i ngeilleagar na hÉireann a chur faoi chaibidil.
- na fíricí maidir le tionchair chomhshaoil dhomhanda agus áitiúla na dtréithe seo a imlíniú
- moladh a thabhairt ar an bpolasaí is inmharthana agus is inbhuanaithe maidir le foinsí eile a fhorbairt.

## CROÍ-AONAD 5:

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA TIMPEALLACHT DHAONNA

**Ráiteas 5.6:** Is féidir fadhbanna bheith ann ó fhás na lárionad uirbeach

**Topaic le haghaidh staidéir:** Fadhbanna uirbeacha maidir le gluaiseacht agus brú tráchta.

### Tuiscint spriocanna

Beidh daltaí ábalta

- na príomhfhadhbanna a bhaineann le trácht ina gcuid pobal féin agus i gcathair na hÉireann a scoitheadh
- forbairt na bhfadhbanna seo a lorg ón mbliain 1960 ar aghaidh
- anailís a dhéanamh ar straitéisí reatha le trácht a bhainistiú
- a gcuid straitéisí féin a fhorbairt le fadhbanna maidir le gluaiseacht agus brú tráchta a réiteach.

### Íomhánna agus Samplaí

Ba cheart do mhúinteoirí

- spléachadh a thabhairt ar ghnáth-thaithí comaitéirí ina bpobal féin
- fiosrú indibhidiúil a dhéanamh ar an turas chun na scoile agus ar phatrúin oibre a gcuid comharsan
- amharc ar fhíseán an EPA “The State We’re In” ar thrácht
- suirbhé simplí ar shruth tráchta sa phobal, ag taifeadadh cineálacha feithiclí, líon na dtaistealaithe agus an treo taistil.

### Réamhthaithí

Ba cheart do dhaltaí

- amanna indibhidiúla taistil a bhreacadh síos idir pointí difriúla ar a gcuid turas pearsanta ag uaireanta éagsúla i rith an lae
- tagairt a dhéanamh d’ábhar an Teastais Shóisearaigh ar shruth agus treo tráchta
- tuairiscí meáin do thagairt ar bith ar straitéisí tráchta a scanadh
- úsáid a bhaint as an idirlíon le hamharc ar an staid i gcathracha na hEorpa.

## Faisnéis nua

Ba cheart do mhúinteoirí

- fíricí ar na tionscnaimh iompair phoiblí a mbaintear an úsáid is mó astu a sholáthar, mórlánaí bus, iarnród éadrom agus meitreo
- mionanailís a sholáthar ar Thionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath agus ar straitéis chodarsnach ó chathair eile ar domhan
- foinsí faisnéise a chur ar fáil ar fhás úinéireachta carr in Éirinn agus líon na bpaisinéirí ar iompar poiblí.

## Tuiscint feidhmíochtaí

Ba cheart do dhaltaí

- éifeachtacht agus leordhóthanacht pleananna reatha ar thrácht a bhainistiú i gcathracha na hÉireann a chur faoi chaibidil
- léarscáileanna de cheantair áitiúla a úsáid leis na háiteanna is mó trácht a chur in iúl agus leis na príomhchúiseanna a scoitheadh
- straitéis eile don cheantar áitiúil a chur le chéile
- anailís a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar shriantaí iompair phoiblí chun déileáil le fadhbanna tráchta.

## ROGHAONAD 6:

## IDIRSPLEÁCHAS DOMHANDA

**Ráiteas 6.2:** Tá muid inár gcónaí i ngeilleagar idirspleách domhanda. Imríonn gníomhaíochtaí nó cinntí déanta i gceantar amháin tionchar ar réigiúin eile.

**Topaic le haghaidh staidéir: Cás-**staidéar ar chomhlacht ilnáisiúnta ar leith le tagairt déanta don tionchar a imríonn patrúin trádála domhanda ar réigiúin táirgeoirí agus tomhaltóirí.

### Tuiscint spriocanna

Beidh daltaí ábalta

- struchtúr MNC amháin a lorg ar fud a líonra domhanda trádála ag sainaithint réigiúin táirgeoirí agus tomhaltóirí.
- tionchair shoiléire eacnamaíochta agus shóisialta ar réigiúin táirgeachta agus tomhaltóra a shainaithint.

### Íomhánna agus Samplaí

Ba cheart do mhúinteoirí úsáid a bhaint as

- sampla de chomhlacht na hÉireann a fheidhmíonn in Éirinn go príomha leis an líonra trádála agus foinsí amhábhar agus margaí táirgí a lorg
- léarscáileanna le nascálacha domhanda laistigh de phatrúin trádála tráchtearra amháin a lorg, m. sh. ola nó caife

### Réamhthaithí

Ba cheart do mhúinteoirí

- topaic an Teastais Shóisearaigh maidir le trádáil leatromach a athscrúdú
- iarraidh ar dhaltaí áit táirgthe ghnáthrudaí tomhaltóirí ar nós bia, éadaigh agus earraí leictreacha a scrúdú. Ba cheart na háiteanna táirgthe seo a léarscáiliú
- naisc shoiléire a dhéanamh leis an réigiún domhanda tofa ó Chroí-Aonad 2 agus ó staidéar cáis MNC i gCroí-Aonad 4 (4.3) más cuí.

### Faisnéis nua

Ba cheart do mhúinteoirí an soláthar seo a leanas a éascú

- sonraí maidir le cás-staidéar ar chorparáid ilnáisiúnta amháin
- faisnéis fhíriciúil suas chun dáta ar thionchair réigiúnacha ghníomhaíochtaí an MNC
- aon fhaisnéis staitistiúil maidir le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta na réigiún. Ba cheart úsáid fhoinsí an IT a spreagadh.

### Tuiscint feidhmíochtaí

Ba cheart do dhaltaí

- gníomhaíochtaí an MNC roghnaithe a shainaithint, a léarscáiliú agus a chur síos
- na príomhthionchair eacnamaíochta agus shóisialta de ghníomhaíochtaí an MNC maidir le réigiúin táirgeachta agus tomhaltóra a roghnú agus a aicmiú
- breitheanna pearsanta ar fhiúntas a dhéanamh maidir le ceartas agus le cothroime an cháis más cuí.

## ROGHAONAD 7:

### GEO-ÉICEOLAÍOCHT

**Ráiteas 7.3:** Tá bithóim ar leith anois ann mar gheall ar phatrúin aeráidí domhanda. Is réigiúin dhomhanda na bithóim seo ina mbíonn grúpaí plandaí agus ainmhithe oiriúnaithe do choinníollacha ar leith aeráide, ithreacha agus idirghaolmhaireachtaí bithóm.

**Topaic le haghaidh staidéir:** Ba cheart do dhaltaí mionstaidéar a dhéanamh ar phríomhbhithóm/bhithóim amháin trí thréithe aeráide agus ithreach agus trí phatrúin dháilte ainmhithe agus fásra a scrúdú.

### Tuiscint spriocanna

Beidh daltaí ábalta

- príomhbhithóm amháin a shainaithint
- coinníollacha aeráide agus ithreach an bhithóim a chur síos
- trácht a dhéanamh ar dháileadh na n-ainmhithe agus an fhásra sna patrúin aeráide agus ithreach seo.

### Íomhánna agus Samplaí

Ba cheart do mhúinteoirí

- léarscáileanna an domhain a úsáid leis an réigiún/an mbithóm a shainaithint
- aird a dhíriú ar aeráid na hÉireann agus ar thréithe ithreach agus trácht a dhéanamh orthu seo sa dáileadh fásra agus ainmhithe
- an staid a chur i gcodarsnacht le gnáthíomhánna ón bpríomhbhithóm roghnaithe
- íomhánna, grianghraif, físeán nó foinsí an IT a úsáid le heispéireas amhairc a chur le chéile de bheatha an réigiúin thofa.

## Réamhthaithí

Ba cheart do mhúinteoirí

- na réigiúin aeráide a ndearnadh staidéar orthu don Teastas Sóisearach a athscrúdú
- nascálacha soiléire a dhéanamh leis an réigiún ilchríochach nó fo-ilchríochach i gCroí-Aonad 2
- amharc ar thaithí shimplí an dalta sa ghairdín, sa teach gloine nó sa pháirc phoiblí – ag treisiú na gaolmhaireachta idir aeráid, ithreacha, plandaí agus ainmhithe.

## Faisnéis nua

Ba cheart do mhúinteoirí an soláthar seo a leanas a éascú

- mionchás-staidéar ar bhithóm áirithe
- faisnéis staitistiúil agus ghrafach maidir le príomhthopaicí aeráide, ithreacha, flóra agus fána
- foinsí faisnéise leictreonaí maidir leis na príomh-shaincheisteanna do dhalta a fhiosrú.

## Tuiscint feidhmíochtaí

Ba cheart do dhaltaí bheith ábalta

- an bithóm a aimsiú agus léarscáil shimplí sceitse den réigiún a tharraingt
- na príomhghaolmhaireachtaí idir na hithreacha, an aeráid, beatha fhásra agus ainmhithe de réir an bhithóim thofa a shainaithint agus a chur faoi chaibidil
- codarsnachtaí simplí a dhéanamh idir na gaolmhaireachtaí agus na patrúin seo agus an príomhbhithóm ina bhfuil Éire suite.

## ROGHAONAD 8:

## CULTÚR AGUS IONANNAS

**Ráiteas 8.2:** Is slánaonaid pholaitiúla an Náisiúnachas agus an náisiúnstát suite ar an tírdhreach fisiciúil agus cultúrtha.

**Topaic le haghaidh staidéir:**

- Teorainneacha fisiciúla agus polaitiúla.
- Samplaí de ghrúpaí cultúir laistigh de náisiúnstáit.

### Tuiscint spriocanna

Beidh daltaí ábalta

- náisiúnstáit áirithe atá curtha ar an tírdhreach fisiciúil a shainaithint
- castacht a bhaineann le teorainn pholaitiúil a chur trasna tírdhreacha fhisiciúil agus pholaitiúil a chur faoi chaibidil
- samplaí áirithe de ghrúpaí cultúir inaitheanta laistigh de náisiúnstáit a imlíniú.

### Íomhánna agus Samplaí

Ba cheart do mhúinteoirí

- léarscáileanna na hEorpa agus na hÉireann a úsáid leis na hathruithe maidir le teorainneacha polaitiúla sa ré réamhchogaidh/iarchogaidh a chur in iúl
- roinnt samplaí domhanda a úsáid m. sh.deighilt na hAfraice trí chumhachtaí coilíneacha agus deighilt de stáit thiar na Stáit Aontaithe.
- iarraidh ar dhaltaí sceitsí simplí a tharraingt de leathadh tíreolaíoch na ngrúpaí cultúrtha, m. sh. na Coirdínigh, Sámaigh (Laplannaigh), lena ndáileadh maidir le teorainneacha fisiciúla agus polaitiúla a thaispeáint.

### Réamhthaithí

- Dul siar ar na réigiúin chultúrtha i gCroí-Aonad 2 le samplaí ón mBeilg agus ón gCríoch Lochlainn.
- Cás-staidéar coimhlinte a úsáid idir grúpaí cultúir i náisiúnstáit de dheasca teorainneacha polaitiúla m. sh. Tutsi agus Hutus i Ruanda, Gréagaigh agus Turcaigh sa Chipir nó Bascaigh sa Spáinn

- Úsáid a bhaint as forbairt stairiúil Thuaisceart Éireann ón mbliain 1900 go dtí an bhliain 2000 leis na hathruithe agus leis an gcastacht a bhaineann le teorainneacha polaitiúla a thógáil agus staid na ngrúpaí cultúrtha laistigh de na teorainneacha seo.

## Faisnéis nua

Ba cheart do mhúinteoirí dhá chás-staidéar a úsáid:

- bunú, comhdhéanamh agus scrios na hIar-Iúgslaive
- aontacht agus castacht chultúir na Spáinne.

## Tuiscint Feidhmíochtaí

Ba cheart do dhaltaí bheith ábalta

- cur síos ar chásanna, ag úsáid dhá shampla, ina bhfuil teorainneacha polaitiúla náisiúnta neamhréireach leis an tírdhreach fisiciúil
- cur síos ar chásanna, ag úsáid dhá shampla, ina bhfuil grúpaí cultúir suite laistigh de theorainneacha polaitiúla náisiúnta
- tuairimí, dearcthaí agus freagairtí difriúla daoine laistigh den staid seo a phlé.

## ROGHAONAD 9:

## AN tATMAISFÉAR – TIMPEALLACHT AIGÉIN

**Ráiteas 9.5:** Is féidir dromchla an domhain a roinnt i dtimpeallachtaí aeráide ar leith. Is féidir tréithe na haeráide athrú thar am agus spás.

**Topaic le haghaidh staidéir:**

- Aeráid dhomhanda ar leith amháin.
- Samplaí den athrú aeráide.

## Tuiscint spriocanna

Ba cheart do dhaltaí bheith ábalta

- aeráid dhomhanda ar leith amháin a shainaithint
- na príomhfhórsaí aeráide atá freagrach as an cheantar aeráide domhanda a shainaithint
- samplaí den athrú aeráide a bhí ann agus atá ann a imlíniú go hachomair.

## Íomhánna agus Samplaí

Ba cheart do mhúinteoirí

- réimse ábhar amhairc a úsáid le cur síos ar an réigiún aeráide agus le hé a shamhlú
- faisnéisí aimsire ón idirlíon a úsáid le mioneolas méadreolaíoch a fháil
- léarscáileanna agus léarscáileanna aimsire a úsáid le tréithe fisiciúla agus méadreolaíocha an réigiúin a chur in iúl
- athbhreithniú a dhéanamh ar staidéar phróisis an oighir i gCroí-Aonad 1 mar shampla den athrú aeráide.

## Réamhthaithí

Ba cheart do mhúinteoirí

- dul siar ar ábhar an Teastais Shóisearaigh a bhaineann le réigiúin aeráide
- nasc a dhéanamh leis na réigiúin Eorpacha agus ilchríochacha ó Chroí-Aonad 2
- iarraidh ar dhaltaí úsáid a bhaint as agus cur síos a dhéanamh ar a dtaithí taistil féin le haird a dhíriú ar aeráidí difriúla.

## Faisnéis nua

Ba cheart do mhúinteoirí

- foinsí mionfhaisnéise fíriciúla ar na réigiúin thofa a chur ar fáil do dhaltaí
- úsáid chuardaigh idirlín a spreagadh ar mhaithe le faisnéis amhairc agus théacsúil
- físeán an EPA a thaispeáint do dhaltaí ’The State We’re in’ – A Climate of Change
- faisnéis shimplí a chur ar fáil ar ’El Nino’.

## Tuiscint feidhmíochtaí

Ba cheart do dhaltaí bheith ábalta

- saintréithe aeráide a réigiúin thofa féin a imlíniú
- na príomhphróisis aeráide atá freagrach as na tréithe seo a shainaithint agus a scoitheadh
- plé agus idirdhealú a dhéanamh idir próisis nádúrtha agus próisis de dhéantús an duine den athrú aeráide
- plé ginearálta a dhéanamh ar na tionchair fhéideartha den athrú aeráide ar a réigiún tofa le staidéar.

## ÚSÁID THEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE AGUS NA CUMARSÁIDE LEIS AN SIOLLABAS A SHOLÁTHAR

Tá an Tíreolaíocht mar ábhar an-chomhoiriúnach le teicneolaíocht nua. Is féidir eolas, tarluithe agus staitisticí suas chun dáta do dhomhan atá ag síorathrú a fháil ar an idirlíon. Déanann próiseálaithe focal, bunachair agus scarbhileoga cuid mhór tascanna leadránacha áirimh, tuairiscí le scríobh agus léarscáileanna nó le tarraingt níos gasta agus níos slachtmhaire. Baineann foilsiú deisce agus bogearraí láithreoireachta leas as an gcumhacht ilmheán le tuairiscí agus tionscadail dhea-cheaptha a dhéanamh. Seo a leanas cuid de na feidhmchláir ar féidir leas a bhaint astu i múineadh na tíreolaíochta.

- **Próiseáil focal agus foilsiú deisce**

  Úsáidtear pacáiste próiseála focal le téacs a fhormáidiú. Is áis úsáideach í maidir le nótaí, bileoga, scrúduithe, obair baile agus aistí. Is féidir gach cineál d'ábhar grafach a leagan amach agus a thaispeáint trí fhoilsiú deisce a úsáid. Is féidir póstaeir, nuachtlitreacha, bróisiúir agus leabhráin a dhéanamh.

- **Láithreoireachtaí**

  Is féidir téacs, pictiúir, grafaíocht, fuaim agus físeán a úsáid nuair a bhaintear feidhm as bogearraí láithreoireachta le topaic a chur i láthair trí shraith shleamhnán. Is féidir iad a thaispeáint in ord mar aon le maisíocht beochana agus trasdula. Tá siad úsáideach do mhúinteoirí ar mhaith leo topaic a thabhairt isteach. Is féidir daltaí seo a úsáid in ionad téacs a úsáid agus iad ag taispeáint tionscadal.

- **Scarbhileoga**

  Úsáidtear iad seo do dháta a phróiseáil, a mhúnlú. Is féidir graif de gach cineál a tharraingt leis an gcuid is mó de na feidhmchláir.

- **Bunachair**

  Stóráiltear eolas ar féidir teacht go láithreach air, is féidir é a cheistiú, a bheachtú. Is féidir ábhar ó bhéal, uimhriúil nó grafach bheith ann, m. sh. is samplaí de bhunachair léarscáileanna, ciclipéidí agus atlais.

- **Grafaicí**

  Feidhmchláir éagsúla a dhéanann grafaicí, léaráidí agus póstaeir den scoth.

- **Fótaghrafaíocht agus físeán digiteach**

  Is féidir iad seo a úsáid le heolas páirce a thaifeadadh. Is féidir íomhánna a athrú agus a úsáid i gcomhar leis na feidhmchláir thuas.

- **Léarscáiliú**

  Taispeántar léarscáileanna de scálaí éagsúla ó léarscáileanna den domhan go mionléarscáileanna sráide an O.S.

- **Samhlacha, cluichí agus ionsamhlúcháin**

  Is féidir le daltaí idirghníomhú chun déileáil leis na saincheisteanna is mó, m. sh. an dóigh le foraois bhaistí a bhainistiú, le truailliú a ghlanadh, srl.

- **Ríomhphost agus físchomhdháil**

  Is féidir le daltaí ranganna agus obair a roinnt le daltaí i scoileanna eile in Éirinn agus i dtíortha eile.

- **An tIdirlíon**

  Is féidir é a úsáid leis an eolas gan teorainn a bheag ná a mhór ó gach cearn den domhan a cheistiú. Tá athrú mór ar an gcaighdeán áfach ó shuíomh go suíomh. Ba cheart treoir a thabhairt do dhaltaí faoi na suíomhanna ar fiú iad. Tá sé tábhachtach go ndéantar anailís ar ábhar na suíomhanna agus go n-ionchorpraítear in obair an dalta é trí roghnú agus achoimre chriticiúil in ionad bloic eolais a chóipeáil amháin.

  Ní mór do gach píosa eolais ón idirlíon a mbaintear úsáid as san Imscrúdú Tíreolaíochta a lua agus a aithint mar is cuí.

- **Córas Faisnéise Geografaí (CFG)**

  Trí chórais fhaisnéise geografaí a úsáid, is féidir gach cineál dáta a bhreacadh go digiteach ar bhonnléarscáil de gach sórt scála, ó scála domhanda go scála áitiúil, agus a cheistiú leis na comhghaolmhaireachtaí spásúla idir na sonraí a thaispeáint. Táthar á úsáid go forleathan anois ag an rialtas, ag údaráis áitiúla agus ag gnóthais.

  Mar gheall ar a chastacht agus ar ardchostas, ní minic a úsáideadh é sa seomra ranga go dtí seo, ach is dóiche go dtiocfaidh athrú ar an scéal amach anseo. Úsáidfear níos minice é le torthaí saothair allamuigh a thaispeáint agus le hanailís go spásúil a dhéanamh ar shonraí daonáirimh.

## AN TFC SA SEOMRA RANGA

Nuair a chuirtear san áireamh líon na bhfeidhmchlár bainteach atá ann, tá an Tíreolaíocht ina hábhar leithleach le feidhm a bhaint as cumas an TFC. Is féidir an fheidhm is fearr a bhaint as seo sa seomra ranga, as siocair crua-earraí bheith ar fáil go réidh. Beidh ríomhaire i ngach rang de scoileanna amach anseo. Rud inmhianaithe a bheadh ann dá mbeadh roinnt ríomhairí do dhaltaí agus ríomhaire múinteora ann agus iad ceangailte le teilgeoir digiteach.

## TFC AGUS AN tIMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA

Baintear níos mó úsáide as TFC sa taighde geografach. Is féidir aon sonraí a bhailítear allamuigh a chur i mbunachar agus a phróiseáil. Is féidir táblaí a dhéanamh trí scarbhileog agus iad a thiontú ina ngrafaicí. Is féidir ceamaraí digiteacha a úsáid le gnéithe den tírdhreach a ghabháil ar féidir sceitsí anótáilte a dhéanamh sa seomra ranga dóibh. Is féidir úsáid a bhaint as an idirlíon le taighde breise a dhéanamh. Is féidir an tuairisc ar an imscrúdú tíreolaíochta a thabhairt chun críche trí phróiseálaí focal a úsáid. Is féidir léarscáileanna agus graif a sholáthar go digiteach agus a ghreamú sa leabhrán tuairiscithe.

Ní bheidh sé ina bhuntáiste ag daltaí áfach gur úsáideadh an TFC nuair a dhéanfaidh an t-imscrúdú a mheasúnú. Ba cheart smaoineamh air mar áis úsáideach phróiseála dá mbeadh na hacmhainní ar fáil don dalta, ar scoil nó sa bhaile.

**AN TFC AGUS MEASÚNÚ**

Tá bogearraí ar fáil le scrúduithe a chruthú, ar féidir le daltaí tabhairt fúthu ar an scáileán agus is féidir iad a mharcáil agus a scríobadh láithreach.

# Rannán a ceathair – pleananna ceachta samplacha



# 5. PLEANANNA CEACHTA SAMPLACHA

## INTREOIR

Is é an rud a leanann ná sraith phleananna ceachta bunaithe ar ráitis ó aonaid dhifriúla an tsiollabais, mar aon le hacmhainní múinteoireachta ar a bhfuil na gníomhaíochtaí foghlama bunaithe. Moltar na gníomhaíochtaí seo in ionad iad bheith leagtha síos; i gcuid mhór cásanna, is féidir smaoineamh orthu mar chlár roghanna ar féidir an múinteoir roghnú as de réir chaighdeán na múinteoireachta nó chumas an ranga. Is dóiche go gcuireann na ráitis agus na haonaid siollabais atá roghnaithe béim ar cibé gné atá nua sa siollabas.

Tá gach plean ceachta leagtha amach i dteimpléad a chlúdaíonn príomhchodanna múinteoireachta ar son tuisceana agus príomhchodanna measúnaithe ar son foghlama.Is é an cuspóir leis seo creatlach a sholáthar ina spreagtar múinteoirí le gach ceacht a chur i láthair de réir teoiric iontaofa agus dea-chleachtais. Tá teimpléad glan ar fáil don mhúinteoir a úsáid nó a fhótachóipeáil.

Tagann na foinsí ar a mbunaítear na ceachtanna ó léarscáileanna an O.S., ó ghrianghraif ón aer nó shatailíte, ó ghraif, ó tháblaí agus ó fhoinsí téacsúla a bhaintear ó pháipéir nuachta agus ó irisleabhair. Atáirgtear iad nó cuirtear na seoltaí gréasáin ar fáil ar féidir iad a íoslódáil uathu. Treoraítear foghlaim an dalta trí ghníomhaíochtaí molta a chríochnú, i ndiaidh don mhúinteoir treoir shoiléir a thabhairt. Déantar measúnú ar fhoghlaim an dalta trí na tascanna molta a dhéanamh, i ndiaidh critéir a thabhairt dóibh, a chuireann in iúl an dóigh ar féidir bheith rathúil. Ba cheart aischothú a thabhairt ag deireadh na measúnachta trí thrácht ó bhéal nó trácht scríofa, a léiríonn na rudaí atá de dhíth chun feabhais.

**Moltar gur leor tréimhse ranga amháin do gach ceacht, ach amháin nuair a chuirtear gníomhaíochtaí breise in iúl, ach is féidir é a dhéanamh thar dhá thréimhse ranga nó níos mó ná sin más gá.**

## TEIMPLÉAD DE PHLEAN CEACHTA

**TEIDEAL AN CHEACHTA:**

| **An cuspóir foghlama**: | **Tógtha ó ráitis siollabais**: |
|---|---|
| An cuspóir atá ann sa cheacht – is féidir é seo a bhunú ar liosta na dtorthaí ag tús gach aonad siollabais. | Cinntíonn sé seo go mbunófar gach ceacht ar ráitis siollabais.<br><br>Is féidir na ráitis a bhaint as níos mó ná aonad siollabais amháin. |
| **Topaicí iarfhoghlama/réamhthaithí:**<br><br>Tugann sé leanúnachas isteach sa phleanáil. Cuireann le cúrsa an Teastais Shóisearaigh.<br><br>Is féidir tagairt a dhéanamh d'imeachtaí reatha, do scéalta nuachta, do shuimeanna daltaí, m.sh. náisiúnachas imreoirí peile srl.<br><br>---<br><br>**Beidh scileanna forbartha ag daltaí:**<br><br>Nuair ab fhéidir, ba cheart scileanna a imeascadh sa cheacht. | **Céimeanna an cheachta agus modhanna le húsáid:**<br><br>Mionleagan amach na ngníomhaíochtaí:<br><br>Ábhair acmhainní le tabhairt isteach<br><br>Leagan amach féideartha:<br><br>• intreoir – cad is cuspóir an cheachta<br>• achoimriú ar iarfhoghlaim<br>• tabhairt isteach ábhar nua<br>• bunú tascanna le foghlaim a threisiú/tuiscint a nochtadh – obair ranga agus obair baile<br>• achoimriú ar a bhfuil clúdaithe sa cheacht. |
| **Tabharfar ábhar nua isteach dóibh:**<br><br>Tríd an ábhar nua a scoitheadh, is féidir an tasc foghlama a dhéanamh níos soiléire don dalta. | **Úsáidfidh siad na hacmhainní seo a leanas**:<br><br>Déanfar forbairt ar thuiscint trí léarscáileanna, trí ghrianghraif, trí staitisticí, trí ghraif agus trí léaráidí a úsáid. |
| **Iarrfar ar dhaltaí a gcuid tuisceana a léiriú trí:**<br><br>Ghníomhaíochtaí bríocha a chur le chéile a ligeann do dhaltaí a gcuid tuisceana a léiriú. Ba cheart roinnt gníomhaíochtaí a chur san áireamh leis seo, rud a cheadódh ilintleachtaí a úsáid. Is féidir na gníomhaíochtaí a dhéanamh sa rang nó sa bhaile. Is féidir leas a bhaint as ceisteanna iarscrúduithe más cuí. | |

.

## PLEAN CEACHTA SAMPLACH 1: EIBHEAR LAIGHEAN:

### An cuspóir foghlama:

Tuigfidh daltaí

- go dtagann an tírdhreach, a bhfuil cuid mhór daltaí eolach air, ó phróisis bainteach le himoibriú an timthrialla theicteonaigh, an timthrialla carraigeacha agus phróisis dromchla
- go dtagann áiteanna fillsléibhte ó ghluaiseacht stairiúil phlátaí
- gur chuir na himeachtaí teicteonacha caite seo le hathchúrsáil agus le hathruithe carraigeacha a bhfuil tréithe díobh le feiceáil i ndáileadh na gcineálacha carraigeacha sa lá atá inniu ann

### Topaicí iarfhoghlama/réamhthaithí:

Teicteonaic phlátaí

An timthriall carraigeacha

Síonchaitheamh agus creimeadh (Teastas Sóisearach)

### Beidh na scileanna seo a leanas forbartha ag daltaí:

Léarscáileanna agus léaráidí a léirléamh.

Léirléamh léarscáileanna an O.S.

### Beidh ábhar nua tugtha isteach dóibh:

Staid na hÉireann maidir le gluaiseachtaí plátaí san am a chuaigh thart.

Slabhra Laighean mar gheall ar ghluaiseachtaí plátaí.

Athchúrsáil carraigeacha mar chuid den phróiseas teicteonach

### Tógtha ó ráitis siollabais:

Staid na hÉireann maidir le gluaiseachtaí plátaí san am a chuaigh thart. (Croí-Aonad 1.1)

Cineálacha carraigeacha in Éirinn (Croí-Aonad 1.2)

Imríonn struchtúir gheolaíocha tionchar ar thírghnéithe a tháinig ó fheidhmiú an timthrialla theicteonaigh (Croí-Aonad 1.3)

Imríonn feidhmiú an timthrialla charraigeacha tionchar ar thírghnéithe (Croí-Aonad 1.4)

**Céimeanna an cheachta agus modhanna le húsáid:**

Iarrfar ar dhaltaí staidéar a dhéanamh ar Fhig. 1 – léarscáil gheolaíoch de Shlabhra Laighean agus ais an fhillte a shainaithint. Iarrfar orthu staidéar a dhéanamh ar Fhig. 2 – léaráid de chuid Shlabhra Laighean. Úsáidtear saigheada le cuid de na próisis a chur in iúl a chuir leis an bhfoirmiú tírdhreacha atá ann faoi láthair. Is iad seo:

A: filleadh mar gheall ar ghluaiseacht phlátaí,

B: bruth-ionsá,

C: meiteamorfacht teagmhála agus

D: lomairt fho-aerga.

Is féidir iarraidh ar dhaltaí mionchur síos a dhéanamh ar na próisis seo agus ar a gcúiseanna, agus ar an dóigh ar chuir siad leis an tírdhreach reatha.

**Bainfidh siad úsáid as na hacmhainní seo a leanas:**

Bileog eolais 1 agus 2. rogha shamplach léarscáile an O.S. de Co. Chill Mhantáin m. sh. Gleann Dá Loch nó Abhóca.

.

**Iarrfar ar dhaltaí a gcuid tuisceana a chur in iúl trí:**

Chur síos a dhéanamh ar na carraigeacha ónar foirmíodh Slabhra Laighean agus tagairt a dhéanamh don timthriall carraigeacha.

Chur síos a dhéanamh ar ghluaiseachtaí an domhain atá freagrach as foirmiú Shlabhra Laighean agus tagairt a dhéanamh don teoiric theicteonach phlátaí.

Léaráidí a tharraingt leis na próisis seo a léiriú

Struchtúir agus phróisis ar léarscáileanna an O.S. a aithint.

## BILEOG EOLAIS 1.

### CALEDONIAN IRELAND

**Key terms:** plate tectonics; plate convergence and collision; oceanic plate subduction; volcanic arc development; orogenesis.

In ancient geological times, extending through the Pre- Cambrian, Cambrian, Ordovician and into the Silurian periods, an oceanic area existed in the southern hemisphere, sandwiched between three continental plates, referred to as Laurentia, Baltica and the micro-continent of Avalonia. This ocean, called Iapetus, was at its maximum width in late Cambrian times but it proceeded to close up as the continental plates converged. This convergence involved the subduction of the oceanic plate materials beneath the continents, causing volcanic island arc development through the re-melting of ocean floor rocks. Sediments that had been deposited on the floor of Iapetus were scraped up and accreted onto the continental plate margins. Eventually, the final collision of the continental plates resulted in a major event of mountain building or orogenesis referred to as the Caledonian orogeny. This involved considerable deformation (folding and faulting) and thickening of the crust and also the emplacement of deep-seated magma chambers in the form of plutons or even larger batholiths.

The suture which joined the colliding continents runs diagonally across Ireland in a line roughly from Limerick to Louth. Thus, southeastern Ireland and northwestern Ireland originated on entirely separate plates. The clear evidence of the Caledonian orogeny can be seen throughout Ireland with its predominantly northeast to southwest trending structural grain as it can in much of northern Great Britain, especially Scotland (hence the name 'Caledonian'), western Scandinavia and eastern Greenland and also in the eastern United States in the Appalachian area. Since this episode the entire continental unit has drifted northwards into the northern hemisphere and experienced major modifications through geological time - most notably, the opening up of the Atlantic in Mesozoic time which separated the Caledonian areas of Europe and North America on different plates.

With regard to Irish geology, the volcanic rocks in southeastern Ireland (south Wicklow, Wexford and Waterford and also in parts of the north and west) represent the product of volcanic island arc activity associated with the subduction of and closure of Iapetus. The Leinster batholith and other plutonic emplacements of the north and west owe their existence to the orogenic episode also. The Ordovician and Silurian sandstones and shales of the Longford-Down axis area represent the scrapings of ocean floor sediments accreted against the northern continental margin in faulted structures. Much of the northeast-southwest structural grain in Irish geology has since been masked by later deposition, especially in the south and midlands (Devonian and Carboniferous sediments). Later deformation (mainly affecting the south) due to the Armorican orogeny, which involved different episodes of plate convergence, produced a different structural orientation in the south. Much later igneous activity in Tertiary times (probably associated with the opening of the north Atlantic) produced the volcanic outpourings of the Antrim basalts and the emplacement of the plutons of the Mourne and Carlingford mountains.


## BILEOG EOLAIS 2.

CARBONIFEROUS LIMESTONE

MICA SCHISTS

GRANITE

SILURIAN SHALES




**FIGIÚR 1. GEOLAÍOCHT OIRDHEISCEART LAIGHEAN**





FIGURE 2.
CROSS SECTION OF
LEINSTER CHAIN

## PLEAN CEACHTA SAMPLACH 2:

## PATRÚIN SA TRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

**An cuspóir foghlama**

Tuigfidh daltaí

- an fáth go dtrádálann náisiúin lena chéile
- teacht chun cinn bloic thrádála
- an gá le comhaontuithe trádála
- an dóigh nár cuireadh roinnt tíortha san áireamh
- comhpháirtithe trádála na hÉireann.

**Topaicí iarfhoghlama/réamhthaithí**:

Geilleagair fhorbartha agus i mbéal forbartha.

**Beidh na scileanna seo a leanas forbartha ag daltaí:**

Anailís staitistiúil.

Suíomh tíortha.

**Beidh ábhar nua tugtha isteach dóibh:**

Tosca a rialaíonn Trádáil Dhomhanda.

Comhaontuithe trádála.

Bloic thrádála.

An bhfuil an trádáil i bhfabhar na dtíortha forbartha agus an saothraíonn sí an domhan i mbéal forbartha?

**Tógtha ó ráitis siollabais:**

Tá geilleagair nasctha laistigh de chreatlach dhomhanda (Toghaonad 4.3).

Tá patrún trádála ar leith tagtha chun solais idir an Eoraip, na Stáit Aontaithe agus Imeall an Aigéin Chiúin (Toghaonad 4.3).

Roinnt idirnáisiúnta an tsaothair (Toghaonad 4.3).

Ní chuirtear réigiúin áirithe san áireamh (Toghaonad 4.3).

## Céimeanna an cheachta agus modhanna le húsáid:

Seisiún ransaithe smaointe – cén fáth a dtrádálann tíortha lena chéile?

Teidil mholta – srianta aeráide ar tháirgeacht bhia, breosla agus amhábhair, speisialtóireachtaí, cruthú fostaíochta, comaoineacha costais.

Tugtar staitisticí trádála na hÉireann do dhaltaí agus iarrtar orthu patrúin a chur síos agus a mhíniú. Bealach amháin leis seo a dhéanamh ná tíortha ainmnithe a aimsiú ar léarscáil ghlan den domhan.

D’fhéadfadh iarraidh orthu ár gcomhpháirtí trádála is tábhachtaí a aithint agus insint cén fáth.An mbeadh na cúiseanna céanna i gceist leis an dara comhpháirtí trádála is tábhachtaí againn? An tríú agus ceathrú againn?

Ag dul tríd an liosta, cad iad na patrúin réigiúnacha a thagann chun solais?

Má scáthlínítear na tíortha ar léarscáil an domhain, cad iad na réigiúin nach bhfuil curtha san áireamh? Cén fáth?

D’fhéadfadh iarraidh ar dhaltaí nasc a dhéanamh le hallmhairí ar leith agus tíortha tionscanta. An bhfuil patrúin le feiceáil maidir le hallmhairí ardluacha ó thíortha forbartha agus le hallmhairí luach ísil ó thíortha níos lú forbartha? Ba cheart dóibh iarracht a dhéanamh air seo a mhíniú.

## Úsáidfidh siad na hacmhainní seo a leanas:

Figiúir thrádála na hÉireann.

Léarscáil imchrutha an domhain. (Is féidir é seo a íoslódáil ó http://www.eduplace.com/ss/maps/world.html)

Léarscáil bhalla nó atlas.

## Iarrfar ar dhaltaí a gcuid tuisceana a léiriú trí:

Na figiúirí trádála a úsáid, le taispeáint go bhfuil Éire ina cuid den gheilleagar domhanda.

Anailís a dhéanamh ar na tosca a rialaíonn patrúin trádála an domhain agus trádáil eachtrach na hÉireann go háirithe.

Cén fáth agus cén dóigh a ndéanann tíortha iarracht trádáil a rialú?

## PRÍOMH-CHOMHPHÁIRTITHE NA hÉIREANN SA TRÁDÁIL 2002

| ONNMHAIRÍ | | | ALLMHAIRÍ | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tír cheann scríbe** | **Luach M** | **% den luach iomlán** | **Tír cheann scríbe** | **Luach M** | **% den luach iomlán** |
| An Bhreatain Mhór | 20,734.4 | 22.1 | An Bhreatain Mhór | 18,824.2 | 34.0 |
| Na Stáit Aontaithe | 16,385.0 | 17.5 | Na Stáit Aontaithe | 8,503.8 | 15.4 |
| An Ghearmáin | 6,743.9 | 7.2 | An Ghearmáin | 3,533.1 | 6.4 |
| An Fhrainc | 4,667.6 | 5.0 | An Fhrainc | 2,252.4 | 4.1 |
| An Iodáil | 3,593.1 | 3.8 | An tSeapáin | 2,012.2 | 3.6 |
| An Bheilg | 3,519.3 | 3.8 | An Ísiltír | 1,821.8 | 3.3 |
| An Ísiltír | 3,410.4 | 3.6 | An tSín | 1,492.7 | 2.7 |
| An Eilvéis | 3,121.4 | 3.3 | An Iodáil | 1,091.6 | 2.0 |
| An tSeapáin | 2,642.4 | 2.8 | Tuaisceart Éireann | 1,035.7 | 1.9 |
| Tuaisceart Éireann | 1,696.7 | 1.8 | Singeapór | 1,024.7 | 1.9 |
| An tSualainn | 1,184.5 | 1.3 | An Téaváin | 998.1 | 1.8 |
| An Mhalaeisia | 766.5 | 0.8 | An Chóiré Theas | 902.2 | 1.6 |
| Singeapór | 741.7 | 0.8 | An Bheilg | 790.0 | 1.4 |
| An Astráil | 674.9 | 0.7 | An Fhionlainn | 737.0 | 1.3 |
| An Chóiré Theas | 643.2 | 0.7 | An Danmhairg | 689.1 | 1.2 |
| Hong Cong | 551.5 | 0.6 | An Spáinn | 676.0 | 1.2 |
| An tSín | 547.0 | 0.6 | An Mhalaeisia | 638.0 | 1.2 |
| An Danmhairg | 531.0 | 0.6 | An Iorua | 628.4 | 1.1 |
| An Iorua | 515.5 | 0.6 | An Eilvéis | 557.0 | 1.0 |

## PLEAN CEACHTA SAMPLACH 3:

## ATHRUITHE i nGRÉASÁIN IMIRCE NA hÉIREANN

**An cuspóir foghlama:**

Tuigfidh daltaí:

- gur tháinig athrú ar Éirinn ó easnamh imirce ón eisimirce a bheith aici go dtí barrachas den inimirce a bheith aici le roinnt de bhlianta anuas
- gurb í an chúis leis seo go páirteach ná fás láidir eacnamaíochta a chruthaíonn bearnaí sa mhargadh fostaíochta nach mór dóibh a líonadh trí inimirce
- go bhfuil cuid díobh ag filleadh ina nÉireannaigh a chuaigh ar eisimirce sna blianta roimhe
- go dtéann cuid mhór Éireannach ar eisimirce go fóill ar chúis amháin nó ar chúis eile
- go bhfuil méadú géar tagtha ar líon na n-inimirceach ar lorg tearmainn
- go bhfuil an rialtas (agus AE) ag scrúdú polasaí imirce leis na sruthanna seo a smachtú agus a rialú.

**Topaicí iarfhoghlama/réamhthaithí**:

Imirce – Teastas Sóisearach.

Tuairiscí na meán.

**Beidh na scileanna seo a leanas forbartha ag daltaí:**

Anailís staitistiúil.

Graif a léirléamh.

**Beidh ábhar nua tugtha isteach dóibh:**

An dóigh agus an fáth go bhfuil athrú tagtha ar thaithí imirce na hÉireann

Cá as a dtagann ár gcuid inimirceach.

Polasaí imirce na hÉireann.

Polasaí imirce an AE.

**Tógtha ó ráitis siollabais:**

Tá tionchar ag gluaiseachtaí daonraí ar thíortha bronntacha agus glactha. (Toghaonad 5.3)

**Céimeanna an cheachta agus modhanna le húsáid:**

Ransú smaointe a dhéanamh sa rang lena gcuid tuairimí ar shaincheisteanna imirce a fháil. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas bheith mar chuid den cheistiú:

- taithí eisimirce a dteaghlaigh féin
- a dtuairimí faoi inimircigh san fhórsa oibre; i.e. in óstáin, in otharlanna, i gcorparáidí ilnáisiúnta áitiúla
- a dtuairimí maidir le hinimircigh ar scoil agus sa phobal
- a dtuairimí fúthu siúd ar log tearmainn

Dul siar go hachomair ar thosca brú agus tarraingthe.

Déanfaidh an rang scrúdú ar na táblaí daonáirimh, ar ghraif agus ar thuairiscí imirce ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

Cad é mar a mhíneofaí na tréithe sna táblaí seo?

I ndiaidh dóibh staidéar a dhéanamh ar na figiúirí seo, an bhfuil gá ann sruth na n-imirceach a smachtú? Cad iad na polasaithe a bhféadfaimis glacadh leo?

**Úsáidfidh siad na hacmhainní seo a leanas:**

Staitisticí daonra.

Graif.

Tuairiscí.

**Iarrfar ar dhaltaí a gcuid tuisceana a léiriú trí:**

Thuairisc scríofa a chuireann síos agus a mhíníonn an chothromaíocht idir eisimirce agus inimirce le fiche bliain anuas.

Thaithí a dteaghlach féin nó a bpobal féin a chur i gcomparáid/i gcodarsnacht le taithí na n-inimirceach nua.

Chur síos a dhéanamh ar an tionchar a imríonn inimircigh ar an phobal áitiúil agus ar an dóigh a gcuireann siad leis an bpobal áitiúil.

Chur síos a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh tarluithe sa todhchaí tionchar a imirt ar ghréasáin imirce – athruithe sa gheilleagar, méadú an AE, cogaí eachtracha agus gorta – agus an dóigh a bhféadfadh polasaí imirce na hÉireann dul i ngleic leis na dúshláin seo.

## TEIMPLÉAD AN PHLEAN CEACHTA

**An cuspóir foghlama**:

**Topaicí iarfhoghlama/réamhthaithí:**

**Beidh na scileanna seo a leanas forbartha ag daltaí:**

**Beidh ábhar nua tugtha dóibh:**


**Tógtha ó ráitis siollabais:**

**Céimeanna an cheachta agus modhanna le húsáid:**

**Úsáidfidh siad na hacmhainní seo a leanas:**

**Iarrfar ar dhaltaí a gcuid tuisceana a léiriú trí:**

## ATHRUITHE AR PHATRÚIN IMIRCE NA hÉIREANN




**Figiúr 1** **Foinse – An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí**

## IOMLÁN CEADANNA OIBRE A EISÍODH 1999-2002

TOTAL WORK PERMITS ISSUED 1999-2002

| Year | New Permits | Renewals Permits | Group | Total |
|---|---|---|---|---|
| 1999 | 4,328 | 1,653 | 269 | 6,250 |
| 2000 | 15,434 | 2,271 | 301 | 18,006 |
| 2001 | 29,594 | 6,485 | 357 | 36,436 |
| 2002 | 23,326 | 16,562 | 433 | 40,321 |

**Figiúr 2** **Foinse – An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí**

## ANAILÍS AR CHEADANNA OIBRE DE RÉIR EARNÁLA: 1999-2002

| Sector | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 |
|---|---|---|---|---|
| Service | 3,010 | 6,538 | 14,018 | 15,068 |
| Catering | 694 | 3,907 | 9,129 | 10,306 |
| Agriculture/Fisheries | 449 | 2,963 | 5,714 | 6248 |
| Industry | 414 | 1,744 | 3,119 | 3094 |
| Medical and Nursing | 721 | 1,353 | 2,252 | 2883 |
| Entertainment | 452 | 650 | 1,021 | 874 |
| Domestic | 80 | 195 | 521 | 788 |
| Education | 304 | 364 | 480 | 610 |
| Sport | 60 | 118 | 121 | 153 |
| Exchange agreements | 60 | 72 | 61 | 297 |


Figure 3 Source – Department of Justice and Law Reform

**CEADANNA DE RÉIR NÁISIÚNTACHTA 2002 – AN 13 TÍR IS AIRDE**

| | |
|---|---|
| Lithuania | 3816 |
| Latvia | 3958 |
| Philippines | 3255 |
| Poland | 3142 |
| Romania | 2459 |
| South Africa | 2273 |
| Ukraine | 2092 |
| Australia | 1116 |
| Brazil | 1327 |
| China | 1236 |
| Czech Republic | 1138 |
| Malaysia | 1086 |
| Russia | 1238 |

Figure 4 Source – Department of Justice and Law Reform

**DAOINE AR LORG TEARMAINN IN ÉIRINN 1992-2002**




Figiúr 5. Is é an fáth go bhfuil leibhéal ard d'iarratais ó dhaoine ar lorg tearmainn go príomha ná iarratais ó náisiúnaithe ón Nigéir agus ón Rómáin (49.2% i 2002). Is iad na tíortha is mó foinse i 2002 ná an Nigéir (4,050 nó 34.8% de líon na n-iarratas i 2002) agus an Rómáin (1,677 nó 14.4% de líon na n-iarratas i 2002).

An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí

## PLEAN CEACHTA SAMPLACH 4:

## SUÍOMH IONAID SIOPADÓIREACHTA

### An cuspóir foghlama:

Tuigfidh daltaí

- na tosca a imríonn tionchar ar shuíomh príomhpháirceanna miondíola
- an tionchar a bhíonn ag na forbairtí seo ar an gceantar in aice láimhe agus ar mhiondíoltóireacht i lár na cathrach
- pleanáil ar mhaithe le dul chun cinn inbhuanaithe.

### Topaicí iarfhoghlama/réamhthaithí:

Leagan amach bailte agus cathracha.

Athruithe ar luachanna talaimh.

Brú tráchta (tá siad ar fad glactha ón Teastas Sóisearach).

### Beidh na scileanna seo a leanas forbartha ag daltaí:

Léirléamh grianghraf.

Léirléamh léarscáileanna.

Tuiscint téacs.

### Beidh ábhar nua tugtha isteach dóibh:

Prionsabail taobh thiar de chinntí pleanála

### Tógtha ó ráitis siollabais:

Athruithe maidir le húsáid talaimh agus le saincheisteanna pleanála (Toghaonad 5.5).

Fairsingiú cathracha (Toghaonad 5.5).

Fadhbanna uirbeacha maidir le gluaiseacht agus brú tráchta (Toghaonad 5.6).

Caighdeán na timpeallachta (Toghaonad 5.6).

### Céimeanna an cheachta agus modhanna le húsáid:

Tabharfar rogha shamplach an O.S. agus grianghraf aerga do dhaltaí de Pháirc Mhiondíola Liffey. Iarrfar orthu an lár a aimsiú ar léarscáil an O.S. ag Tagairt Eangaí O 073 347.

Iarrfar orthu cur síos a dhéanamh ar leagan amach an láir. Iarrfar orthu anailís a dhéanamh ar na tosca a bhí ina gcúiseanna d'fhorbairt an ionaid siopadóireachta. Beidh gá le léarscáileanna sceitse do dá thasc seo.

